

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla 2022

## Todhchaí a bhfuil Borradh fúithi á Cothú

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Ár gCuspóir

Tá sé mar chuspóir ag Bord Bia, bia, deoch agus gairneoireacht de scoth na hÉireann a thabhairt os comhair an domhain mhóir, agus ar an mbealach sin fás agus inbhuanaitheacht na dtáirgeoirí a chumasú.



# Ráiteas Straitéise

Is é atá mar fhís ag Bord Bia do thionscal bia agus dí na hÉireann ná fás inbhuanaithe difreáilte, mar a chuirtear in iúl i Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2022-2025:

Aithnítear i measc custaiméirí ar fud an domhain mhóir nach féidir sárú bia agus deoch na hÉireann a fháil: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó ionad oileánda uathúil agus ámharach.

Leagann táirgeoirí bia na hÉireann amach caighdeán domhanda sa táirgeadh inbhuanaithe, ag comhlíonadh na freagrachta atá orainn go léir don phláinéad, don tsochaí agus do na glúnta atá le teacht.

Tá gach ní againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh deis níos fearr riamh ann d’earnálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chun dea-shampla a thabhairt don domhan.

## Tá cúig rhatnaíd straitéiseacha ag Bord Bia don tréimhse 2022-2025

1. Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais
2. Bealaí níos fearr a fhorbairt do chliaint agus do chustaiméirí le nascadh agus le comhpháirtíochtaí a bhunú
3. Tallann an tionscail a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi inniúlacht na gcliant
4. Tacú le nuálaíocht faoi réir tuisceana agus forbairt branda
5. Tacú leis an eagraíocht agus leis na páirtithe leasmhara agus cur ar a gcumas an straitéis a chur i bhfeidhm



## Cur i láthair don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara:

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur faoi bhráid an Aire don 12 mhí dar chríoch 31 Nollaig 2022.

**Dan MacSweeney, Cathaoirleach**



# Clár

## Gnó


Figiúirí Onnmhairí 6
Ráiteas an Chathaoirligh 12
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 18
Feoil agus Beostoc 26
Déiríocht 36
Bia agus Deochanna 38
Gairneoireacht 46
Gnólachtaí Beaga agus Orgánacha 52
Origin Green 56
Léargas agus Pleanáil Straitéiseach 66
Margaíocht agus Cumarsáid 72
Airgeadas Margaíochta 80
Oifigí Idirnáisiúnta 81



## Rialachas


Ráiteas maidir le Rialachas 82
Struchtúr Eagraíochtúil 92
Struchtúr Foirne 94
Bord Bhord Bia 96
Bord Bia: Bord Bianna Tomhaltóra 97
Bord Bia: Bord Beostoic agus Feola 98
Bord Bia: Bord Déiríochta 99
Bord Bia: Bord Dearbhaithe Cáilíochta 100
Bord Bia: Bord Gairneoireachta 101


## Cuntais


Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 102
Ráiteas ar Rialú Inmheánach 104
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 107
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach 108
Ráiteas ar an Staid Airgeadais 109
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 110
Nótaí atá mar Chuid de na Ráitis Airgeadais 111
Íocaíochtaí Deontais maidir le Cúnamh Margaíochta 124

# Onnmhairithe Bia, Dí agus Gairneoireachta na hÉireann(€bn)




Foinse: https://www.bordbiaperformanceandprospects.com/

Tháinig méadú 21% ar luach bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann sa bhliain 2022 agus b'ionann é sin agus €16.7 billiún, an méadú is mó riamh. Is ionann é seo agus beagnach €45 milliún in onnmhairithe do chustaiméirí i níos mó ná 180 tír ar fud an domhain gach aon lá.


Mar sin féin, taobh thiar den fhás seo bhí ar ghnólachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann feidhmiú i dtimpeallacht trádála a bhí thar a bheith deacair ar feadh na bliana 2022. Ba mar gheall ar an gcoimhlint atá ag leanúint ar aghaidh san Úcráin, cuid de seo, a raibh costais fuinnimh ag dul i méid mar thoradh air agus ardú ar bhrúnna boilscithe. Bhí luach onnmhairithe bia agus dí na hÉireann 26% níos airde ná leibhéil roimh an bpaindéim sa bhliain 2019. Tá earnáil na déiríochta, arbh fhiú níos mó ná €6.9 billiún í sa bhliain 2022, fós ar an earnáil is mó laistigh d'onnmhairithe bia agus dí na hÉireann, le feoil agus beostoc ina dhiaidh sin, a chruthaigh os cionn €4.2 billiún i ndíolachán onnmhairithe agus bianna réamhullmhaithe don tomhaltóir, arbh fhiú €3 billiún iad.

## Ceann Scríbe Onnmhairithe

**liain 2022, onnmhairíodh 32% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta lasmuigh den AE agus den Ríocht Aontaithe, agus chuaigh 36% chuig an AE agus 32% chun na Ríochta Aontaithe.**

Bhí an AE ar an gceann scríbe aonair réigiúnach ba mhó ó thaobh bia, dí agus gairneoireacht na hÉireann. Tháinig méadú de thart ar 30% go dtí thart ar €6 billiún ar luach onnmhairí chuig an AE sa bhliain 2022. Bhain onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe €5.4 billiún amach, arbh ionann é agus beagnach €800 milliún i gcomparáid leis an 12 mí roimhe sin. Lean margadh Stát Aontaithe Mheiriceá ag teacht chuige féin go láidir, le méadú níos mó ná 30% go €1.7 billiún, faoi threallús ag díolacháin láidre uisce beatha agus licéir. Tháinig méadú 20% ar luach onnmhairí chun na hAfraice go dtí níos mó ná €1.1 billiún sa bhliain 2022. Tháinig méadú 6% ar onnmhairí chun na hÁise agus chuir an tSeapáin, na hOileáin Filipíneacha agus an Chóiré Theas le fás sa réigiún seo. Tháinig laghdú beagnach 7% ar thrádáil chun na Síne i gcomparáid leis an mbliain 2021.


### Destination of Irish Food, Drink and Horticulture Exports in 2022




Source: https://www.bordbiaperformanceandprospects.com/

| Category | FY 2020 | FY 2021 | FY 2022 | % change YOY | % change 2022 v 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dairy** | **5,099,384,673** | **5,167,217,625** | **6,876,271,527** | **33%** | **35%** |
| **Meat and Livestock** | **3,416,389,073** | **3,552,411,323** | **4,157,017,570** | **17%** | **22%** |
| Beef incl offals | 2,127,620,231 | 2,268,655,927 | 2,760,442,865 | 22% | 30% |
| Pigmeat | 560,671,205 | 530,936,507 | 540,862,041 | 2% | -4% |
| Sheep | 363,628,804 | 408,502,412 | 464,097,555 | 14% | 28% |
| Poultry | 150,976,873 | 125,738,136 | 156,393,364 | 24% | 4% |
| Live Animals | 201,538,410 | 215,000,000 | 230,000,000 | 7% | 14% |
| Other meat | 11,953,550 | 3,578,341 | 5,221,745 | 46% | -56% |
| **PCF** | **2,460,337,287** | **2,613,477,400** | **3,004,512,868** | **15%** | **22%** |
| **Drinks** | **1,364,996,561** | **1,650,737,755** | **1,910,994,876** | **16%** | **40%** |
| **Seafood** | **458,073,580** | **509,881,335** | **513,654,547** | **1%** | **12%** |
| **Horticulture and Cereals** | **229,005,233** | **291,021,048** | **247,023,935** | **-15%** | **8%** |
| **Total** | **13,028,186,407** | **13,784,746,486** | **16,709,475,323** | **21%** | **28%** |

Source: https://www.bordbiaperformanceandprospects.com/



## Anailís Earnála

### Déiríocht

**D'fheidhmigh onnmhairí déiríochta na hÉireann go maith sa bhliain 2022, tráth ar sháraigh luach onnmhairí €6.9 billiún ar fud 140 margadh.**

Bhí an meascán de bhrabús láidir sna margaí sna príomhchatagóirí ime, cáise, agus púdair, chomh maith leis na margaidh éagsúlaithe mar bhonn taca le feidhmíocht fhoriomlán onnmhairí. Baineadh an fás seo amach trí phraghsanna aonaid a bhí níos láidre in ainneoin an laghdaithe de 1% a tháinig ar mhéideanna foriomlána onnmhairí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Rinne éileamh láidir ar dhéiríocht i Meiriceá Thuaidh agus san Afraic maolú ar an laghdú ar onnmhairí táirgí speisialaithe le haghaidh cothú naíonáin chun na hÁise.

Sháraigh onnmhairí ime agus cáise araon €1bn don dara bliain as a chéile. Tá an AE, an Ríocht Aontaithe agus Meiriceá Thuaidh ar na príomhmhargaí i gcónaí d'im na hÉireann agus is ionann iad agus 95% d'onnmhairí. Is mar thoradh ar ghnáthphatrúin trádála a bheith ag tosaigh arís sa bhliain 2022, an méadú ar onnmhairí chun na Ríochta Aontaithe, le sciar na Ríochta Aontaithe d'onnmhairí ime na hÉireann i dtéarmaí luacha ag téarnamh go dtí thart ar 18% sa bhliain 2022, i gcomparáid le 12% sa bhliain 2021. Ó thaobh cáise de, chuaigh os cionn €230m in onnmhairí breise chuig an AE, ardú de bheagnach 10% ar mhéid.

Tháinig méadú €210m sa 2022 ar onnmhairí cáiséine go luach de thart ar €685m, suas 44% ar an mbliain 2021. Rinne táirgeadh domhanda a bhí laghdaithe cothabháil ar phraghsanna a bhí i bhfad níos mó ná €10,000/tonna sa bhliain 2022. Cé go raibh fás le feiceáil ar fud na margaí traidisiúnta go léir, is ionann an AE (an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Spáinn) agus Meiriceá Thuaidh (na Stáit Aontaithe agus Meicsiceo) agus os cionn dhá thrian d'onnmhairí iomlána an táirge seo.

Tháinig méadú os cionn €100m sa bhliain 2022 ar onnmhairí púdar speisialaithe cothaitheach go dtí luach de thart ar €760m, suas 15% ar fhigiúirí na bliana 2021. Chuir dúshláin táirgeachta sna Stáit Aontaithe borradh faoi éileamh allmhairí ansin agus ar fud an domhain. Ní dóigh go mbeidh an t-éileamh seo mar a chéile sa bhliain 2023.

## Feoil agus Beostoc

**Tháinig ardú 17% go €4.2 billiún sa bhliain 2022 ar luach iomlán onnmhairí feola agus beostoic, feidhmíocht láidir nuair a thógtar dúshláin na bliana san áireamh.**

Tháinig ardú 22% go €2.6 billiún ó thaobh luacha ar onnmhairí mairteola den scoth. Is mar chúis le patrúin onnmhairí eagraithe sa bhliain 2022 go pointe áirithe na méideanna onnmhairí atá beagán níos airde. A mhalairt a bhí i gceist le trádáil chun na Ríochta Aontaithe a bhí as a riocht de bheagán ag tús na bliana roimhe sin mar gheall ar an mbagairt ó Bhreatimeacht gan ord gan eagar ach bhí cúrsaí níos dearfaí ina dhiaidh sin.

Sa chéad leath den bhliain, bhain earnáil mairteola na hÉireann buntáiste as éileamh láidir leanúnach ó mhargaí na Ríochta Aontaithe agus an AE. Bhí praghsanna na ngearrthóg den scoth go léir láidir. Chomh maith le mairteoil den scoth, rinneadh taifeadadh san earnáil ar onnmhairí miodamas mairteola arbh fhiú €134 milliún iad, chomh maith leis táirgí mairteola breisluacha (mar a léiríodh faoin PCF) ag €228 milliún ar an iomlán.

Tháinig ardú 2% go €541 milliún ar phríomh-onnmhairí muiceola, de réir mar a chabhraigh praghsanna a bhí níos airde le fritháireamh a dhéanamh ar mhéideanna onnmhairí a bhí laghdaithe i rith na bliana. Laghdaigh méideanna onnmhairí 1% go 237,000 tonna. Bhí tionchar diúltach ag téarnamh tháirgeadh baile na Síne ar onnmhairí muiceola na hÉireann le linn na bliana 2022, agus tháinig titim 35% go €123 milliún ar luach lastais muiceola na hÉireann chun na Síne. Mar sin féin, rinneadh an laghdú seo a fhritháireamh den chuid is mó trí fhás níos láidre i margaí idirnáisiúnta eile ar nós na hAstráile, na nOileán Filipíneach agus na Cóiré Theas, áit ar chuir leibhéil níos ísle aschuir baile borradh faoin éileamh ar onnmhairí.

B’ionann lastais mhuiceola na hÉireann chun na hÁise agus 40% den luach iomlán onnmhairí, ag €233 milliún. In ainneoin an laghdaithe sa trádáil leis an tSín, tá an margadh seo mar an ceann scríbe is mó d’onnmhairí muiceola na hÉireann.

Tháinig ardú 14% go €464m ar luach onnmhairí caoireola agus tháinig ardú 10% go 75,000 tonna ar na méideanna a onnmhairíodh.

Chuir soláthairtí domhanda caoireola a bhí teann mar aon le héileamh tomhaltóra a bhí seasmhach le praghsanna láidre sa chéad leath den bhliain 2022, in ainneoin an ardaithe ar tháirgeadh baile caoireola. Bhí tionchar diúltach, sa dara leath den bhliain, ag costais arda a bhain le táirgeadh agus ag na coinníollacha deacra a bhain le fás féir ar fheidhmíocht uaineola, agus, ar deireadh, ar fháil a bheith ar uain lena bpróiseáil. Tharla an soláthar íseal táirgí lena n-onnmhairí ag an am céanna leis an maolú ar an éileamh a bhí ar uaineoil i roinnt príomhmhargaí onnmhairí mar gheall ar bhrúnna boilscithe ar chumhacht chaithimh tomhaltóra.

Tháinig ardú 24% i dtéarmaí luacha go €156m le linn na bliana 2022 ar onnmhairí éineola na hÉireann. Léirigh an tionscal éineola domhanda comharthaí téarnaimh sa bhliain 2022 cé go raibh tionchar suntasach ag fliú na n-éan (AI) ar an earnáil.

Bhí tionchar ag boilsciú a bhí ag ardú ar fud an AE ar thomhaltóirí ó thaobh athrú chuig éineoil a bhí ar phraghas iomaíoch sa chuid deiridh den bhliain.

Leanann trádáil in onnmhairí beo le margadh malartach a chur ar fáil don earnáil beostoic in Éirinn, agus b’ionann luach onnmhairí sa bhliain 2022 agus €230m.

Is ionann é seo agus ardú 8% ar an mbliain 2021. Is ionann onnmhairí eallaigh agus formhór na trádála in onnmhairí beo agus onnmhairíodh 285,000 eallach le linn na bliana ar luach €170m.

B’ionann an t-ardú in onnmhairí laonna sa bhliain 2022 agus filleadh ar ghnáthleibhéil trádála tar éis tionchar diúltach srianta COVID-19 agus an aimsir a bheith ag cur isteach ar chúrsa sna blianta roimhe sin.

Bhí an Ísiltír ar an bpríomhmhargadh sa bhliain 2022 agus onnmhairíodh 95,000 lao chuig an réigiún sin, arbh ionann é agus níos mó ná leath den iomlán a onnmhairíodh. Ba mhargadh tábhachtach a bhí sa Spáinn freisin do laonna ó thréada déiríochta agus mairteola araon agus onnmhairíodh 55,000 lao.

**44%**
**d’ardú ar luach onnmhairí Déiríochta**

**17%**
**Méadú ar luach na n-easpórtálacha feola, agus beostoic**

## Bianna Ullmhaithe do Thomhaltóirí (PCF)

**Tháinig ardú 15% ó thaobh luacha go €3 billiún sa bhliain 2022 ar onnmhairí PCF, lena n-áirítear, béilí réitithe, píotsaí, anraithí agus earraí bácáilte. D'imir boilsciú ról suntasach san ardú luacha seo. Tá an chatagóir seo, a chuimsíonn raon leathan táirgí atá réamhullmhaithe don tomhaltóir, ag brath go mór ar an Ríocht Aontaithe, agus téann beagnach dhá thrian d'onnmhairí chuig an margadh seo.**

Cuireadh tús dearfach leis an mbliain 2022 de réir mar a tháinig an geilleagar chuici féin tar éis dhianghlasáil COVID-19 agus léirigh táscairí tosaigh éileamh seasta i margaí tosaíochta na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. Bhí an chuma ar bhonn soláthair PCF na hÉireann go raibh an cumas ann leis na bearnaí i soláthairtí na Ríochta Aontaithe a líonadh. Mar sin féin, bhí dúshláin á mbrath san earnáil freisin i dtéarmaí costais arda ionchuir, ganntanas saothair agus deacrachtaí lóistíochta.

Tá feolta breisluacha ar an táirge onnmhairithe is mó sa chatagóir seo, tháinig ardú 16% go €837 milliún ar an táirge seo, agus is éileamh ó bhialanna mear-sheirbhíse (QSR) agus táirgeadh bia saoráideach atá taobh thiar de sin.

## Deochanna

**Tháinig ardú 16% go €1.9 billiún sa bhliain 2022 ar luach onnmhairí deochanna agus seasann onnmhairí anois ag 20% os cionn leibhéil na bliana 2019.**

This performance was driven by strong growth in the value of exports of Irish whiskey, up 19% and Irish cream liqueur, up 3%. Irish whiskey remains a key driver of growth with exports valued at €1 billion. Predominantly, Irish whiskey sits in the premium price category in most export markets and has benefitted from premiumisation trends globally.

The recovery of Irish beer exports, up 26%, and the emergence of the Ready To Drink category (RTDs) in Ireland supplemented this growth. The North American market continues to be the most important market for this sector, accounting for almost half of the exports from this sector in value terms.

## Bia Mara

**Tháinig ardú go €514 milliún sa bhliain 2022, ar onnmhairí bia mara, suas €4 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2021. B'ionann é sin agus feidhmiú láidir na hearnála nuair a thógtar san áireamh an méid dúshlán a bhí i gceist, bíodh is go raibh treochtaí éagsúla le feiceáil ar fud speiceas.**

TBhí laghdú 17% ar na méideanna iomlán a onnmhairíodh, rud a léiríonn an riocht dúshlánach atá i ndán d'onnmhaireoirí bia mara na hÉireann ó thaobh soláthar a aimsiú. Bhí tionchar ag cuótaí níos ísle ón gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA), ar roinnt príomhspeiceas. Chomh maith leis sin, bhí an scéim scoir shealadach, níos lú laethanta ar farraige mar gheall ar choinníollacha aimsire, costais níos airde díosal mara, fuinneamh agus saothar agus fáil a bheith ar shaothar ar fad ina ndúshláin do na hiascairí agus don lucht próiseála a chiallaigh méideanna níos ísle. Bhí bliain dheacair i ndán don earnáil pheiligeach le ciorruithe ar an gcuóta ronnach a chiallaigh go raibh sé níos dúshlánaí soláthairtí leordhóthanacha amhábhar a aimsiú. Is ionann an chatagóir seo agus níos mó ná 70% d'onnmhairí iomlána bia mara i dtéarmaí méide.

Chiallaigh fáil a bheith ar mhéideanna níos ísle ronnach agus bolmáin go hidirnáisiúnta éileamh níos láidre agus iomaíocht níos géire ó thaobh amhábhar gur tháinig ardú beagnach 30% ar phraghsanna.

Tháinig fás 8% ar luach onnmhairí sliogéisc, an dara catagóir is mó i dtéarmaí luacha, rud a chiallaigh gur bhain siad €183m amach le linn na bliana 2022 i gcoinne cúlra ina raibh ísliú 2% ag teacht ar mhéideanna. Léiríonn sé seo ardú 38% ó thaobh luachanna onnmhairí sliogéisc ón mbliain 2020 agus léiríonn an láidreacht a bhaineann leis an éileamh atá ar bhia mara na hÉireann.

D'fhan luachanna onnmhairí iasc geal cothrom ag €46m, agus tháinig titim 18% go 10,700 tonna ar mhéideanna. Léiríonn sé seo ciorruithe cuóta, an scéim ceangailte shealadach, costais níos airde agus drochaimsir, agus tionchar acu sin go léir ar oibríochtaí iascaireachta ar feadh na bliana. Tháinig sé rite le lucht próiseála dul in iomaíocht ó thaobh soláthairtí agus bhí deacracht acu foirne a choinneáil freisin.

**15%**

**d'ardú ar luach onnmhairí PCF**

**16%**

**d'ardú ar luach onnmhairí deochanna**

## Gairneoireacht agus Gránaigh

**Tháinig ísliú 15% go €247 milliún sa bhliain 2022 ar luach onnmhairí gairneoireachta agus gránaigh na hÉireann. Is iad na príomhtháirgí onnmhairithe laistigh den earnáil seo, muisiriúin, gránaigh príomhúla agus gairneoireacht conláiste.**

Bhí dúshláin roimh earnáil muisiriún na hÉireann ina príomh-mhargadh, an Ríocht Aontaithe, i dtéarmaí ardú a bheith ar chostais, luaineachtaí airgeadra i dtreo dheireadh na bliana agus díolacháin mhiondíola níos ísle de réir mar a cuireadh deireadh le srianta Covid-19. Tá an chatagóir seo ag brath go hiomlán beagnach ar an Ríocht Aontaithe mar mhargadh cinn scríbe. Chuaigh thart ar 90% d'onnmhairí gairneoireachta chuig an Ríocht Aontaithe in 2022, an céatadán céanna leis an mbliain roimhe sin.




# Ráiteas an Chathaoirligh

## Réamhrá

Cé gur léiriú ar sholáthar agus ar éileamh atá i rathúlacht bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar an ardán idirnáisiúnta, is minic go mbíonn dinimic atá níos casta i gceist freisin.

Is annamh a bhí an cás chomh soiléir is a bhí sé sa bhliain 2022, bliain inar baineadh amach fás luacha thar na bearta ach bliain freisin lenar bhain údar imní agus aireachais do go leor daoine sa tionscal. Bhíothas ag súil le fás láidir i dtús na bliana agus soláthróirí ag faire ar dheiseanna a bhí ar fáil agus deireadh ag teacht le srianta na paindéime agus go mbeadh cúrsaí mar a bhí roimhe seo sa tseirbhís bhia.



**Mar sin féin, ba é an cogadh san Úcráin a bhí mar údar cainte ar feadh na bliana agus cúrsaí polaitíochta domhanda curtha bunoscionn agus ardú as cuimse ar chostais fuinnimh agus ionchuir. Bhí tionchar mór ag an timpeallacht boilscitheach seo ar an uile dhuine againn agus ar an earnáil bia, dí agus gairneoireachta ar bhealaí éagsúla agus bealaí a bhí dothuartha uaireanta. Ní hamháin gur foinse thábhachtach chumhachta, mar shampla, atá sa ghás nádúrtha don tionscal ina cheart féin, ach tá sé lárnach freisin ó thaobh táirgeadh leasacháin, a chiallaíonn go mbíonn tionchar ag arduithe i gcostais fuinnimh ar gach gné den slabhra soláthair.**

Ní hamháin gur chuir an cás dúshlán i láthair go díreach d'iomaíochas, bhí tionchar cumhachtach aige freisin ar mheon na dtomhaltóirí agus ar chaiteachas lánroghnach. Cuireann saincheisteanna an tslabhra soláthair, oidhreacht bhlianta na paindéime agus dúshláin leanúnacha an Bhreatimeachta leis an mbrú ar tháirgeoirí. Sa timpeallacht seo nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, ní mór féachaint ar fheidhmíocht thar na bearta sa tionscal bia, dí agus gairneoireachta, tráth ar bhain onnmhairí amach ardú de 22% nó €3bn go €16.7bn, mar ardmholadh maidir lena láidreachtaí agus lena ghastacht bhuan ar an margadh chomh maith le féachaint air mar dhea- chomhartha don todhchaí inbhuanaithe atá á shamhlú againn don earnáil. Is léiriú atá i bhfeidhmíocht thar na bearta sa bhliain 2022 freisin ar ár gclúdach domhanda atá níos láidre mar go bhfuil síneadh curtha ag éagsúlú le lorg ár dtionscal agus chabhraigh sé seo le harduithe a bhaint amach ar phraghais aonaid a bhí mar bhonn lena chuid inmharthanachta.

## Fás ar Mhéid agus ar Phraghas

Bhí praghsáil aonaid a bhí feabhsaithe lárnach ó thaobh fás suntasach luacha a bhí le tabhairt faoi deara le linn na bliana agus bhí sé seo mar chuid den fheiniméan domhanda de réir mar a tháinig fás 43% os cionn fhigiúr na bliana 2019 ar phraghasinnéacs bia an FAO.

Tháinig ardú ar phraghsanna aonaid d'onnmhaireoirí Éireannacha go meán de 18.5% ar fud gach earnála agus margaidh.

Cé nach bhfacthas a leithéid seo cheana le tamall anuas, is ceist oscailte i gcónaí cibé an bhfuil sarduithe praghais aonaid den sórt sin leordhótsé leordhóthanach chun dul i ngleic leis na dúshláin go léir a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta atá luaineach.
rchéime maidir leis an gcostas maireachtála agus treo brúnna boilscitheacha ina bhfuil gnólachtaí bia agus dí leochaileach ina leith.

Ní arduithe praghas aonaid amháin a bhí i gceist anseo sa bhliain 2022. Chuir fás láidir i méideanna onnmhairí le feidhmíocht freisin, a léirigh éileamh dearfach ó chustaiméirí agus deiseanna i margaí nua araon a bhí ag méadú. Bhí an treocht seo soiléir go háirithe san earnáil dhá philéar inár dtionscal, mairteoil agus déiríocht, nuair a tháinig ardú 9% agus 5% faoi seach ar mhéideanna onnmhairí. Ó thaobh earnáil na déiríochta, lean an fás sa bhliain 2022 mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe sin, ach a bhí eisceachtúil sa chomhthéacs seo fiú, mar gur bhain fás bliain ar bhliain onnmhairí déiríochta 33% agus €6.8bn amach de réir luacha.

Ba dhíol suntais earnáil na mairteola freisin le fás 15% ar onnmhairí. Bhí dea-scéal i dtéarmaí téarnaimh luacha ar fud thionscal na feola mar gur bhain gach speiceas praghais aonaid níos airde amach do sholáthróirí. Bhí an scéal céanna ann maidir le fás tréan i mbianna ullmhaithe do thomhaltóirí, ardú 17% go €3bn, agus ardú 33% go €2bn ar dheochanna. Seo catagóirí a bhain buntáiste láidir as an téarnamh sa tionscal fáilteachais.

Ó thaobh na gairneoireachta de, bliain shuntasach a bhí inti freisin, mar gur bhain luachanna onnmhairí €300m amach den chéad uair. Chuir praghsanna aonaid borradh faoi onnmhairí bia mara ar scála beag, 3% go €530m, agus an earnáil ag streachailt le saincheisteanna maidir le gabháil pheiligeach.

Trí chlúdach geografach onnmhaireoirí atá ag neartú, b'ionann onnmhairí iomlána do thíortha an AE agus do thíortha idirnáisiúnta agus 34%, ghlac an Ríocht Aontaithe 32% isteach agus bhí an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ísiltír ar na margaí is tábhachtaí atá ag an tír seo ar mhór-roinn na hEorpa, áit ar tháinig ardú iomlán 29% ar onnmhairí a bhain €5.7bn amach. Bhí éagsúlú taobh thiar den ardú bliain ar bhliain sna margaí idirnáisiúnta, a chuir borradh faoi luachanna le €5.6bn a bhaint amach. Chuir na hOileáin Fhilipíneacha, an India, an Mhalaeisia agus an tSeapáin na deiseanna ba láidre san Áise ar fáil le linn na bliana. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an bpríomhcheann scríbe d'Uisce Beatha na hÉireann, le hardú 30% ar éileamh sa bhliain 2022. Bhain onnmhaireoirí na hÉireann feidhmíocht thar na bearta amach sa Ríocht Aontaithe freisin, in ainneoin laige an steirling, d'ardaigh luachanna onnmhairí agus bhain 20% amach le linn na bliana arbh fhiú €5.4bn iad.

## Athnuachan Straitéiseach

**Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), Fís don Bhia 2030, straitéis 10 mbliain d'earnáil agraibhia na hÉireann ina leagtar amach an fhís agus an bealach ina mbeidh ar chumas na hÉireann a bheith mar cheannaire domhanda ó thaobh córais bia inbhuanaithe sna deich mbliana atá romhainn.**

Sa bhliain 2022 cuireadh Ráiteas Straitéise Bhord Bia, Todhchaí faoi Bhláth a Chothú, i bhfeidhm, tá an straitéis seo leagtha amach chun feidhmiú thar dhá amlíne chomhlántacha: timthriall pleanála 10 mbliana, atá ag teacht le Fís don Bhia 2030, a chinntíonn go gcuirtear na hacmhainní agus an fócas straitéiseach atá riachtanach ar fáil do na gníomhartha atá sannta do Bhord Bia i ndoiciméad an DAFM.

Plean trí bliana do na blianta 2022 go 2025, atá deartha chun bheith ar aon dul le gníomhaíochtaí go léir Bhord Bia thart ar chúig thosaíocht straitéiseacha nó 'ní mór dúinn: 'we must dos':

Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais.

- Bealaí níos fearr a aimsiú ionas gur féidir lenár gcliant agus lenár gcustaiméirí nascadh le chéile agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt.
- Tallann an tionscail a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi inniúlacht na gcliant.
- Tacú le nuálaíocht a bheidh faoi stiúir tuisceana agus forbairt branda.
- Tacú leis an eagraíocht agus leis na páirtithe leasmhara agus cur ar a gcumas an straitéis a chur i bhfeidhm.

Ní raibh seasamh na hÉireann mar tháirgeoir agus mar sholáthróir bia inbhuanaithe den scoth chomh tábhachtach riamh agus ní raibh sé chomh lárnach riamh ó thaobh ár n-inniúlachta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bliana, i gcoinne dúshláin dhomhanda agus an cur isteach ar an margadh a bhí chomh feiceálach sa bhliain 2022. Ní fhéadfadh sé go bhfágfadh sé seo duine ar bith in amhras maidir le luach na hinfheistíochta leanúnaí sna láidreachtaí ó thaobh an cháil atá orainn agus ár ndintiúir inbhuanaitheachta. Tá sé mar aidhm le Todhchaí faoi Bhláth a Chothú an méid is fearr is féidir a chur le luach tairisceana uathúil ár dtionscal agus tacú le fás ar bhealach a théann chun leasa don uile dhuine sa slabhra soláthair, ó tháirgeoirí príomhúla go dtí lucht próiseála agus an bealach ar fad go dtí an tomhaltóir. Tá sé leagtha amach ina thuarascáil ag Príomhfheidhmeannach Bhord Bia an bealach ina bhfuil na huaillmhianta seo ar aon dul le gníomhartha san eagraíocht agus cuirtear na mionsonraí iomlána ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2022 ar ghníomhaíochtaí go léir Bhord Bia le linn na bliana.

## Gníomh a bhfuil Fáilte roimhe

Fáiltím, go háirithe, le linn dom a bheith ag smaoineamh ar an gcion atá curtha ag Bord Bia le rathúlacht na bliana, roimh thiomantas na heagraíochta i leith faisnéis mhargaidh, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus éagsúlaithe a thacaigh leis an tionscal leis na praghsanna is fearr a bhaint amach dá chuid táirgí. Ní raibh riachtanais fhadtéarmacha an tionscail thíos leis mar gheall ar an bhfócas seo, agus fáiltím freisin roimh níos mó aird a dhíriú ar rannpháirtíocht comhalta sa chlár Origin Green.

Bhain tábhacht leis sin, go háirithe ó thaobh aitheantas a thabhairt don ról sainiúil agus do na dúshláin a bhfuil an pobail feirmeoireachta ag tabhairt aghaidh orthu i gcroílár táirgeadh bia agus na tacaíochtaí atá riachtanach chun cuidiú leo freastal ar spriocanna diana na tíre thart ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa. Fáiltím freisin roimh fheabhas a bheith tagtha ar an gcaidreamh le Teagasc agus le Fiontraíocht Éireann araon. Beidh an deis le forbairtí a dhéanamh ar eolaíocht an bhia, gan amhras, mar bhonn do ghníomhaíocht tráchtála nua agus mar shruthanna ioncaim tábhachtacha amach anseo.

Is díol suntais forbairt an chláir um chothú inbhuanaithe agus an cion breise tráthúil atá á chur aige lenár gclár straitéiseach. Beidh ról á imirt aige ó thaobh tuiscint tomhaltóra a fhorbairt i ndáil le luach cothaitheach bia agus dí a bhíonn á chaitheamh againn agus an bealach nach mór é seo a mheas laistigh den chothromóid inbhuanaitheachta. Agus, ar ndóigh, is mór an t-údar dóchais Bloom a bheith ar ais mar imeacht bheo sa bhliain 2022. Is léiriú atá sa díograis ar fháiltigh muintir na tíre seo roimhe arís eile ar chruthaitheacht agus ar bharr fheabhais an eagrúcháin laistigh de Bhord Bia agus dár n-earnáil gairneoireachta chomh maith le saibhreas táirgeoirí bia agus deoch ceirde.

## Dúshláin dhomhanda agus náisiúnta

Cuimhneofar ar an mbliain 2022 mar an bhliain ar fhill bagairt cogaidh ar Mhór-Roinn na hEorpa. Cé gur cúis uafáis a bhí in ionradh na Rúise ar an Úcráin, ní mór dúinn aitheantas a thabhairt do mhisneach agus do theacht aniar mhuintir na hÚcráine. Is meabhrú atá sna heachtraí atá ag tarlú ansin agus an méid a bhain leis an mbliain ó thaobh an gheilleagair domhanda de, gur féidir linn féachaint ar na dúshláin a bhí i ndán don tír seo mar údar imní gearrthéarmach.

Cibé cé chomh dian agus a bhí a dtionchar, tá an t-ádh orainn go bhfuil na hacmhainní, an réiteach agus an chomhthoil shóisialta agus pholaitíochta againn chun aghaidh a thabhairt orthu. Go deimhin, cé gur tháinig an bhliain chun críche agus beagán dóchais ann ó thaobh réiteach a fháil ar an gcoimhlint, bhí comharthaí soiléire ann go raibh smacht á fháil ar chostas fuinnimh a bhí mar phríomhthiománaí boilscithe le linn na bliana.

Bhain neamhchinnteacht le Prótacal Thuaisceart Éireann ar feadh na bliana, agus bhí an chuma air sa bhliain 2023 go bhféadfaí réiteach polaitiúil a fháil. Mar sin féin, chuaigh sé chun leasa dár n-onnmhaireoirí gur cuireadh feidhmiú iomlán rialuithe custaim na Ríochta Aontaithe siar arís agus nach dóigh go gcuirfear i bhfeidhm iad anois roimh an mbliain 2024.

Ó thaobh na saincheiste maidir le hathrú aeráide, is féidir linn a bheith cinnte, cé nach bhfuil aon réiteach gearrthéarmacha éasca ann, go bhfuil méadú ag teacht ar an bhfeasacht go mbeidh athrú iompair iomlán na sochaí i gceist le tréimhse dhúshlánach maidir le hathrú i dtéarmaí an chaoi a dtagaimid ar fhuinneamh agus ar an bealach ina mbainimid úsáid as fuinneamh.

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Rialtas don tionscal agraibhia, go ginearálta, agus don phobal feirmeoireachta, go háirithe, maidir le hastaíochtaí a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht uisce agus meath na bithéagsúlachta a iompú droim ar ais. Tá Bord Bia tiomanta a gcion a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo ó thaobh tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí agus do lucht próiseála ar an aistear seo. Le 10 mbliana anuas, de réir mar atá inbhuanaitheacht ag baint cáil amach, tá buntáiste iomaíoch inchreidte curtha ar fáil ag Origin Green dár dtionscal.

Sa bhliain 2022, thug Origin Green faoi chéim nua forbartha, a bhí athraithe ionas gur féidir leo leanúint le buntáiste a thabhairt chuig an tionscal, le fócas agus na bpáirtithe leasmhara.

**Bhí sé d'onóir agam freastal a dhéanamh ar Bhord Bia agus ar thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann níos leithne, le linn na bliana seo, bliain a bhí thar a bheith dúshlánach agus go leor ag tarlú. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe ar an mBord agus leis na comhaltaí ar na cúig fho-bhord as an tacaíocht leanúnach atá á tabhairt acu don tionscal agus do na hearnálacha a bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht orthu.**

Tá an saineolas agus an tuiscint acu ar a gcuid ról i dteannta a chéile eisceachtúil agus táim thar a bheith buíoch as sin. Tugaim ar aird, go háirithe, an cion atá curtha acu go léir leis an ráiteas straitéise nua a stiúradh agus a chur i bhfeidhm, is é sin Todhchaí faoi Bhláth a Chothú. Tá na huaillmhianta atá leagtha amach ag an Rialtas don tionscal bia, dí agus gairneoireachta chun freastal ar spriocanna astaíochtaí ceangailteacha léirithe sa straitéis nua agus táim ag tnúth dul i mbun comhoibrithe i dtréimhse a mbeidh tábhacht stairiúil ag gabháil leis an tionscal.

Is bliain a bhí inti lenar bhain athrú i stiúradh Bhord Bia freisin. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an bPríomhfheidhmeannach, Tara McCarthy, atá ag fágáil na heagraíochta, as an gcion a chuir sí leis an eagraíocht ar feadh a tréimhse mar Phríomhfheidhmeannach agus ar oibrigh mé go dlúth léi ar feadh líon blianta ó thaobh cúrsaí sóisialta agus geilleagracha, cúrsaí a bhí deacair go minic le tamall anuas. Guím gach rath uirthi ina cuid iarrachtaí amach anseo le lán-mhuinín go rachaidh an cion a chuir sí leis an tionscal chun leasa don tionscal agus don uile dhuine.

Tá an t-ádh orainn mar eagraíocht comhghleacaí ar nós Michael Murphy a bheith againn, bhí an saineolas agus na láidreachtaí ag Michael chun tabhairt faoin ról mar Phríomhfheidhmeannach eatramhach chomh héifeachtach sin le linn an aistrithe chuig ceannaireacht nua. Ba chúis mhór áthais dúinn fáilte a chuir roimh Jim O'Toole a ghlac le ról an Phríomhfheidhmeannaigh i mí na Samhna. Tá an taithí agus díograis ag Jim chun tabhairt faoin bpost agus thar ceann an Bhoird, is mian liom ár dtiomantas a dhearbhú dó agus sinn ag baint leas as láidreachtaí na heagraíochta chun freastal ar na dúshláin atá romhainn.

Bhí athrú le brath freisin nuair a d'oscail Bord Bia a Mhol Domhanda, oifig nua ag 140 Bóthar Pheambróg, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tús nua atá anseo i dtimpeallacht nua den chineál is nua-aimseartha, ach a dhéanann ionadaíocht ar leanúnachas Bhord Bia ó thaobh infheistíocht a dhéanamh sna hacmhainní is fearr, is é sin an fhoireann.

Creidim go dtabharfaidh sé go leor tairbhe chun na heagraíochta sna blianta atá romhainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Bhord Bia as an sár- obair atá déanta acu le linn na bliana agus straitéis na heagraíochta á cur i bhfeidhm acu agus buíochas ó chroí a ghlacadh leo as a dtacaíocht do tháirgeoirí agus do ghnólachtaí, bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le linn bliain lenar bhain go leor deacrachtaí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; Martin Heydon, TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht air as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme, agus Forbairt Margaidh Nua; agus an Seanadóir Pippa Hackett, Aire Stáit a bhfuil freagracht uirthi i leith Úsáid Talún agus Bithéagsúlachta as a dtacaíocht leanúnach le linn na bliana 2022.

Is mian liom buíochas a ghlacadh freisin leis An Ard-Rúnaí, Brendan Gleeson agus an fhoireann ar fad sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha as an raon tacaíochtaí a chuireann siad ar fáil dúinn agus sinn ag leanúint le leathnú a chur ar lorg an tionscail bia agus dí. Gabhaim buíochas lenár gcomhghleacaithe in Teagasc, Bord Iascaigh Mhara agus Fiontraíocht Éireann a bhfuil ár bhfís d'inbhuanaitheacht agus do rathúlacht á comhroinnt acu.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh lena Shoilse, Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, as a ról mar phátrún ar Bloom agus as tacú le fís na hinbhuanaitheachta agus le ceartais shóisialta nach raibh chomh tráthúil riamh agus a bhí sé i mbliana, bliain a bhí thar a bheith dúshlánach.

Léirítear tionscal atá faoi threallús ag feidhmíocht i bhfigiúirí onnmhairithe na bliana 2022, tionscal atá cliste agus inniúil i bhfianaise na gcúinsí is dúshlánaí. Cé gur léargas, go bunúsach atá i gceist leis na figiúirí go léir den sórt sin, níl aon amhras ann nuair a chuirtear i gcomparáid le torthaí blianta roimhe sin iad, go n- insíonn siad scéal a bhfuil dul chun cinn agus go leor nithe dearfacha ina chroílár. Tá sé mar sprioc againn agus na céimeanna cuí á dtógáil againn todhchaí an tionscail a dheimhniú ionas go mbeidh an scéal amhlaidh sna blianta atá romhainn.

Chruthaigh Bord Bia, le linn na bliana 2022, iad féin mar eagraíocht atá in ann an cheannaireacht agus treoir atá riachtanach a sholáthar leis an méid sin a bhaint amach agus a chinntiú go mbíonn ról lárnach ag tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann i dtodhchaí na tíre.

Is eol dom go bhfuilim ag labhairt thar ceann an uile dhuine san eagraíocht nuair a deirim go bhfuilimid ag tnúth go mór na chéad chéimeanna eile a glacadh in éineacht leis na páirtithe leasmhara go léir inár dtionscal.

**Dan MacSweeney, Cathaoirleach**






# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## Réamhrá

Bhain neamhchinnteacht thar na bearta le go leor gnéithe den trádáil agus don chaidreamh idirnáisiúnta, gan trácht ar an réimse bia agus dí, leis an mbliain 2022, bliain a bhí sonrach mar gheall ar imeachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus iarmhairtí ollmhóra ón gcogadh san Úcráin go costais bhoilscithe, fuinnimh agus ionchuir a bhí ag dul i méid. Táimid bródúil, a thuairisciú, mar sin féin, gur bhain tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann feidhmíocht den scoth amach ó thaobh onnmhairí de sa bhliain 2022.



**Tháinig an t-ardú is mó riamh ar luach onnmhairí ón earnáil, €3bn nó 22% go €16bn ar fhigiúirí na bliana roimhe sin agus rinneadh cothabháil ar láidreachtaí traidisiúnta agus baineadh dul chun cinn nua amach i margaí tosaíochta. Bhí an fás ar luach sa bhliain 2022, ar roinnt bealaí, ar an gcuma chéanna leis an timpeallacht trádála idirnáisiúnta atá ag athrú mar go raibh ar tháirgeoirí a bhí ag tabhairt aghaidh ar chostais ionchuir atá ard na costais sin a fháil ar ais trí arduithe ar phraghas aonaid.**

Bhain onnmhaireoirí leas freisin as an téarnamh i gcainéil na seirbhíse bia agus an phaindéim curtha taobh thiar dúinn.

Mar sin féin, in áit an mhargaidh a bhí luaineach, is beag cinnteacht a bhí ann agus ní mór féachaint ar fheidhmíocht na bliana, thar aon rud eile, mar léiriú ar theacht aniar agus ar uaillmhian an tionscal dúchasach is mó atá againn, chomh maith le héileamh láidir idirnáisiúnta ar an mbia ar ardchaighdeán, bia atá á tháirgeadh go hinbhuanaithe atá againn.

Tá Bord Bia mórtasach as an ról a bhí aige ó thaobh cuidiú leis an tionscal chun dul in oiriúint do chúinsí a bhí ag athrú go tapa. Bliain a bhí inti inar léiríodh acmhainneacht laistigh den eagraíocht agus i measc na gcliant a bhfuilimid ag freastal orthu i dtéarmaí úsáid a bhaint as faisnéis mhargaidh agus as láidreachtaí cháil na heagraíochta chun deiseanna a aimsiú a chuireann an méid is fearr is féidir le luach.

In ainneoin an mhéid a bhí dearfach i bhfeidhmíocht na bliana 2022, bhí deacrachtaí tromchúiseacha i ndán don eagraíocht, le harduithe ar phraghsanna ionchuir nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus tháinig costais fuinnimh sa mhullach ar an líon mór brúnna a bhí ann an dá bhliain roimhe sin. Ar ndóigh ní raibh an tionscal ina aonar anseo, mar go raibh an tionchar boilscithe le tabhairt faoi deara i ngach gnólacht agus pobal.

Mar sin féin, tá an tionscal sainiúil maidir leis an gcion a chuirtear le slí bheatha na mílte teaghlach i bpobail tuaithe agus chósta, a chiallaíonn go bhfuil tionchar ollmhór aige ar fholláine codanna móra den tír seo. Thug táirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta aghaidh ar an mbliain 2022 agus iad ar an eolas go raibh dúshláin shainiúla agus ceangailteacha socraithe don earnáil sa réimse maidir leis an athrú aeráide agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí. Is féidir linn a bheith buíoch, mar sin, gur leanadh le bearta inbhuanaitheachta a neadú ar fud an tionscail, le linn don tionscal a bheith á chur féin in oiriúint do thimpeallacht eacnamaíoch lena mbaineann neamhchinnteacht.

## Creat maidir le dul chun cinn

Ó thaobh Bhord Bia de, bhain dul chun cinn, nuálaíocht agus athrú leis an mbliain 2022. Bhí dul chun cinn níos indéanta trí thabhairt isteach na straitéise rialaithe nua, Todhchaí faoi Bhláth a Chothú, a chuir, mar a léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2022, creat ar fáil le forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí go léir na heagraíochta ar feadh na bliana. Bhí athnuachan soiléir in go leor bealaí, go háirithe, tabhairt ar ais imeachtaí a bhí á gcur i láthair go pearsanta agus go háirithe filleadh Bloom ar Pháirc an Fhionnuisce tar éis bhriseadh dhá bhliain.

Tá athrú dosheachanta in aon eagraíocht fhorásach. Bhí oscailt an Mhoil Dhomhanda nua agus Bord Bia ag aistriú oifigí ó Chúirt Clanwilliam go Bóthar Pheambróg ar an bhfianaise ba shoiléire ina leith seo. Cuireann an oifig nua, atá feistithe leis na saoráidí is nua- aimseartha ar chumas Bhord Bia méadú a chur ar a ról mar ghníomhaireacht tacaíochta margaíochta den scoth.

Bhí sé mar onóir agam freisin gur ceapadh mar Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Bia mé i mí na Samhna.

Tar éis dom a bheith ag obair le Bord Bia le roinnt mhaith blianta, tuigim go rímhaith inniúlacht na heagraíochta athrú a chur i bhfeidhm agus ceannaireacht a sholáthar i leith an raon saincheisteanna atá ríthábhachtach don tionscal ar a bhfuil sé ag freastal. Tá láidreachtaí Bhord Bia i scileanna na heagraíochta agus táim ag tnúth leis an deis an eagraíocht chumasach seo a stiúradh le linn tréimhse atá fíorthábhachtach do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann. Tá an t-ádh orm freisin go bhfuilim ag teacht sna sála ar cheannairí a bhí ar aon intinn liom féin maidir le tiomantas don eagraíocht ó thaobh barr feabhais straitéiseach agus oibríochtúil. Is mian liom mo bhuíochas agus gach rath a ghuí ar an iarPhríomhfheidhmeannach, Tara McCarthy, agus mo buíochas le Michael Murphy a ghlac leis an ról mar Phríomhfheidhmeannach eatramhach sular ceapadh mise.

Mar atá tugtha ar aird agam cuireadh an chéad bhliain de Thodhchaí faoi Bhláth a Chothú, straitéis rialachais chorparáideach, i bhfeidhm in 2022. Cuireann an straitéis, atá leagtha amach thar thréimhse 10 mbliain (2022-2032) agus tréimhse trí bliana (2022-2025), dearcadh atá thar a bheith dearfach i láthair d'earnáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann agus an acmhainneacht atá aici fás atá inbhuanaithe agus faoi réir ag onnmhairí a sholáthar. Féachtar sa straitéis ar bhuntáistí sainiúla na hÉireann ó thaobh suíomh, deis agus acmhainní atá mar bhonn le tionscal atá ábalta táirgí den scoth a chur ar fáil.

Cuireann Todhchaí faoi Bhláth a Chothú béim as an nua ar ról Bhord Bia mar ghníomhaireacht leathstáit ó thaobh éascú a dhéanamh ar an méid sin. Chabhraigh Bord Bia, ar feadh na bliana 2022, le táirgeoirí agus le lucht próiseála na hÉireann chun glacadh le agus neadú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ina gcuid gníomhartha agus cothabháil a dhéanamh ar dhearcadh atá dírithe ar fhás ina n-aschur.

Táimid ar aon intinn leis an Rialtas agus lena chuid gníomhaireachtaí níos leithne maidir leis an bhfís don tionscal. Soláthraíonn an foilseachán, Fís don Bhia 2030, de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara sa bhliain 2021 bealach lena mbeidh Éirinn mar cheannaire domhanda i gcórais bia inbhuanaithe le hearnáil agraibhia atá cliste ó thaobh aeráide agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta.

Aithnítear ról ar leith d'Origin Green Bhord Bia i bhFís don Bhia 2030 sa mhisean seo agus éilíonn go neartófaí an clár chun cuidiú leis an tionscal freastal ar an leibhéal níos airde uaillmhéine atá bunaithe ar inbhuanaitheacht.

Chiallaigh forbairtí breise sna blianta 2021 agus 2022 go bhfuil an uaillmhian seo go hiomlán ag brath ar an gcion a imreoidh an talmhaíocht sa tír chun sainordú an Rialtais, is é sin laghdú 51% a bhaint amach in astaíochtaí gáis ceaptha teasa faoin mbliain 2030 agus neodracht charbóin a bhaint amach faoi bhliain 2050. Rinneadh soiléiriú ar an ról sainiúil don talmhaíocht le linn na bliana nuair a leagadh síos teorainn astaíochtaí 25% don earnáil, a chiallaíonn nach mór laghdú faoi aon cheathrú a dhéanamh ar ghás ceaptha teasa ón earnáil agraibhia faoin mbliain 2030. Tá scála an dúshláin agus na deise a chuireann sé seo i láthair inbhraite anois ar bhealach nach raibh le feiceáil roimhe seo.

Agus ról feabhsaithe á imirt aige, cuirfidh Origin Green le deich mbliana de ghníomhartha ar an inbhuanaitheacht, áit a raibh sé agus a bhfuil sé ar an aon chlár inbhuanaithe bia agus dí náisiúnta ar domhan.

Tá a fhorbairt leanúnach mar bhunchloch do Thodhchaí faoi Bhláth a Chothú agus tá a chuid spriocanna á gcomhroinnt ag an tionscal a bhfuil sé ag tabhairt tacaíochta dó. Fuarthas amach i suirbhé sa bhliain 2021 gurbh ionann 71% de ghnólachtaí comhaltais Origin Green agus formhór mór onnmhairí, agus go raibh sé ráite acu go gcreideann siad go gcuireann Origin Green buntáiste iomaíoch ar fáil dá ngnólachtaí.

Áireofar san fheabhas a chuirfear ar an gclár, aistriú suntasach chuig for-rochtain, oideachas agus forbairt caidreamh le lucht próiseála agus leis an bpobal feirmeoireachta.

Tá an pobal feirmeoireachta mar chomhaltaí de Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta Inbhuanaitheachta Bhord Bia, mar bhunchloch dár dtionscnaimh inbhuanaitheachta go léir.

# Gníomh agus tosaíochtaí straitéiseacha

Tá go leor clár, imeachtaí agus gníomhartha ar tugadh fúthu sa bhliain 2022 chun tacú leis an tionscal bia, dí agus gairneoireachta leagtha amach ar fud na Tuarascála Bliantúla. Léirítear in athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí seo i gcoinne na cúig cinn de thosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach againn i dTodhchaí faoi Bhláth a Chothú – a ndéanaimid cur síos orthu go hinmheánach mar '**na cúig ní nach mór dúinn a dhéanamh**' – bliain inar baineadh amach dul chun cinn i ndáiríre chun tacú le forbairt reatha agus forbairt an tionscal amach anseo.

1

## Ní mór dúinn: Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais

### Cur le Food Brand Ireland

Tá Bord Bia tiomanta leanúint ag cur le Food Brand Ireland (FBI) mar luach tairisceana a chuireann difreáil na hÉireann i dtéarmaí nádúrthachta agus inbhuanaitheachta agus cruthaíonn luach in áit an mhargaidh i láthair dár gcliant. I mbliana, bhí gníomhaíocht phromóisin ar siúl i gcoinne cúlra ina bhfuil rátaí boilscithe bia ag ardú sa bhaile agus go hidirnáisiúnta, agus rinne léiriú go rathúil ar luach tairisceana an FBI i dtimpeallacht trádála dhúshlánach atá ag dul in olcas.

feoil, déiríocht, bia mara agus gairneoireacht agus iad sin go léir dírithe ar spriocmhargaí. Chruthaigh an misean trádála chun na Seapáine agus chuig an Áise Thoir Theas thar a bheith rathúil a bhain clúdach meán sóisialta amach arbh fhiú €4m é. Comhroinneadh dintiúir féar-chothaithe na hÉireann le sprioc chustaiméirí trádála ar mhargaí idirnáisiúnta ar Lá Domhanda an Bhainne agus ba dheis a raibh fáilte mhór roimpi a bhí i gceist agus Bloom Bhord Bia ar ais arís le haird a tharraingt ar an méid atá le tairiscint ag gairneoireacht eisceachtúil na hÉireann agus ag a chuid táirgeoirí bia agus dí ceirde. Mheall Bricfeasta Trádála Bhord Bia ag Bloom isteach 250 ceannaitheoir ceannródaíocha le cumhacht cheannaigh de €20bn.

### Forbairt tacaíochtaí Origin Green ar chórais bia inbhuanaithe na hÉireann a chinntiú

I mí an Mheithimh, rinne Origin Green ceiliúradh ar dheich mbliana (10) dul chun cinn le nochtadh a straitéis trí bliana, Cumhachtaithe ag Comhpháirtíocht, chomh maith le Clár Feidhmiúcháin Ceannairí Inbhuanaitheachta Bhord Bia a sheoladh (féach 'Ní mór Dúinn 3'). Neartaíonn an straitéis nua pointí cruthúnais Origin Green san inbhuanaitheacht agus bhí athbhreithniú iomlán ar chaighdeáin agus neartú a chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú i gceist leis. Chomh maith leis sin, bhí feabhsúcháin maidir leis an treoir a fhaigheann siad i ndáil le hinbhuanaitheacht trí thionscnaimh amhail treoir an ESG do chomhaltaí gnólachtaí á bhfeiceáil ag feirmeoirí agus ag lucht próiseála agus déanfar tuilleadh forbartha ar Mhol ríomhFhoghlama feirmeora agus ar fhéilire pleanála feirme.

### I gcomhpháirtíocht leis an Tionscal, cur le tacaíocht feirmeora do bhia inbhuanaithe

A chinntiú go mbíonn inmharthanacht feirmeoirí amach anseo mar uaillmhian lárnach in obair Bhord Bia. Tugadh faoi thaighde maidir leo siúd laistigh den phobal feirmeoireachta is mó atá oscailte do rannpháirtíocht agus do bhearta inbhuanaithe a chur i bhfeidhm a aithint. Cuireadh feabhas ar chumarsáid dhíreach le feirmeoirí agus áirítear anois, seachadadh iniúchtaí, teagmháil leis an deasc chabhrach, cuairteanna ar an mol inbhuanaitheachta, nuachtlitir d'fheirmeoirí agus téacsanna feirmeora ar bhonn rialta.

2

## Ní Mór Dúinn: Bealaí níos fearr a aimsiú ionas gur féidir lenár gcliant agus lenár gcustaiméirí nascadh le chéile agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt

### Margaíocht maidir le Caidreamh Bunathraitheach a Fhorbairt

Creideann Bord Bia i margaíocht chaidrimh den scoth a nascann cliaint agus custaiméirí le chéile ar bhealaí nua agus ar bhealaí atá níos fearr, ar feadh na bliana 2022, rinneadh forbairt, tástáil agus seachadadh ar straitéis bhunathraitheach margaíochta caidrimh. Bhí imeachtaí ionmhargaidh spriocdhírithe, feachtais B2B agus faisnéis mhargaidh comhroinnte mar léargas cliant i gceist anseo. Bhí feachtas Eorpach Mairteola agus Uaineola €4.8m a dhírigh ar dhintiúir féar-chothaithe inbhuanaithe mairteola agus uaineola na hÉireann agus Feachtas Déiríochta an AE a dhíríonn ar ghnó nua a fhorbairt sa tSeapáin, sa Mhalaeisia, sa Téalainn agus Vítneam, tábhachtach sa sruth oibre seo.

### Dea-Chleachtas a fhorbairt i bpleanáil Chomhtháite Cliant Custaiméirí

Ceathair cuireadh comhpháirtíochtaí chun cinn straitéiseach ar fad i 2022, agus tugadh tosaíocht athnuaite do chomhpháirtíocht nua. Treisíodh an tionchar ar sheirbhísí príomhchliant, tríd an uirlis pleanála cliant nua a neadú agus trí chur chuige struchtúrtha idir foirne earnála agus ionmhargaidh.

### Dea-Chleachtas a fhorbairt i mbainistiú ábhair comhtháite

Tá Bord Bia tiomanta do chur chuige pleanáilte, comhordaithe agus straitéiseach maidir leis an mbealach ina ndéanaimid cumarsáid le lucht féachana custaiméirí agus cliant. Leanadh leis an obair sa bhliain 2022 chun cur le caidreamh níos doimhne le cliant agus le custaiméirí trí bhainistiú ábhair comhtháite.

3

## Ní Mór Dúinn: Tallann an tionscail a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi inniúlacht na gcliant

### Seirbhísí Acmhainneachta a Sheachadadh bunaithe ar riachtanais an tionscail

Chuir dúshláin shuntasacha a bhain le boilsciú de bharr costas sa bhliain 2022 ardú ar sheirbhísí forbartha acmhainneachta agus threisigh Bord Bia a chuid oibre chun tacaíochtaí inniúlachta do bhoilsciú de bharr costas a sheachadadh ag tabhairt aitheantas ag an am céanna do chláir mhargaíochta, nuálaíochta, fiontraíochta, dhigiteacha, catagóire agus bainistithe branda agus beidh róil ríthábhachtacha acu sin go léir i gclúdach margaíochta agus in inbhuanaitheacht.

### Sraith de Chláir Tallainne Tionscail a sheachadadh

Tá cúig chlár iarchéime MSc á reáchtáil ag Bord Bia anois i gcomhar lena chomhpháirtithe oideachais, tá na cláir seo leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tallainne amach anseo i bhforbairt gnó, nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus slabhra soláthair agus soláthar. Bhíomar de réir na sprice ar feadh na bliana 2022, ó thaobh 80% de chéimithe a choinneáil sa tionscal.

### Clár Feidhmiúcháin Oideachais maidir le hinbhuanaitheacht bia a bhunú

Rinne tús a chur le Clár Luasghéaraithe Inbhuanaitheachta Ceannaireachta sa bhliain 2022 treisiú ar uaillmhian Bhord Bia chun an eagraíocht a shuíomh mar ionad barr feabhais inbhuanaitheachta bia. Thug an chéad chlár atá dírithe ar leibhéal sraith-C, 26 ceannaire ar fud an tionscail le chéile.

4

## Ní Mór Dúinn: Tacú le Nuálaíocht a bheidh faoi stiúir Tuisceana agus Forbairt Bhranda

### Clár nuálaíochta don todhchaí a mhúnlú

Lean Bord Bia le ceannaireacht smaointeoireachta a sholáthar trí nuálaíocht a thugann aghaidh ar fhíor-riachtanais margaíochta agus tomhaltóirí. Cuireadh béim as an nua ar chomhoibriú níos fearr idir eolaíocht bia agus cliantchuideachtaí onnmhairithe laistigh de seo. Cuireann an clár cothaithe inbhuanaithe lenár staidéar fadbhreathnaitheach ar chothú inbhuanaithe agus déanfar é a fhorbairt mar chlár oibre suntasach ilbhliantúil, ilréimsiúil.

### Trí chomhpháirtíocht nuálaíochta a fhorbair

Tá forbairt deiseanna nuálaíochta inscálaithe le Teagasc agus Fiontraíocht Éireann i gceist leis an gclár náisiúnta bia-eolaíochta. Chuir comhoibriú trí FHI sa bhliain 2022 samhail ar fáil maidir leis an mbealach inar féidir comhpháirtíochtaí den sórt sin a fhorbairt ar fud go leor earnálacha. Léireofar seasamh uathúil Bhord Bia sa taighde a thugann glór tomhaltóirí isteach sna sruthanna oibre ar thaighde.

### Tionscadail nuálaíochta faoi stiúir tuisceana agus forbairt branda a chomhlánú

Bhí éileamh leanúnach ó chliantchuideachtaí á fheiceáil ag Teach Smaointeoireachta Bhord Bia arsheirbhísí agus ar thacaíochtaí ar fud forbairt léargais, nuálaíochta agus branda. Ag teacht lenár n-uaillmhian straitéiseach deich mbliana (10), dhírigh obair sa bhliain 2022 ar chomhoibriú iomlán a chothú agus luach do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann a léiriú ag teacht lenár straitéis trí bliana, obair cliant a nascadh le huaillmhianta an FBI agus Cur lenár Láidreacht san Inbhuanaitheacht agus cuireadh fócas faoi leith orthu seo.

5

## Ní Mór Dúinn: Tacú leis an eagraíocht agus leis na páirtithe leasmhara agus cur ar a gcumas an straitéis a chur i bhfeidhm

### An fhoireann a mhealladh agus a chumas

Tá rannpháirtíocht foirne, deiseanna foghlama agus forbartha, beartais agus cleachtais foirne atá ag teacht le samhail oibríochta Bhord Bia Amháin ríthábhachtach d'fhorbairt ár dtodhchaí. Sa bhliain 2022, áiríodh cruinnithe Choiste Comhairliúcháin Foirne Halla an Bhaile ar na gníomhaíochtaí faoin gcuspóir straitéiseach seo, mar aon le hobair fhorbartha cumais ar bhonn leanúnach.

### Tacú le samhail oibríochta Bhord Bia Amháin

Leanamar lenár gcuid oibre ar phróisis agus ar nósanna imeachta chun tacú le agus cur ar chumas na foirne freastal ar oibleagáidí rialachais corparáideacha, rialála agus reachtúla na heagraíochta.

### Bonneagar TF is fearr

Tugadh an t-aistriú chuig an Mol Domhanda chun críche sa bhliain 2022, agus leanadh le hobair ar oibríochtaí a bhunú agus a neadú ar feadh na bliana.

## Conclúid

**I gcoinne cúlra an chogaidh san Úcráin agus díláithriú na mílte saoránach, táimid uiríslithe ag íobairtí agus crógacht mhuintir na hÚcráine agus iad ag cosaint a saoirse. Le linn bliana a raibh ceiliúradh á dhéanamh, i measc nithe eile, ar dheich mbliana na gcuimhneachán maidir le bunú Shaorstát Éireann, bhí tuiscint mhaith ag go leor de mhuintir na hÉireann ar an méid atá á fhulaingt ag muintir na hÚcráine**

Chuir na heachtraí san Úcráin idircheangailteacht an domhain sa lá atá inniu ann ar na súile dúinn mar go bhfuil an tábhacht a bhaineann leis an tionscal bia, dí agus gairneoireachta i bhfad níos mó ná ceisteanna maidir le trádáil agus fiontraíocht. Is féidir linn a bheith mórtasach as chomh maith agus a d'éirigh le honnmhairí le linn coinníollacha trádála a bhí thar a bheith luaineach, agus sinn eolach go bhfuil sé ar ár gcumas táirgeacht den scoth a chur ar fáil chun freastal ar éileamh domhanda atá ag dul i méid ar bhia atá á chur ar fáil go hinbhuanaithe agus atá tábhachtach do shlí bheatha na milliún duine thart timpeall an domhain.

Is dóigh go mbeidh faoiseamh le fáil sa bhliain 2023 óna dúshláin le linn na bliana 2022 a ghoill chomh mór ar an earnáil agus ar an ngeilleagar níos leithne, go háirithe ó thaobh costais fuinnimh.

Mar sin féin, bheadh sé ró-dhóchasach a bheith ag súil go bhféadfaí na saincheisteanna seo go léir a réiteach go luath. Ní dóigh go dtiocfaidh athchothromú sa ghearrthéarma ar ráta na samhla eacnamaíochta maidir le boilsciú íseal / ús íseal a bhí ann nó gur tharla cur isteach na bliana 2022.

Bhain athbhreithniú agus athnuachan straitéiseach leis an mbliain 2022 do Bhord Bia. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir i mBord Bia as a dtacaíocht agus mé ag glacadh leis an ról mar Phríomhfheidhmeannach. Táim ag tnúth go mór a bheith ag obair in éineacht leo chun Todhchaí faoi Bhláth a Chothú a chur i bhfeidhm agus le samhail oibríochta Bhord Bia Amháin a leathadh amach.

B'eol dom i gcónaí gur eagraíocht a bhí dírithe ar thorthaí a bhí i gceist le Bord Bia agus bhí an fuinneamh agus an tiomantas fíor-shoiléir ar fud cláir gníomhaíochtaí forbartha agus margaíochta Bhord Bia le linn na bliana agus is léiriú atá ann ar fhís agus ar thallann na foirne atá ag obair le Bord Bia.

Agus le linn dúinn a bheith ag leathnú ár n-uaillmhianta agus ag neartú ár gcuid seirbhísí ón Mol Domhanda agus ónár n-oifigí thar lear, leanfaimid orainn le luach a sheachadadh do na páirtithe leasmhara agus do go leor pobal a gciallaíonn bia deoch agus gairneoireacht slí bheatha dóibh. Déanfaidh an deis a dhul céim eile an uile dhuine againn a spreagadh.

Ba mhaith liom críochnú suas trí bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach Bhord Bia, Dan MacSweeney, agus do chomhaltaí go léir an Bhoird agus le cúig Fho-Bhord Bhord Bia as an gcion a thug siad i mbliana, bliain lenar bhain athrú agus dúshlán. Táim ag tnúth go mór oibriú libh agus leas a bhaint as an taithí leathan atá agaibh lena gcuid ról a chur i gcrích agus is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur seirbhís leanúnach don tionscal.

Táim ag tnúth, chomh maith céanna, oibriú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; Martin Heydon, TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht air as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme, agus Forbairt Margaidh Nua; agus leis an Seanadóir Pippa Hackett, Aire Stáit a bhfuil freagracht uirthi i leith Úsáid Talún agus Bithéagsúlachta; agus leis an bhfoireann go léir sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis na piareagraíochtaí ag baile agus thar lear.

Tá cleachtadh maith sa tionscal bia, dí agus gairneoireachta ar chur isteach agus ar dhúshláin agus cé go mbaineann deacrachtaí leo sa ghearrthéarma, is maith is eol dúinn mar gheall ar thaithí na mblianta, go gcuideoidh an tiomantas d'ionracas agus an mhuinín i mbarr feabhais le linn an cheann is fearr a fháil ar chúrsaí. Tá Bord Bia, mar eagraíocht oilte sa bharr feabhais agus in athrú agus táimid tiomanta d'fhoghlaim, d'fhás agus freastal ar thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar bhealaí nua agus ar bhealaí spreagúla sna blianta atá romhainn. Níl aon amhras ar aon duine maidir le scála na ndúshlán atá i ndán dúinn, ach chomh maith céanna, ní rabhamar chomh muiníneach riamh go bhfuil ról cumhachtach le himirt ag ár n-oileán beag glas sa timpeallacht dhomhanda maidir le táirgeadh bia inbhuanaithe atá ríthábhachtach do thodhchaí an uile dhuine.

**Jim O'Toole, e, Príomhfheidhmeannach**



# Athbhreithniú Earnála

## Feoil agus Beostoc

TRinne an earnáil feola agus beostoic ionadaíocht ar an dara catagóir ba mhó in onnmhairí bia, deoch agus gairneoireachta na hÉireann in 2022. Le linn na bliana, tháinig ardú 17% ar onnmhairí feola agus beostoic agus bhain luach foriomlán de €4.17 billiún amach. Léirigh an fheidhmíocht láidir arduithe ar leibhéil aschuir agus ar mheánphraghsanna do mhairteoil agus do chaoireoil. Bhí táirgeadh sna hearnálacha muiceola agus éineola níos ísle, cé, sa dá chás, go ndearna meánphraghsanna níos airde fritháireamh ar an tionchar ar luach onnmhairí. Idir an dá linn, bhí an t-ardú ar luach onnmhairí beostoic faoi threallús go príomha ag ardú sa trádáil laonna laistigh den chomhphobal.



Chomh maith leis na fo-earnálacha atá luaite thuas, is fiú léiriú a dhéanamh ar an ardú 19% sa bhliain 2022 ar onnmhairí feolta breisluacha, a ndéantar catagóiriú orthu faoi bhia ullmhaithe tomhaltóirí (PCF) a bhain os cionn €850 milliún amach. Dá bhrí sin, bhain beostoc agus táirgí feolta breisluacha in éineacht níos mó ná €5 billiún amach agus is díol suntais a bhí anseo.

## Mairteoil

**Bhain luach onnmhairí príomh-mhairteola thart ar €2.62 billiún amach in 2022, arbh ionann é agus ardú €473 milliún nó 22% ar an mbliain roimhe sin. Ar an gcaoi chéanna, tháinig ardú 16% go €134 milliún ar luach onnmhairí miodamais mairteola, le luach iomlán onnmhairí mairteola agus miodamais 22% níos airde ag beagnach €2.76 billiún.**

Tháinig ardú 8% nó 132,000 cloigeann ar infhaighteacht eallaigh i monarchana feola na hÉireann, a chuir ardú 4% ar mhéid na príomh-mhairteola a onnmhairíodh, nó 493,000 tonna. Is mar gheall ar an difríocht idir tréchur agus onnmhairí go pointe áirithe an laghdú leanúnach ar an meánmheáchan maraithe. D'fhreagair táirgeoirí do na costais arda ionchuir trí ainmhithe a dhíol níos túisce agus níos óige, a chiallaigh laghdú 2.6%, nó naoi gcileagram sa mheánchonablach a próiseáladh. Bhí ardú 24%, nó 10,000 tonna ar chúis eile leis seo ó thaobh na méide táirgí breisluacha mairteola a onnmhairíodh.

Ar an iomlán, rinneadh taifeadadh ar phatrún onnmhairí a bhí seasmhach ar feadh na bliana 2022, i gcomparáid le tús na bliana roimhe sin nuair a bhí cúrsaí trádála bun os cionn mar gheall ar an mbargairt ó Bhreatimeacht gan ord gan eagar. Sa chéad leath den bhliain 2022 bhain earnáil mairteola na hÉireann tairbhe as éileamh láidir ó mhargaí na Ríochta Aontaithe agus an AE araon.

Bhí na praghsanna do na príomhghearrthóga go léir sách láidir, rud a léirigh méideanna níos ísle mairteola a bheith ar fáil sa Ríocht Aontaithe agus ar fud an AE agus laghdú ar allmhairí mairteola ó sholáthróirí tríú tíre. Chiallaigh na cúinsí sin gur bhain eallach na hEorpa na praghsanna ab airde riamh amach i mí Aibreáin, agus bhain tairbh óga R3 na Gearmáine €6.03/kg ar an meán amach.

Bhí go leor mairteola neamh-AE ar an margadh i dtús an tsamhraidh agus súil le margadh láidir sa stéig.

Thosaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin le tionchar a bheith aige ar bhoilsciú praghsanna bia agus ar sheintimint tomhaltóra. Bhíothas ag cur i gcoinne na bpraghsanna arda freisin, go háirithe i gcás táirgí stéige a bhí ar phraghas níos airde.

Measann an Coimisiún Eorpach go ndearnadh taifeadadh ar laghdú 1% i dtomhaltas mairteola ar fud an AE bliain ar bhliain, agus gur tháinig ardú measta 17% ar allmhairí mhairteola chuig an AE.

Déanfaidh feachtas atá cómhaoinithe ag an AE, infheistíocht de €4.8 milliún, sna trí bliana atá romhainn, chun deiseanna a fhorbairt i bpríomh- mhargaí ar fud na Seapáine, na Síne, na Cóiré Theas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Beidh an AE ag déanamh maoiniú 80% ar na promóisin seo agus tá baint mhór acu seo le cur le próifíl na hÉireann sna ceithre mhargadh allmhairí is mó ar domhan.

### Treochtaí de réir Ceann Scríb

Sa bhliain 2022, tháinig ardú 21% ar mhairteoil na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe ag baint €1.15 billiún amach, arbh ionann é agus 44% d'onnmhairí na hÉireann i dtéarmaí luacha. D'fhan soláthairtí mairteola baile sa Ríocht Aontaithe teann sa chéad chuid den bhliain 2022, sular tháinig siad chucu féin de bheagán sa dara leath den bhliain.

Tháinig ardú ar chainéal seirbhíse bia na Ríochta Aontaithe tar éis COVID19, arbh ionann é agus ardú 26% ar mhéideanna mairteola de réir an AHDB. Bhí dúshláin i gceist do dhíolachán miondíola mar gheall ar laghdú ar chumhacht chaithimh tomhaltóirí, agus tháinig crapadh 8% ar mhéideanna. Bhí an laghdú soiléir i ndíolacháin stéige, go háirithe, a bhí 18% níos ísle, arís, bunaithe ar léargas margaidh ón AHDB. Chuir sé seo le laghdú ar éileamh sa mhargadh sa dara leath den bhliain sa chainéal miondíola ach d'fhan éileamh níos láidre ó thaobh mairteola agus stéige

Tháinig fás 29% go dtí níos mó ná €1.3 billiún ar onnmhairí mairteola na hÉireann chuig margaí ar Mhór-Roinn na hEorpa sa bhliain 2022, arbh ionann é agus 50% de luach iomlán na trádála seo. Tháinig teannadh 4% ar sholáthairtí mairteola ar fud go leor margaí, go háirithe an Fhrainc, sa tSualainn agus sa Spáinn, de réir Grúpa Oibre Réamhaisnéise Mairteola an AE. Bhain praghsanna eallaigh an AE buaicphointe amach i ndeireadh Aibreáin agus bhí ardú níos mó ná €1.30/kg orthu seachas mar a bhí an bhliain roimhe sin.

Bhí éileamh láidir go háirithe don cheathrú thosaigh agus don mhairteoil déantúsaíochta mar nach raibh an oiread sin éileamh ar ghearrthóga ardluacha ar nós stéige agus dhírigh údar imní maidir le boilsciú bia aird ar ghearrthóga ar phraghas ar luach níos fearr. De réir na dtuairiscí tháinig laghdú ar thomhaltas mairteola sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa tSualainn agus sa Spáinn, ach de réir cosúlachta, ar an meán, bhí níos mó teacht aniar i margadh na hIodáile.

Tháinig laghdú 13% go €156 milliún ar onnmhairí mairteola chuig margaí idirnáisiúnta. B'ionann é seo agus sciar 6% d'onnmhairí mairteola na hÉireann i dtéarmaí luacha.

Léirigh sé sin láidreacht na bpraghsanna atá ar fáil san AE, go háirithe sa chéad leath den bhliain.

Ag díriú ar phríomhmhargaí idirnáisiúnta do mhairteoil na hÉireann, chuir éileamh ón tSeapáin agus ó na hOileáin Fhilipíneacha tús láidir leis an mbliain. Mar sin féin, tháinig laghdú ar onnmhairí na hÉireann chuig an dá mhargadh i dtéarmaí luacha ar feadh na bliana.

Idir an dá linn, bhí tionchar ag líonadh an chuóta go luath sa bhliain ar onnmhairí chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá agus mar thoradh air sin, tháinig laghdú suntasach ar onnmhairí na hÉireann. I gcomparáid leis sin, tháinig ardú seasta ar luach na trádála chuig Ceanada sa bhliain 2022.

**Féidearthachtaí**

Go ginearálta, féachtar go dearfach ar an mhéid atá i ndán do mhargaí mairteola na hÉireann sa bhliain 2023. Féachann sé go bhfanfaidh soláthairtí domhanda agus AE cothrom go maith. Mar sin féin, tá an tionchar atá ag cúinsí costas maireachtála agus seintimint custaiméirí ar iompar ó thaobh ceannach mairteola fós mar ghné ríthábhachtach i ndáil le forbairtí praghsanna a chinneadh.

Tá sé tuartha ag Coimisiún an AE go dtiocfaidh tuilleadh laghduithe ar thréad mairteola an AE, le laghduithe suntasacha ar fud roinnt margaí, lena n-áirítear, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil agus an Ísiltír. Táthar ag súil go dtiocfaidh ardú de bheagán ar sholáthairtí na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2023.

I dtéarmaí domhanda, tá an USDA ag tuar go dtiocfaidh laghdú de bheagán ar sholáthairtí mairteola, faoi threallús go príomha ar an laghdú ar thréad Stát Aontaithe Mheiriceá mar gheall ar thriomach le tamall anuas. Ar an lámh eile, tá ardú ag teacht ar onnmhairí mairteola na hAstráile, agus táirgeadh ag teacht chuige féin ansin tar éis an triomaigh a bhí ann le blianta beaga anuas.

Maidir le hallmhairí domhanda, is dóigh go dtiocfaidh ardú ar éileamh ó phríomh-mhargaí na hÁise, ar nós na Seapáine agus na Cóiré Theas. Idir an dá linn, táthar ag súil go gcuirfidh athoscailt gheilleagar na Síne le hardú suntasach ar éileamh tomhaltóra, go háirithe san earnáil seirbhíse bia a chuirfidh treallús faoi éileamh breise allmhairithe. Mar sin féin, tá na margaí domhanda cothromaithe go mion agus d'fhéadfadh sé go leanfaidh fócas níos láidre ar an Aontas Eorpach ó onnmhaireoirí móra domhanda amhail tíortha Mercosur agus an Astráil. Táthar ag súil go leanfaidh an ghéarchéim a bhaineann leis an gcostas maireachtála leis an tionchar ar éileamh mairteola sa Ríocht Aontaithe agus san AE. Sa timpeallacht seo, beidh sé níos tábhachtaí ná riamh seasamh maith a bheith ag mairteoil na hÉireann mar sholáthróir nuálach iontaofa ardchaighdeáin mairteola le dintiúir inbhuanaitheachta atá láidir.

Ceaptar go mbeidh infhaighteacht eallaigh na hÉireann beagáinín teann sa chéad chuid den bhliain, go háirithe sa dara ceathrú. Mar sin féin, d'fhéadfadh téarnamh de bheagán a bheith ann ó thaobh soláthar sa dara leath den bhliain 2023. Tugann anailís Bhord Bia ar an mbunachar sonraí Aitheantais agus Gluaiseachta Ainmhithe de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (AIManna) agus cúrsaí táirgthe agus trádála, le fios go mbeidh laghdú iomlán de thart 30,000 cloigeann (2%) i soláthairtí eallaigh críochnaithe don bhliain 2023 tríd is tríd.

# BEOSTOC

**Leanann an trádáil in onnmhairí beo le malairt margaidh atá tábhacht a chur ar fáil do bheostoc na hÉireann le luach onnmhairí ag €230 milliún le linn na bliana 2022. B'ionann é seo agus ardú 8% ar an mbliain 2021. Mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe sin, rinne onnmhairí eallaigh (lena n-áirítear, laonna) ionadaíocht ar fhormhór na trádála in onnmhairí beo, de réir mar a tháinig laghdú ar mhéid onnmhairí muc agus caorach.**

Le linn na bliana 2022, thug Bord Bia tacaíocht ghníomhach don fhorbairt ar thrádáil onnmhairí beo trí sholáthar faisnéis mhargaidh a bhí cothrom le dáta, tionscnaimh phromóisin, lena n-áirítear, cuairteanna ceannaitheoirí isteach, turais staidéir margaidh agus gníomhaíochtaí maidir le giniúint agus tiontú a threorú, chun barr feabhais a chur ar íomhá agus cáil ainmhithe na hÉireann.

## Eallach

Onnmhairíodh os cionn 286,000 cloigeann eallaigh beo le linn na bliana 2022 le luach onnmhairí de €168 milliún. Is ionann é seo agus ardú 15% ar uimhreacha i gcomparáid le leibhéil na bliana 2021, treocht a bhí faoi threallús go príomha ag trádáil laonna an chomhphobail. Rinne laonna suas níos mó ná 60% den líon iomlán eallaigh a onnmhairíodh le linn na bliana 2022, is é sin172,000 cloigeann. Is ionann é seo agus filleadh ar ghnáthleibhéil trádála, tar éis tionchar diúltach srianta COVID- 19 chomh maith le cur isteach ó chúrsaí aimsire le blianta beaga anuas. Tá an Ísiltír ar an margadh a sheasann amach sa bhliain 2022 do laonna na hÉireann, nuair a glacadh le thart ar 97,000 cloigeann agus dá bhrí sin, b'ionann é agus os cionn níos mó ná leath den iomlán. Bhí an Spáinn ina margadh tábhachtach chomh maith do laonna ón tréad déiríochta agus mairteola araon agus onnmhairíodh 55,000 lao. Onnmhairíodh eallach freisin chuig margaí eile, lena n-áirítear, an Iodáil, Tuaisceart Éireann, an Pholainn agus an Bheilg.

D'fheidhmigh an trádáil i laonna scoite agus in eallach stóir chuig custaiméirí ar Mhór-Roinn na hEorpa go láidir sa bhliain freisin 2022 le soláthairtí eallaigh níos teinne i bpríomh-mhargaí na Spáinne, na hIodáile, na Gréige, na hUngáire agus na Slóvaice ag cur treallús faoi éileamh.

Chuir gníomhaíocht mhéadaithe in onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh freisin le feidhmíocht onnmhairithe dearfach don chatagóir. Ghlac Libia, an Tuirc, an Iordáin, an Éigipt agus an Liobáin go léir lastais shuntasacha d'ainmhithe na hÉireann isteach le linn na bliana.

Bhí trádáil chuig Tuaisceart Éireann níos ísle sa bhliain 2022 d'eallach críochnaithe agus do bhreis 29 táirgeachta araon tar éis feidhmíocht láidir i ndeireadh na bliana 2020 agus ar feadh na bliana 2021 go léir. Mar sin féin, chiallaigh líon teann eallaigh ar fheirmeacha Thuaisceart Éireann agus éileamh seasmhach ar mhairteoil sa Ríocht Aontaithe go raibh níos mó éileamh ar eallach beo sa réigiún i Ráithe 4.

## Beostoc Eile

Ar an iomlán, tháinig laghdú 7% le linn na bliana 2022 ar onnmhairí muc, go Tuaisceart Éireann go príomha, le luach measta de €60 milliún. Is dóigh, mar gheall é a bheith soiléir go laghdóidh táirgeacht muca in Éirinn, go dtiocfadh tuilleadh laghduithe ar líon na muc atá á gcur go Tuaisceart Éireann sa bhliain 2023, de bharr níos mó iomaíochta i measc príomhphróiseálaithe na hÉireann ó thaobh an tsoláthair muc atá ar fáil. Mar thoradh air sin, meastar go dtiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar onnmhairí muc beo chun an réigiúin, sa ghearrthéarma ar aon nós.

Idir an dá linn, lean an laghdú in onnmhairí caorach beo bliain ar bhliain agus bhain díreach 12,500 cloigeann amach le luach measta de thart ar €2 mhilliún sa mhéid a onnmhairíodh sa bhliain 2022. Tá trádáil caorach beo chun iad a onnmhairiú réasúnta íseal ach tá féidearthacht ó thaobh fáis ann ó leibhéil ísle na bliana 2022. Mar a bhí amhlaidh blianta roimhe seo, táthar ag súil go mbeidh gníomhaíocht onnmhairithe ag teacht le héileamh breise ag breith suas ar phríomhfhéilte na Moslamach.

## Féidearthachtaí do 2023

Tá a bhfuil i ndán d'onnmhairí laonna réasúnta dearfach sa ghearrthéarma le héileamh daingean agus aiseolas dearfach ó thaobh laonna na hÉireann ó chustaiméirí sna príomh-mhargaí, lena n-áirítear, an Ísiltír, an Spáinn agus an Iodáil. Mar sin féin, ní bhaineann cinnteacht leis an méid atá i ndán don earnáil san fhadtéarma agus athbhreithniú ag leibhéal AE ar onnmhairí beo, go háirithe ó thaobh iompar laonna nach bhfuil tógtha.

Déanfar athbhreithniú ar thorthaí agus moltaí roinnt den athbhreithniú a foilsíodh sa bhliain 2022 anois agus reachtaíocht nua á dréachtú sa bhliain 2023 maidir le leas ainmhithe le linn a bheith á n-iompar agus tiocfaidh aon athruithe beartaithe i bhfeidhm ón mbliain 2024 ar aghaidh. Tá an dearcadh dearfach do chatagóirí eallaigh atá níos sine sa ghearrthéarma le soláthairtí eallaigh baile teann i roinnt príomhmhargaí Eorpacha, lena n-áirítear, an Iodáil, an Ghréig agus Oirthear na hEorpa. Féachann an dearcadh ar sholáthar níos ísle i dTuaisceart Éireann, agus meastar go mbeidh éileamh seasmhach d'eallach na hÉireann le linn na bliana 2023.

## CAOIREOIL

**Lean feidhmíocht fhoriomlán earnáil caoireola na hÉireann ag feabhsú le linn na bliana 2022, tháinig ardú 14% go €464 milliún ar onnmhairí agus méideanna onnmhairithe ag ardú 10% go 75,000 tonna. Is í seo an tríú bliain as a chéile inar taifeadadh fás ó thaobh méid agus luach in onnmhairí caoireola na hÉireann.**

Chuir soláthairtí domhanda caoireola a bhí réasúnta teann chomh maith le héileamh seasmhach tomhaltóra le praghsanna láidre an tromualaigh do chaoireoil na hÉireann sa chéad leath den bhliain 2022, in ainneoin ardú ar tháirgeacht baile. Le linn an dara leath den bhliain, bhí tionchar ag costais arda táirgeachta ag leibhéal feirme agus praghsanna beatha agus leasacháin a bhí níos airde chomh maith le coinníollacha deacra fáis féir, ar fheidhmíocht uaineola agus ar deireadh ar infhaighteacht uain lena bpróiseáil. Ag an am céanna bhí infhaighteacht níos ísle lena n-onnmhairí ag teacht le maolú ar an éileamh ar uaineoil i roinnt príomh-mhargaí onnmhairithe mar gheall ar bhrúnna boilscithe ar chumhacht chaithimh tomhaltóra.

In ainneoin éileamh níos laige, bhí praghsanna tromualaigh seasmhach i ndeireadh na bliana 2022, cé go raibh an leibhéal níos ísle ná an tréimhse chéanna sa bhliain 2021 mar gheall go raibh soláthar agus éileamh cothromaithe go mion. Bhí an AE ar an bpríomh-mhargadh d'onnmhairí caoireola na hÉireann, arbh ionann é agus thart ar 75% d'onnmhairí i dtéarmaí méide agus luacha. Bhí iomaíocht a bhí ag dul i méid i ndán do tháirgí na hÉireann i bpríomh-mhargaí onnmhairithe le linn na bliana 2022 nuair a chuirtear i gcomparáid é le tamall de bhlianta. Is mar gheall ar onnmhairí na Ríochta Aontaithe a bheith níos láidre agus ardú freisin ar allmhairí AE ón Leathsféar Theas a tharla sé sin.

### Treochtaí de réir Ceann Scríb

Is ionann margaí an AE agus an ceann scríbe is tábhachtaí d'onnmhairí caoireola na hÉireann, le luach onnmhairí ag €343 milliún sa bhliain 2022, ardú 14% ar leibhéil na bliana roimhe sin. Bhí an Fhrainc ar an dara margadh is mó do chaoireoil na hÉireann le luach onnmhairí ag €143 milliún, arbh ionann é agus 42% d'onnmhairí go léir chuig an AE.

Bhí ardú suntasach de 29% go €78 milliún i luach onnmhairí caoireola chun na Gearmáine le linn na bliana 2022, agus tháinig ardú 11% go €47 milliún ar luach onnmhairí chun na Sualainne freisin.

B'ionann na trí mhargadh seo agus 78% d'onnmhairí caoireola na hÉireann chuig an AE i dtéarmaí luacha le linn na bliana 2022, ardú ó 75% an bhliain roimhe sin.

Idir an dá linn, tháinig beagán ísliú ar luach onnmhairí chun na Beilge agus na Danmhairge sa bhliain 2022, le cúlú 20% agus16% faoi seach. Mar sin féin, ghníomhaigh fás i luach onnmhairí chuig margaí AE eile, lena n-áirítear, an Ísiltír, Lucsamburg agus roinnt tíortha in Oirthear na hEorpa i gcoinne na laghduithe seo.

Tháinig fás ar luach agus ar mhéid onnmhairí caoireola chuig an Ríocht Aontaithe sa bhliain 2022 freisin, agus bhí cuid de seo faoi threallús ag saoráidí a bheith ag roinnt na bpríomhphróiseálaithe uaineola sa réigiún freisin. Bhain onnmhairí caoireola chuig an Ríocht Aontaithe luach €74 milliún amach sa bhliain 2022, ardú 9% ó leibhéil na bliana 2021.

Tháinig ardú 20% i dtéarmaí luacha freisin go €47 milliún ar onnmhairí caoireola chuig tríú tíortha sa bhliain 2022, a bhí faoi threallús beagnach ar fad ag onnmhairí chun na hÍsiltíre agus Ceanada, le méideanna réasúnta beag táirgí á dtrádáil níos faide ó bhaile.





## Féidearthachtaí

Meastar go leanfaidh tionchair bhoilscithe, go háirithe laistigh den AE, le tionchar a bheith acu ar earnáil caoireola na hÉireann le linn na bliana 2023. Beidh costais ionchuir atá ag ardú ag leibhéal feirme agus ag leibhéal próiseála araon mar dhúshlán i leith corrlach san earnáil agus meastar go leanfaidh éileamh níos laige ó phríomh-mhargaí onnmhairithe. Is ionann uaineoil agus feoil dhearg ardluacha agus dá bhrí sin tá sé thar a bheith soghonta ó thaobh cumhacht chaithimh tomhaltóra atá laghdaithe agus i leith iomaíocht ó thaobh próitéiní eile ar chostas íseal.

Mar sin féin, ag féachaint ar chúrsaí atá níos dóchasaí, níl súil le haon ardú suntasach i dtáirgeacht caoireola ar bhonn domhanda sa bhliain 2023 agus beidh tionchar dearfach aige seo ar fheidhmíocht onnmhairí caoireola na hÉireann sna príomh-mhargaí. Bhí comharthaí feabhais le brath in éileamh caoireola na Síne i ndeireadh na bliana 2022 tar éis coinníollacha maolaithe margaidh sa tír sin sa bhliain 2022. Allmhairíonn an tSín thart ar 40% den chaoireoil go léir a thrádáiltear ar bhonn domhanda, mar sin bhí tionchar thar na bearta ag an margadh ar thrádáil dhomhanda caoireola.

Idir an dá línn, bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá mar príomhimreoir sa mhargadh domhanda caoireola agus ghlac isteach méideanna suntasacha táirgí ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn sa bhliain 2022, cé gur ag leibhéal níos ísle é seachas blianta eile.

Beidh láidreacht an éilimh allmhairithe sa tSín agus sna Stáit Aontaithe, go háirithe, mar phríomhchúis le hinfhaighteacht táirge allmhairithe ar mhargadh an AE a chinneadh. Tá rochtain dhíreach chuig na margaí seo mar fhócas ag earnáil caoireola na hÉireann i gcónaí le roinnt dul chun cinn dearfach déanta ó thaobh rochtain a bhrú ar aghaidh sa bhliain 2022. Is ionann margadh na Síne agus deis ó thaobh seirbhís bhia ag tógáil san áireamh an t-éileamh atá ar tháirgí sa réigiún nach bhfuil na margaí baile ná margaí an AE ag cur luach iomlán air, cuireann sé deis ollmhór ar fáil ó thaobh feabhas a chur ar chothromaíocht conablaigh. Tá roinnt dul chun cinn déanta freisin ó thaobh rochtain do chaoireoil na hÉireann chuig Stát Aonraithe Mheiriceá agus mar gheall go bhfuil uaineoil mar shaintáirge sna Stáit Aontaithe, d’fhéadfadh deiseanna suntasacha a bheith sa mhargadh d’onnmhaireoirí na hÉireann nuair a bhainfear amach rochtain dhíreach iomlán chuig an margadh seo.

## MUICEOIL

**DTháinig ardú 4% go €551 milliún, le linn na bliana 2022, ar phríomhonnmhairí muiceola na hÉireann, tráth ar chabhraigh praghsanna a bhí níos airde le frithháireamh a dhéanamh ar roinnt den laghdú sna méideanna a onnmhairíodh, ar tháinig laghdú beag 1% orthu go 237,000 tonna sa bhliain 2022. Bhí costais táirgeachta nach bhfacthas riamh cheana i ndán do tháirgeoirí muca agus bhí tionchar ollmhór aige sin ar a n-inmharthanacht ó thaobh airgeadais ar feadh fhormhór na bliana.**

Bhí soláthairtí muc baile na hÉireann 2% níos ísle ag 3.54 milliún le linn na bliana 2022 i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin. Tháinig teannadh suntasach ar sholáthairtí sa dara leath den bhliain 2022 agus roinnt táirgeoirí ag déileáil le costais arda táirgeachta trí laghdú a dhéanamh ar a gcuid oibríochtaí nó éirigh as an tionscal ar fad.

Ón mbliain 2018, bhain sraith imeachtaí dúshlánacha leis an margadh muiceola domhanda, agus bhí tionchar ag Fiabhras Afracach na Muc (ASF) ar a thús sin a bhí mar chúis le casadh nach bhfacthas riamh roimhe i sreabhadh trádála agus i leibhéil praghsanna. Bhí an margadh muiceola sa bhliain 2022 ag feidhmiú i gcoinne cúlra lenar bhain éileamh domhanda a bhí níos laige de réir mar a d'fhan an cainéal seirbhís bia dúshlánach mar gheall ar shrianta COVID-19 i líon de na príomhréigiúin. Tháinig téarnamh ar tháirgeacht muiceola domhanda i dtús na bliana 2022, a chuir brú anuas ar phraghsanna margaidh.

Is margadh ríthábhachtach atá i margadh na hÉireann do sholáthróirí muiceola na hÉireann mar go n-itear thart ar leath den táirgeacht muiceola go háitiúil. Lean Bord Bia lena fheachtas margaíochta do Mharc Cáilíochta don mhuiceoil ar feadh na bliana 2022. Chomh maith leis sin, tugadh faoi chomhoibriú leis an Chef Network chun cur le próifíl muiceola dearbhaithe cáilíochta na hÉireann do phríomhchinnteoirí sa slabhra bia.

Rinne Bord Bia sraith gníomhaíochtaí margaidh onnmhairithe a stiúradh freisin, inar díríodh ar mhargaí tosaíochta agus ar mhargaí ardchumais, trí thaispeántais ag roinnt seónna trádála idirnáisiúnta chun cabhrú le hardú a chur ar fheasacht i measc custaiméirí féideartha nua i bpríomh-mhargaí Mheicsiceo agus na hÁise maidir le muiceoil na hÉireann.

Chomh maith leis sin, reáchtáladh seimineáir trádála agus imeachtaí rannpháirtíochta chefanna chun na buntáistí a bhaineann le muiceoil na hÉireann a úsáid a chur ar na súile do phríomhchinnteoirí ar fud margaí spriocdhírithe. Sa bhliain 2022, d'aimsigh an tír seo rochtain mhargaidh chun muiceoil a sholáthar don Mhalaeisia.

### Treochtaí de réir Ceann Scríb

Is ar na margaí idirnáisiúnta atá formhór phríomhonnmhairí muiceola na hÉireann dírithe. B'ionann margaí lasmuigh den AE agus den Ríocht Aontaithe agus beagnach dhá thrian nó €350 milliún de luach phríomhonnmhairí na hÉireann sa bhliain 2022.

Mar sin féin, tháinig laghdú suntasach ar an méid muiceola a onnmhairíodh chun na Síne le linn na bliana de réir mar a tháinig téarnamh ar tháirgeacht na Síne chomh maith le tionchar a bhí fós ag COVID-19 ar leibhéil éilimh. Mar thoradh air sin cuireadh níos mó muiceola chuig margaí eile amhail na hOileáin Filipíneacha agus an Chóiré Theas le linn na bliana 2022.

Tháinig laghdú 31% go €130 milliún i dtéarmaí luacha ar onnmhairí muiceola na hÉireann chun na Síne. Mar sin féin, rinneadh an laghdú seo a fhrithháireamh trí fhás láidir i bpríomh-mhargaí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear, an Astráil, na hOileáin Filipíneacha, na Stáit Aontaithe agus an Chóiré Theas, áit ar chuir leibhéil táirgeachta a bhí íseal borradh faoi éileamh allmhairithe. Bhí luach muiceola na hÉireann a cuireadh chuig na margaí seo sa bhliain 2022 40% níos airde ag €150 milliún.

### Treochtaí ó thaobh Praghais

Thosaigh trádáil muiceola ar fud an AE go mall sa bhliain 2022, rud a léirigh leibhéal éileamh allmhairithe níos ísle na Síne ar mhuiceoil ón AE agus cur ar fionraí onnmhairí ón nGearmáin mar gheall ar ASF. Mar sin féin, le linn an dara leath den bhliain 2022, tháinig ardú géar ar phraghsanna muiceola mar gheall ar sholáthairtí a bhí teann ar fud an AE. Tháinig ardú beagnach 28% ar phraghas muiceola na hÉireann sa dara leath den bhliain 2022 le €2.00kg a bhaint amach. Sa bhliain 2022 tháinig ardú thart ar 14% go €1.77/kg ar phraghsanna muiceola na hÉireann. Bhí praghsanna i dtús na bliana chomh híseal le €1.40/kg agus bhain buaicphointe de €2.03 amach i mí na Nollag.



## Féidearthachtaí

Bhí tionchar ollmhór ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar earnáil muiceola an AE mar gheall ar an tionchar a bhí aige ar phraghsanna beatha agus fuinnimh, an dá phríomhionchur do tháirgeoirí muc.

Tá an USDA ag tuar, don bhliain 2023, gur dóigh go dtiocfaidh ardú 1% go 111 milliún tonna ar tháirgeacht muiceola domhanda, rud a léiríonn go mbeidh tuilleadh téarnaimh ag teacht ar tháirgeacht na Síne. Mar sin féin, d'fhéadfadh dúshláin sláinte sa tréad agus tionchar leanúnach an ASF laghdú a dhéanamh ar tháirgeacht ghearrthéarmach agus tionchar diúltach a bheith aige ar thoilteanas táirgeoirí infheistíocht a dhéanamh i bhfás sa todhchaí. Beidh tionchar mór ag luaineacht costas beatha ar sheintimint táirgeora AE a bhfuil an chuma air go leanfaidh sé le teannas geopholaitiúil a léiriú agus go leanfaidh tionchar aimsire ar fhómhair ar fud an leathsféir thuaidh.

Beidh tionchar ag láidreacht dollar na Stát Aontaithe ar onnmhairithe ó Mheiriceá Thuaidh. Is ionann Meiriceá Thuaidh agus 40% sa trádáil dhomhanda muiceola. Rachaidh athruithe de chineál ar bith in iomaíochas chun tairbhe d'onnmhaireoirí domhanda eile ar nós an AE. Níl aon chinnteacht ag baint fós le dearcadh na bliana 2023 ar tháirgeacht na Síne. Measann Rabobank go bhfuil titim 10% tagtha ar thréad cránach na Síne agus, ag brath ar chomh tapa is a tharlaíonn athsholáthar, is dóigh go gcuirfidh sé seo brú ar tháirgeacht.

## ÉINEOIL

**Tháinig ardú 24% go €156 milliún le linn na bliana 2022 ar onnmhairí éineola príomha na hÉireann, agus bhí méideanna an-chosúil leis an mbliain roimhe sin ag 76,000 tonna.**

Bhí comharthaí téarnaimh le feiceáil sa tionscal domhanda éineola le linn na bliana 2022, cé gur lean Fliú na nÉan (AI) le tionchar a bhí ag dul i méid a bheith aige ar an earnáil. Bhí an Eoraip ag streachailt leis an séasúr AI ba mheasa fós dar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Bhí bagairt leanúnach ráigeanna den AI fós thar a bheith dúshlánach don tionscal domhanda éineola mar go raibh sé ag cur isteach ar uibheacha haitseála agus ar éineoil araon.

Bhí tionchar ag boilsciú a bhí ag dul i méid ar fud an AE ar thomhaltóirí ó thaobh aistriú chuig éineoil ar phraghas níos iomaíche sa dara leath den bhliain.

### Treochtaí de réir ceann scríb

Sa bhliain 2022, tháinig ardú 51% go €33 milliún ar onnmhairí éineola na hÉireann. Áiríodh ar phríomh-mhargaí san Eoraip, an Ísiltír, an Fhrainc, an Danmhairg agus an Ghearmáin. Chomh maith leis sin, tháinig fás suntasach ar mhargadh na Spáinne, bíodh is gur ar bhonn íseal é sin, a léirigh díolachán táirgí éineola dorcha chuig an gcainéal miondíola.

Tháinig ardú 31% go €92 milliún ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe, a léirigh téarnamh láidir sa chainéal seirbhíse bia ansin. Bhí onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta 7% níos ísle ag beagnach €31 milliún, a léirigh srianta trádála leanúnacha san Afraic Theas. Onnmhairíodh éineoil na hÉireann chuig margaí Afracacha eile amhail Gána, Siarra Leon agus Beinin





## Féidearthachtaí

Meastar go léireofar téarnamh breise sa tionscal éineola domhanda sa bhliain 2023 in ainneoin dúshláin oibríochta a bhí i ndán don earnáil. Beidh iompar tomhaltóra faoin treallús ag praghas mar thoradh ar thimpeallacht eacnamaíoch atá níos laige, a thacaíonn le tomhaltas éineola.

Mar sin féin, tá tionchar ag an AI ar go leor tíortha anois agus d'fhéadfadh srianta thart ar thrádáil stoc síolraíochta a bheith mar shaincheist leanúnach maidir le soláthar. Is dóigh go mbainfidh na dúshláin oibríochta is mó le costais luaineacha beatha agus fuinnimh. Tá sé á thuar ag anailísithe Rabobank go mbeidh praghsanna beatha idir 10% agus15% níos ísle i dtús na bliana 2023 i gcomparáid leis na buaicleibhéil a bhí ann le linn na bliana 2022, ach beidh sé fós go mór chun tosaigh ar aon ghnáthraon roimhe sin.

Measann an USDA go dtiocfaidh ardú 2% go 103 milliún tonna le linn na bliana 2023 ar tháirgeacht dhomhanda éineola. Ag tógáil timpeallacht eacnamaíoch atá níos laige san áireamh, táthar ag súil le héileamh láidir ó Mheicsiceo, ón Araib Shádach, ó na Stát Aontaithe agus ón AE. Meastar go líonfadh an Bhrasaíl formhór an éilimh ardaithe seo agus príomhsholáthróirí domhanda eile ag streachailt le hardú a chur ar mhéideanna onnmhairí.

# Táirgí agus Comhábhair Déiríochta

### Feidhmíocht Onnmhairithe Déiríochta na hÉ

Tháinig ardú 33% ar onnmhairí déiríochta na hÉireann sa bhliain 2022 i gcomparáid leis an mbliain 2021, agus baineadh an luach ab airde riamh de €6.8 billiún amach. Cuireadh 1.7m tonna de tháirgí chuig os cionn 130 margadh ar fud an domhain. Rinneadh taifeadadh ar 8.8 billiún lítear bainne ó fheirmeacha na hÉireann sa bhliain 2022, cosúil leis an mbliain roimhe sin.

I gcomparáid leis sin, rinneadh taifeadadh ar shreabhadh bainne níos ísle i bpríomhréigiúin onnmhairithe na hEorpa agus na hAigéine agus bailiúcháin taobh thiar de leibhéil na bliana 2021. Bhí tionchar ag costais ionchuir a bhí ard, infhaighteacht íseal saothair agus rialachán comhshaoil i dtoll a chéile ar acmhainneacht táirgeachta bainne sa dá réigiún. Rinne táirgeacht ó Chríocha Mheiriceá níos fearr, leis an Airgintín ag cur go suntasach leis an stór bainne. I dtoll a chéile, meastar go raibh bailiúcháin fhoriomlána bainne ó réigiúin onnmhairithe Chríocha Mheiriceá, na hEorpa agus na hAigéine inchurtha le leibhéil na bliana 2021 nó beagán taobh thiar de na leibhéil sin.

Ó thaobh dearcadh éileamh domhanda de, gníomhaíocht allmhairithe níos ísle ón tSín agus ón Rúis a bhí faoi réir ag trádbhac, rinne éileamh láidir in áiteanna eile é sin a chúiteamh. Tháinig cainéil agus margaí a bhí srianta ag dianghlasáil COVID-19 sna blianta 2020 agus 2021 chucu féin, faoi threallús ag an téarnamh in ídiú sa tseirbhís bhia. Léiríodh téarnamh freisin ó dhúshláin le gairid sa bhiashlabhra, a chiallaigh gluaiseacht níos éasca táirgí. B'ionann na trí chatagóir seo agus díreach faoi 40% de mhéid onnmhairithe déiríochta na hÉireann sa bhliain 2022.

Bhain feidhmíocht láidir leis na réigiúin thosaíochta go léir i dtéarmaí luacha. Mar sin féin, d'fheidhmigh réigiúin ina raibh cion ní mó trádála ó thaobh ime, cáise agus cáiséine amhail an AE, Meiriceá Thuaidh agus an Ríocht Aontaithe níos fearr ná na margaí san Afraic, san Áise agus sa Mheánoirthear, áit a bhfuil fócas níos mó ar phúdar bainne.

In ainneoin láidreacht an fheidhmiúcháin seo, bliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2022 mar gheall ar bhrúnna boilscitheacha a bhí ag ardú de shíor. Beidh

De réir Eurostat, bhí ardú 74% ar mheánphraghas ime an AE ó Eanáir go Meán Fómhair seachas mar a bhí an tréimhse chéanna sa bhliain 2021. Bhí figiúirí comhionanna cáise agus púdair bainne bearrtha (SMP) ag 29% agus 45% faoi seach (an Coimisiún Eorpach, 2022). gníomhaíocht laghdaithe ceannaitheora i roinnt príomhréigiúin allmhairithe agus neamhchinnteacht leanúnach an chogaidh san Úcráin mar thosca a mbeidh tionchar acu ar fhéidearthachtaí déiríochta sa bhliain 2023.

### KPríomhghníomhaíochtaí agus an méid a baineadh amach sa bhliain 2022

Leathnú an Chaighdeáin Féar-chothaithe: Leanadh le hobair i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, le leathnú a chur ar ionaid phróiseála atá deimhnithe le comhábhair agus táirgí críochnaithe agus le táirgí féar-chothaithe a tháirgeadh. Áirítear sa chaighdeán anois critéir do tháirgí simplí, ar tháirgí bunaithe ar dhéiríocht iad go léir beagnach, chomh maith le táirgí atá níos casta le suas go 10% de ghnéithe neamhdhéiríochta.

- **Feachtas Déiríochta atá Cómhaoinithe ag an AE** Bhain an feachtas trí bliana €3.2m an chéad bhliain ar an bhfód amach sa bhliain 2022, agus tá an Eoraip ag cur maoiniú 80% ar fáil chun déiríocht na hÉireann agus na hEorpa a chur chun cinn sa tSeapáin, sa Mhalaeisia, i Vítneam, sa Téalainn agus sna hOileáin Fhilipíneacha. Ar feadh na bliana 2022, thug Bord Bia, chomh maith le tionscal déiríochta na hÉireann faoi shraith gníomhaíochtaí, lena n-áirítear, cuairteanna ceannaitheoirí isteach, seimineáir theicniúla ionmhargaidh agus seónna trádála chun cur le feasacht ar dhéiríocht Eorpach san Áise. Go dtí seo rinneadh teagmháil tríd an bhfeachtas le breis is 200 ceannaitheoir sa tSeapáin, i Vítneam agus sa tSéalainn trí thrí sheimineár theicniúla agus seó trádála. I mí Iúil, rinne Bord Bia óstach ar an toscaireacht aonair ba mhó riamh de cheannaitheoirí déiríochta chun na hÉireann le cuairt ceannaitheora isteach. Áiríodh sa chúrsa taistil seo a mhair ar feadh seachtaine, cuairteanna ar phróiseálaithe déiríochta, ar fheirm dhéiríochta a bhí ceadaithe faoin Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Déiríochta Inbhuanaithe agus Teagasc sa Chloch Liath.

- **Feachtais Mhargaíochta B2B – margaí tosaí** Sa bhliain 2022, reáchtáil Bord Bia clár feachtais margaíochta ar mhargaí an AE, na Ríochta Aontaithe, na hÁise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus é mar chuspóir treallús a chur faoi fheasacht ar dhéiríocht féar-chothaithe na hÉireann agus faoi thús áite a thabhairt d'aimsiú foinsí ó Éirinn i measc ceannaitheoirí roghnaithe trádála. Áiríodh ar ghníomhachtuithe, ailt fógraíochta trádála, cuairteanna iriseoirí isteach agus fógraíocht ar líne. Chomh maith le seasamh seanbhunaithe ó thaobh na hinbhuanaitheachta trí Origin Green, bhí infhaighteacht deimhnithe féar-chothaithe i dtáirgí déiríochta na hÉireann mar ghné sna feachtais seo freisin.

- **Feachtas Lá Domhanda an Bhainne – Gníomhachtú B2B:** Sheol Bord Bia feachtas Lá Domhanda an Bhainne an 1 Meitheamh, chun cur le feasacht ar dhéiríocht féar- chothaithe (an focal sin ceangailte le fleiscín in go leor áiteanna) as Éirinn i measc custaiméirí trádála ar mhargaí idirnáisiúnta. Seoladh an feachtas ar LinkedIn agus díríodh ar chustaiméirí trádála sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Spáinn, san Áise Thoir Theas, sa tSín, san Afraic agus in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha le hábhar físeáin a léirigh dintiúir féar-chothaithe déiríochta na hÉireann.Bhain an feachtas amach 252,083 imprisean, féachadh ar an bhfíseán 85,398 uair agus baineadh ráta 34%.

- **Feachtais B2C maidir le Cáis Feirme na hÉireann:** D'eagraigh foireann déiríochta Bhord Bia dhá fheachtas feasachta cáise feirme, dírithe ar raon na gcáiseanna atá ar fáil a léiriú agus an trácht a stiúradh ar ais chuig leathanach nuafhorbartha gréasáin na cáise feirme ar láithreán gréasáin Bhord Bia. Bhí meascán de phostálacha urraithe agus gníomhaíochtaí ó thionchairí i gceist le breis i 2 mhilliún imprisean amach ó thaobh an méid uaireanta a féachadh ar an bhfíseán.

- **Seimineár Margaí Déiríochta Bhord Bia:** Tionóladh Seimineár Margaí Déiríochta Bhord Bia ar líne an 6 Aibreán 2022 agus d'fhreastail 291 duine ar an lá ar fud tionscal déiríochta na hÉireann. Is é a bhí mar chuspóir leis an imeacht tuiscint níos fearr a chur ar fáil maidir leis an timpeallacht mhargaidh dhomhanda atá ag athrú. Áiríodh sa seimineár cainteanna ar na príomhthéamaí leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue T.D., agus Príomhfheidhmeannach Bhord Bia, Tara McCarthy, agus Painéal Forbartha Gnó Domhanda Bhord Bia, faisnéis maidir le Todhchaí na Déiríochta, léargas maidir leis an Áise Thoir Theas agus Painéal Déiríochta Inbhuanaithe Tomhaltóra.

- **Tuarascáil Mhargaidh Déiríochta MENA agus na hÁise:** Cuireadh leathnú ar mhargadh déiríochta na hÁise Thoir Theas sa bhliain 2022 chun léargas trádála ar an tSín, ar an Meánoirthear agus ar an Afraic Thuaidh a thabhairt san áireamh. Thacaigh faisnéis mhargaidh líne tosaigh leis an léargas trádála seo a bailíodh trí Fhoireann Forbartha Gnó Bhord Bia agus saineolaithe Feet on the Street sna margaí faoiseach.

- **Seónna Trádála:** Lean na seónna trádála le príomhról a imirt ó thaobh cur ar chumas chliaint déiríochta na hÉireann nascadh lena gcuid custaiméirí. Sa bhliain 2022, d'fhreastail Bord Bia in éineacht le tionscal Déiríochta na hÉireann ar Gulfood, Foodex, Salon du Fromage, Biofach, SIAL Paris, Food & Hotel Asia agus Food Ingredients Asia.

Áiríodh ar thionscadail léargais le linn na bliana, leathadh amach seirbhísí 'Market Pulse' sa Nigéir, sa tSeineagáil agus ar an gCósta Eabhair, inar cuireadh léargas ar fáil maidir le coinníollacha margaidh sna príomh-mhargaí déiríochta. Cuireadh tús le hobair ar staidéar na deiseanna do chomhábhair bhreisluacha chun seirbhís a chur ar fáil don earnáil déantúsaíochta cothaitheach sa tSín chomh maith le cleachtadh scóipe chun deiseanna a aimsiú d'im agus do cháis ar Mhór-Roinn na hEorpa.

# Bianna Ullmhaithe don Tomhaltóir, Deochanna agus Bia Mara

## Bianna Ullmhaithe don Tomhaltó

Cuireadh tús dearfach leis an mbliain 2022 agus an geilleagar ag teacht chuige féin tar éis dhianghlasáil COVID-19 agus bhí éileamh seasmhach soiléir i margaí tosaíochta na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. Bhí seasamh maith ag bonn soláthair bianna réamhullmhaithe don tomhaltóir (PCF) chun na bearnaí soláthair sa Ríocht Aontaithe a líonadh agus ag an am céanna bhí gach cosúlacht ann ón Eoraip a thug le tuiscint go raibh deiseanna nua ann ó thaobh fáis.

Mar sin féin, bhí dúshláin i ndán don earnáil freisin i dtéamaí costas níos airde ionchuir, ganntanas saothair agus deacrachtaí eagrúcháin. Chuaigh na dúshláin seo in olcas tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin.

Bhí tionchar ar chostais ionchuir go háirithe. Tháinig ardú 47% ar chostas cruithneachta do thionscal na báicéireachta. Bhain luaineacht idir $1,300 agus $2,400 in aghaidh an tonna le hola lus na gréine sa tréimhse agus tháinig ardú 46% ar phraghsanna déiríochta. Chomh maith le harduithe ar phraghsanna tráchtearraí, bhí tionchar ar chostais pacáistithe agus lóistíochta freisin.

In ainneoin na ndúshlán seo, d'fheidhmigh onnmhairí PCF go maith agus bhain an méid a onnmhairíodh os cionn €3 billiún amach, ardú 17% ar 2021. Bhí ról suntasach ag boilsciú san ardú luacha seo mar a bhí ag an bhfás aon digit ar mhéid.

### Feolta Breisluacha

Tá feolta breisluacha ar an gcatagóir onnmhairí PCF is mó, agus bhain luach thart ar €925 milliún amach in 2022. Is ionann é seo agus ardú 30% ar an mbliain roimhe sin, le honnmhairí ag sárú na leibhéal roimh COVID- 19 le 23%. Is margadh tábhachtach atá san fhochatagóir seo do ghearrthóga ar luach íseal go traidisiúnta a chuimsíonn táirgí amhail comhábhair bhreisluacha don tseirbhís bhia agus do chainéil déantúsaíocht

### Báicéireacht (brioscaí, arán, bácáil mhilis)

B'fhiú luach measta €280 milliún in 2022 onnmhairí báicéireachta iomlán na hÉireann, ardú 17%. B'ionann margadh na Ríochta Aontaithe agus os cionn 90% ó thaobh méid agus luach onnmhairí. Tá arán ar an bpríomhtháirge sa chatagóir seo, ag €195 milliún.

### Réitigh Béile

Tháinig ardú 10% ar luach onnmhairí béile réitigh agus bhain €525 milliún amach, faoi threallús go príomha ag praghsanna níos airde. Bhí nochtadh ó thaobh brú leanúnach i ndán don chatagóir seo mar gheall ar chostas amhábhair agus fuinnimh agus infhaighteacht. B'ionann cainéal reoite na Ríochta Aontaithe agus thart ar 60% ó thaobh luach onnmhairí na catagóire seo.

**€925m**

**Baineadh amach in onnmhairí PCF Feolta Breisluacha**

## Milseogra (seacláid agus milseogra siúcra, sneaiceanna)

Bhain onnmhairí milseogra €400 milliún amach in 2022, ardú 7% ar 2021. B'ionann onnmhairí seacláide agus €280 milliún de sin. Bhí laghdú 2% in 2022 ar an méid seacláide a onnmhairíodh agus tháinig ardú 9% ar luach rud a léirigh boilsciú praghsanna amhábhair agus fuinnimh.

Tháinig ardú in 2022 ar onnmhairiú seacláide príomha na hÉireann, i gcainéil mhiondíola den chuid is mó. Chuidigh athoscailt na gcainéal lasmuigh den bhaile agus cobhsú in éileamh bronntanais le fritháireamh a dhéanamh ar thimpeallacht trádála a bhí deacair.

## Deochanna, uisce, deochanna agus súnna neamhalcólacha carbónáitithe

B'fhiú €265 milliún in 2022 i dtoll a chéile onnmhairí deochanna. Chuir samhradh te borradh faoin éileamh ar dheochanna neamhalcólacha, go háirithe chuig margaí sa Ríocht Aontaithe. Chuir arduithe praghais treallús faoin fhás ar shúnna, ardú de 15% agus bhain €140 milliún amach. Tá ardú tagtha ar éileamh ar dheochanna níos folláine agus seasann an treocht ó thaobh daoine fásta a bheith ag éileamh rogha níos fearr ó thaobh deochanna neamhalcólacha.

## Margadh na Ríochta Aontaithe

In ainneoin na ndúshlán a bhain leis an mBreatimeacht, tá an Ríocht Aontaithe fós ar an margadh is mó don PCF, arbh ionann é agus 65% d'onnmhairí PCF na hÉireann in 2022, ar luach de €1.98 billiún. Is ionann é seo agus ardú de bheagnach 14% rud a léiríonn tiomantas fadtéarmach onnmhairí ó thaobh táirge ar ardchaighdeán agus leibhéil arda seirbhíse á gcur ar fáil do chustaiméirí na Ríochta Aontaithe. Tá onnmhairí PCF na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe éagsúlaithe idir cainéil na seirbhíse bia, miondíola agus déantúsaíochta. Áirítear ar an méid atá ar fáil, lipéad branda agus lipéid príobháideacha araon, agus dírítear ar gach gné den mhargadh ó ábhar príomha go luach.

Chuir athoscailt cainéal seirbhíse bia ar fud na margaí tosaíochta go léir ach go háirithe an Ríocht Aontaithe borradh faoi onnmhairí, go háirithe feolta breisluacha. Chabhraigh dílseacht tomhaltóra i leith bialanna mearsheirbhíse (QSR) le linn dóibh a bheith ag tabhairt aghaidh ar chinntí maidir le buiséad le cothabháil a dhéanamh ar onnmhairí ar feadh na bliana. Bhí an margadh miondíola a thuairiscigh feidhmíocht thar a bheith láidir le linn COVID- 19, maolaithe in 2022 cé gur soláthraíodh deiseanna fáis i gcónaí do chatagóirí amhail arán, milseogra seacláid, súnna agus deochanna.

In 2022, bhí tomhaltóirí na Ríochta Aontaithe níos dírithe ar luach agus bhain an féinbhranda sciar amach de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Chiallaigh an t-aistriú seo dúshlán gnó do dhéantúsóirí agus an choimhlint a bhain le fás ó thaobh méide i gcoinne an bhrú ar chorrlaigh á bhainistiú acu i roinnt cásanna.

Ó thaobh mhargadh na Ríochta Aontaithe dhírigh straitéis Bhord Bia ar chustaiméirí táirgí PCF atá ann cheana féin a choinneáil, ag tógáil san áireamh tábhacht na dtáirgí seo do mhargaí eile, chomh maith le custaiméirí nua a earcú araon. Tá Éire a chur chun cinn mar soláthróir daingean agus tiomanta bia agus deoch chuig margadh na Ríochta Aontaithe mar bhunchloch ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar an ngnó, chomh maith le dintiúir inbhuanaitheachta an tionscail a léiriú trí chlár Origin Green. apaíonn Bord Bia gach deis leis an teachtaireacht seo a sheachadadh trí na meáin, trí líonraí tionscail agus trí chustaiméirí le tacaíocht ón DAFM. Tá rannpháirtíocht a chruthú i measc custaiméirí agus cliaint a bhfuil tionchar acu lárnach ó thaobh na hoibreatá idir lámha ag Bord Bia i ngach margadh. Rinneadh an rannpháirtíocht seo a sheachadadh sa Ríocht Aontaithe trí éascú a dhéanamh ar 15 ghnólacht bia de chuid na hÉireann chun taispeántas a chur ar fáil faoi bhratach na hÉireann ag Taispeántas Bia agus Deochanna in Birmingham. Chomh maith leis sin, tionóladh laethanta custaiméirí féideartha le miondíoltóirí agus mórdhíoltóirí na Ríochta Aontaithe agus cruthaíodh líon deiseanna gnó mar thoradh air sin. Chiallaigh giniúint tosaigh le miondíoltóirí na Ríochta Aontaithe freisin líon cruinnithe tionscnaimh le ceannaitheoirí agus cuideachtaí Éireannacha agus tháinig deiseanna gnó as sin.

Tá faisnéis mhargaidh lárnach ó thaobh forbairt leanúnach gnó nua agus ó thaobh custaiméirí atá ann cheana féin a bhainistiú. Sa bhliain 2022, chuir Bord Bia sraith tuarascálacha, bunachar sonraí agus seimineáir ghréasáin ar fáil chun cliaint a choinneáil ar an eolas, cibé ag leibhéal catagóire nó ag leibhéal cainéil.

**€400m**

**Baineadh amach in onnmhairí Milseogra**

## Margaí Eorpacha

Táthar ag leanúint le margaí a fhorbairt lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus is ionann an AE27 agus 25% d'onnmhairí PCF. Cé go raibh éagsúlú dúshlánach, tá an dul chun cinn seasmhach agus onnmhaireoirí ag cur le gnó agus ag aimsiú custaiméirí nua. B'fhiú €765 milliún onnmhairí chuig an AE, ardú 20% ar an mbliain 2021. Bhí an Ísiltír, an Fhrainc agus an Ghearmáin mar mhargaí tosaíochta sa bhliain 2022. Bhí an Ísiltír ar an margadh onnmhairithe is mó san AE le luach €145 milliún. Le trí bliana anuas, tá fás láidir le brath sa mhargadh ó thaobh réitigh béile, aráin, milseogra seacláide agus súnna agus tá na deiseanna faoi stiúir an chainéil miondíola den chuid is mó. Tá deiseanna ar fáil i gcainéal déantúsaíochta na hÍsiltíre freisin do sholáthróirí comhábhair.

Onnmhairíodh luach €128 milliún de tháirgí PCF chun na Fraince sa bhliain 2022, an dara margadh is mó san AE do tháirgí PCF na hÉireann, ardú de 27%, le harán, gránaigh, milseogra seacláide, réitigh béile agus earraí bácáilte milse ag cur treallús faoin bhfás. Tuairiscíodh fás agus deiseanna freisin maidir le sneaiceanna, uachtar reoite, anlann, leathán agus úsc, bíodh is gur ó bhonn níos ísle é sin. Bhí fás measartha 5% le feiceáil i margadh na Gearmáine, margadh ar luach de €126 milliún, Is dóigh gur féidir é seo a chur síos do mhargadh atá íogair agus an drogall arduithe praghais a ghlacadh isteach ag leibhéal an chustaiméara agus an tomhaltóra. Bhí fás maith le feiceáil go leanúnach ó thaobh catagóirí seanbhunaithe ar nós feolta breisluacha, agus tháinig ardú freisin ar chatagóirí atá ag teacht chun cinn ar nós brioscaí agus sneaiceanna.Custaiméirí nua a earcú i margaí an AE atá mar fhócas ag Bord Bia.

Sa bhliain 2022, chuir Bord Bia agus a chuid cliant taispeántas ar fáil i PLMA, Internorga, FIE agus Biofach. Chomh maith leis sin, tugadh faoi shraith cuairteanna margaidh ar an Ísiltír, ar an bhFrainc agus ar an nGearmáin chun cuidiú le cuideachtaí oscailt a fháil i gcainéil mhiondíola nó seirbhíse bia sna margaí siúd. Thacaigh Bord Bia le cuideachtaí freisin chun treallús a chur faoi ghnó le custaiméirí nua trí fheachtais gníomhachtaithe.

## Na Margaí Idirnáisiúnta

Cé nach bhfuil i gceist leis ach an sciar is lú d'onnmhairí, cuireann an margadh idirnáisiúnta acmhainn fáis mhaith ar fáil do chliaint PCF, go háirithe sna Stáit Aontaithe agus sa Mheánoirthear. Tá onnmhairí chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá ag leanúint orthu ag fás le deich mbliana anuas agus is fiú gar do €120 milliún an margadh anois.

Tá torthaí dearfacha á soláthar ag infheistíocht sa mhargadh seo, chomh maith le hacmhainn leanúnach agus le tacaíochtaí forbartha gnó. Tá costais taistil mar ghné theorantach i gcónaí. Tá Bord Bia ag díriú ar ghnó nua a bhunú sa mhargadh seo trí acmhainn cliant a fhorbairt agus rannpháirtíocht custaiméirí cliaint a bhfuil brí leis a éascú. Cuireann margadh an Mheánoirthir deiseanna ar fáil sna cainéil mhiondíola agus seirbhíse bia do tháirgí branda agus do tháirgí den scoth, le honnmhairí ar fiú €24 milliún iad. Tá rannpháirtíocht sa Gulfood mar bhunchloch gníomhaíochta in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus sa bhliain 2022, tugadh faoi sin i gcomhar le misean trádála. De bharr an mhisin trádála, rinneadh gnó nua a fhorbairt ó shraith cuairteanna ceannaitheora isteach chun na hÉireann.



# Deochanna

Bhí an bhliain 2022 mar bhliain den scoth d'onnmhairí deochanna na hÉireann, le luach a mheastar a bheith gar do €2 bhilliún. Léiríonn sé seo teacht aniar dheochanna na hÉireann tar éis deacrachtaí ollmhóra le blianta beaga anuas. Tháinig ardú 22% ar luach onnmhairí sa bhliain 2022 seachas leibhéil na bliana 2021 rud a thaispeánann téarnamh agus fás thar na bearta atá ag an earnáil.

Chuidigh an fás seo le fritháireamh a dhéanamh ar thionchar na timpeallachta maidir le costais ionchuir atá ag fáil níos dúshlánaí agus bhí sé faoi threallús ag ardú láidir ar luach onnmhairí uisce beatha (ardú 25%) agus licéir uachtair (ardú 14%) na hÉireann. Rinne téarnamh onnmhairí beorach na hÉireann le hardú 19%, agus teacht chun cinn na catagóire Réidh le hÓl (RTD) in Éirinn forlíonadh ar an fhás. Bhí préimhiú dheochanna na hÉireann ar cheann de na príomhchúiseanna leis an ardú ar luach onnmhairí agus tháinig fás ar an luach foriomlán a bhí faoi dhó níos mó ná an ráta méideanna. Bhí préimhiú agus tomhaltóirí a bheith ag éileamh "níos lú ach níos fearr" mar threocht atá ag dul i méid i gcónaí i bpríomh-mhargaí onnmhairithe dheochanna na hÉireann, ar nós Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá dúshláin fós i ndán don earnáil sa timpeallacht níos leithne. Mar earnáil atá ag brath go mór ar fhuinneamh, bhí costais ionchuir níos airde á mbrath ag comhlachtaí deochanna na hÉireann in 2022.

Chuir infhaighteacht agus costas gloine, costas lóistíochta agus boilsciú praghsanna ionchuir leis na deacrachtaí a bhí á mbrath. Chomh maith leis sin, bhí dúshláin leanúnacha i ndán do roinnt príomh- mhargaí onnmhairithe a bhí ag teacht chun cinn ar nós na Síne, bhain na deacrachtaí seo le COVID- 19. Mar sin féin, bhain an tionscal leas as athoscailt na trádála de réir a chéile, go háirithe d'onnmhairí beorach.

Tá Meiriceá Thuaidh ar an bpríomh-mhargadh onnmhairithe do dheochanna na hÉireann i gcónaí, arbh ionann é agus 52% d'onnmhairí iomlána deochanna. B'ionann onnmhairí chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá agus díreach faoi €1 billiún sa bhliain 2022. Níos gaire do bhaile, b'ionann an AE agus 21% d'onnmhairí iomlána deochanna na hÉireann. Is margadh láidir í an Ríocht Aontaithe i gcónaí in ainneoin na ndeacrachtaí a chruthaigh an Breatimeacht d'onnmhaireoirí, agus b'ionann an margadh sin agus 14% d'onnmhairí iomlána dheochanna na hÉireann. Leanann na príomhréigiúin seo le treocht dhearfach i leith onnmhairí iomlána dheochanna na hÉireann. Léirigh margaí aonair amhail na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Fhrainc agus an Ghearmáin fás láidir sa bhliain 2022. Rinneadh forlíonadh air seo trí mhargaí eile amhail Poblacht na Seice, an Iodáil, an Spáinn agus Meicsiceo.

Chuir cailliúint dhá phríomh-mhargadh, an Rúis agus an Úcráin, iallach ar chomhlachtaí na hÉireann cúrsaí a athrú agus éagsúlú a dhéanamh ar a spriocmhargaí, atá léirithe sa láidreacht fáis i margaí atá ag teacht chun cinn. Tá an India anois ar an margadh onnmhairithe is mó san Áise d'uisce beatha na hÉireann, agus rinneadh taifeadadh ar fhás thar na bearta ansin sa bhliain 2022. Cé go bhfuil dúshláin shuntasacha rialála agus slabhra soláthair i gceist ó thaobh dul isteach sa mhargadh, tá an India ar an margadh uisce beatha is mó ar domhan de réir an IWSR (2022), agus soláthraíonn acmhainn shuntasach fáis d'uisce beatha na hÉireann amach anseo. Bhí athrú iomlán ar fhás i roinnt de na príomh-mhargaí do dheochanna na hÉireann atá ag teacht chun cinn ar nós na Nigéire agus bhí marbhántacht sa Pholainn i gcomparáid le fás tréan ansin sa bhliain 2021. Mar sin féin, rinne fás leanúnach i margaí eile a bhí ag teacht chun cinn amhail an Afraic Theas, an Astráil agus an tSín fritháireamh air sin.

## Uisce Beatha na hÉirean

Tá uisce beatha na hÉireann mar phríomhthiománaí fáis i gcónaí agus meastar onnmhairí a bheith díreach faoi €1 bhilliún. Tá uisce beatha na hÉireann sa phríomhchatagóir fáis i bhformhór na margaí onnmhairithe agus baineann leas as treochtaí préimhithe domhanda. Ar aon dul le honnmhairí foriomlána deochanna, tháinig fás 25% ar onnmhairithe uisce beatha na hÉireann, a sháraigh fás ó thaobh méideanna, rud a léiríonn an tionchar atá ag boilsciú de bharr costais agus ag préimhiú laistigh d'earnáil uisce beatha na hÉireann. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá fós mar phríomh-mhargadh d'onnmhairí uisce beatha na hÉireann agus is ionann é agus 57% den luach iomlán onnmhairithe. Léirigh margaí ar nós na Gearmáine agus na Fraince fás dearfach 20% agus 10% faoi seach. Bhí fás láidir freisin i margaí a bhí ag teacht chun cinn amhail Poblacht na Seice, an Afraic Theas agus an Astráil. I dtéarmaí margaí nua d'onnmhairí uisce beatha na hÉireann, tháinig dúbailt ó thaobh luacha ar mhargadh na Síne ag sárú €14 mhilliún, arbh ionann é agus 85% d'onnmhairí deochanna na hÉireann chun an mhargaidh.

Mar sin féin, sa bhliain 2022 tháinig laghdú ar rátaí fáis roinnt de na margaí a bhí ag teacht chun cinn d'uisce beatha na hÉireann ar nós na Nigéire agus na Polainne, margaí ina raibh fás láidir sa bhliain 2021. Léiríonn sé seo méadú de réir a chéile ar stoc ag teannadh leis an mbliain 2022.

## Licéar Uachtair na hÉirean

Lean onnmhairí licéar uachtair na hÉireann le tairbhe a bhaint as treochtaí maidir le préimhiú domhanda agus aistriú chuig níos mó licéir uachtair á ól ag baile. Tháinig fás measta 14% go €448 milliún in 2022 ar iomlán na n-onnmhairí. Lean margaí onnmhairithe amhail Stáit Aontaithe Mheiriceá, Meicsiceo agus an Ghearmáin ag feidhmiú go láidir. Lean an tSín ag teacht chun cinn mar mhargadh fáis, ardú le 87% ar an mbliain roimhe sin. Tá formhór táirgí licéar uachtair na hÉireann ar an bpríomhsciar den chatagóir seo. Ciallaíonn préimhiú go leanann licéir uachtair na hÉireann ag déanamh níos fearr ná táirgí ardchaighdeáin agus luacha sna príomh-mhargaí ar nós Stáit Aontaithe Mheiriceá, rud a chuireann féidearthachtaí láidre ar fáil don chatagóir sa mheántéarma.



## Catagóirí eile deochan

Bhí onnmhairí beorach na hÉireann ar na honnmhairí is mó a raibh tionchar ag srianta COVID- 19 orthu mar go bhfuil siad ag brath go mór ar fhilleadh na trádála. Bhí laghdú bliain ar bhliain do 2020 agus 2021 mar thoradh ar dhúnadh an chainéil seo i bhformhór na margaí onnmhairithe. Mar sin féin, bhí comharthaí téarnaimh le brath sa bhliain 2022 agus ardú ag teacht ar luach agus ar mhéid na n-onnmhairí, go 19% agus14% faoi seach, rud a léirigh feidhmíocht láidir i margaí ar nós na Ríochta Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Gearmáine. Ar an iomlán, b'fhiú €280 milliún luach onnmhairí beorach, atá 7% faoi leibhéil 2019 ach arbh ionann é agus an chéad bhliain ó thaobh fás bliain ar bhliain le dhá bhliain anuas. Tá roinnt margaí onnmhairí ar nós na Fraince atá faoi réir ag meath i gcónaí, síos 9%, cé go meastar go dtiocfaidh tuilleadh téarnaimh air.

Is catagóir réasúnta nua atá sna RTDanna sa tionscal deochanna domhanda ar tháinig fás tréan orthu i dtéarmaí luacha onnmhairí, le dúbailt go dtí níos mó ná €74 milliún. Téann beagnach 80% d'onnmhairí chuig margaí ina bhfuil an chatagóir bunaithe cheana féin iontu ar nós Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na hAstráile. Tháinig laghdú de bheagán ar onnmhairí leanna úll in 2022 go luach measta de €73 milliún. Is mar thoradh ar luachanna níos ísle onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe an laghdú seo, atá síos 5%, tá an Ríocht Aontaithe ar an bpríomh-mhargaí onnmhairí do leann úll na hÉireann.

Mar sin féin, tháinig ardú ar onnmhairí chuig Meiriceá Thuaidh agus an AE, ardú 48% agus 75% faoi seach. Lean onnmhairí jin na hÉireann ag ardú, cé gur ó bhonn níos ísle é ná catagóirí eile, le hardú 48% chuig luach measta de €23 milliún in 2022. Ar nós catagóirí eile deochanna, bhain jin leas as treocht maidir le préimhiú domhanda, a chiallaigh feidhmíocht láidir do líon brandaí.Chiallaigh athoscailt na trádála sna Stáit Aontaithe agus neartú cultúr na manglamóireachta sna mórchathracha fás láidir agus ardú beagnach faoi thrí ar thrádáil go €12 mhilliún. Rinneadh forlíonadh air seo trí fhás i margaí a bhí ag teacht chun cinn ar nós na Nigéire agus na hAfraice Theas.

Bhí an feachtas "Spirit of Ireland" Bhord Bia mar phríomhthionscnamh don earnáil. Is imeacht oideachais atá sa chlár seo atá

dírithe ar fhoireann na líne tosaigh, ar cheannaitheoirí agus ar úinéirí bunaíochtaí trádála i margaí spriocdhírithe. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue a sheol an tionscnamh sa Liquor Control Board in Ohio in Aibreán 2022. Rinne Bord Bia seachadadh ar dhá cheann déag (12) de na himeachtaí seo le linn na bliana 2022 do stáit eile sna Stáit Aontaithe, Ceanada agus ag imeachtaí trádála sa Fhrainc agus sa Ghearmáin.

Cuireadh fáilte roimh an tionscnamh agus déanfar é a leathadh amach ar fud níos mó margaí in 2023. Chuir Bord Bia taispeántas ar fáil ag trí cinn de sheónna trádála agus bhí 28 cliant ar an iomlán rannpháirteach. Rinne Bord Bia trí cinn de mháistir-ranganna a sholáthar sa tSín (Shang-hai, Shenzhen agus Guangzhou) agus chuir taispeántas ar fáil ag Hey Whiskey i Shenzen. Comhroinneadh léargas iontrála margaidh leis an earnáil deochanna a chlúdaíonn an Ghearmáin, an India agus an Pholainn a théann chun leasa do chliaint atá ag déileáil leis na margaí sin den chéad uair. Chuir Bord Bia dhá sheisiún oiliúna cumais do chliaint ar fáil freisin a chlúdaíonn ullmhúchán do sheónna trádála agus oiliúint iontrála margaidh le linn na bliana. Chomh maith leis sin, tugadh obair chun críche le seachtar cliant deochanna maidir le forbairt branda agus suíomh.

**€2bn**

**Luach measta i luach onnmhairí deochann**

# Bia Mara

Tháinig ardú ar onnmhairí iomlána bia mara príomha go luach measta de €513 milliún in 2022, arbh ionann é agus ardú €4 mhilliún ó thaobh luacha ar an mbliain 2021. Is ionann é seo agus feidhmíocht láidir ón earnáil, cé go raibh treochtaí éagsúla ar fud speiceas.

In ainneoin ardú dearfach ar luach, bhí laghdú 17% ar an iomlán ar na méideanna iomlána a onnmhairíodh, rud a léirigh na cúrsaí dúshlánacha a bhí i ndán d'onnmhaireoirí bia mara na hÉireann ó thaobh soláthar a aimsiú. Léiríonn sé seo go bhfuil tionchar ag laghdú cuótaí ó Chomhaontú Trádála agus Comhair (TCA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ar líon príomhspeiceas, an scéim scoir shealadach, níos lú laethanta ar an bhfarraige mar gheall ar dhrochaimsir agus costas díosal mara chomh maith le costais foriomlána níos airde d'iascairí agus do lucht próiseála araon. Tháinig fás mór ar onnmhairí bia mara breisluacha le linn na bliana 2022 agus b'fhiú €118 milliún iad, ardú 24% ar an mbliain roimhe sin. Leanann an fás seo leis an treocht láidir a bhí le feiceáil le blianta anuas.

## Treochtaí de réir earnála

Bhí bliain dheacair ag earnáil na bpeiligeach in 2022, le ciorrú ar chuóta na ronnach mar thoradh ar an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA). D'fhág sé sin earnáil próiseála na hÉireann i gcruachás maidir le soláthairtí amhábhair chun freastal ar riachtanais a gcustaiméirí ar an margadh idirnáisiúnta. Leanann an chatagóir seo le bheith ceannasach in onnmhairí bia mara na hÉireann i dtéarmaí luacha, arbh ionann é agus 67% d'onnmhairí iomlána bia mara. Bhí luachanna onnmhairí seasmhach ag €184.7 milliún in 2022 i gcomparáid le 2021 cé gur tháinig laghdú 18% ar mhéideanna le linn na tréimhse céanna go 140,000 tonna. Mar sin féin, tháinig ardú os cionn 30% ar an meánphraghas in aghaidh an tonna, a léirigh éileamh láidir ar speiceas peiligeach ar na margaí idirnáisiúnta. Amhail blianta roimhe seo, in ainneoin na drochaimsire a bhí thar a bheith dúshlánach sa chéad ráithe de 2022, rinne an earnáil a míle dícheall breith ar fhormhór chuóta na ronnach ag tús an tséasúir. Chuir sé seo threallús faoi ardú in onnmhairí i dtús na bliana. Faoi dheireadh an Aibreáin, bhí 85% de chuóta iomlán ronnach tugtha i dtír. Chiallaigh méideanna níos lú ronnach agus bolmáin go hidirnáisiúnta éileamh láidir margaidh agus iomaíocht níos géire ó thaobh amhábhar. Tháinig ardú de bheagnach 30% ar phraghas na ronnach le linn na bliana. Bhí coinníollacha margaidh thar barr don ronnach san Áise agus praghsanna arda le fáil. Meaitseáil go leor custaiméirí ó Oirthear na hEorpa na praghsanna seo chun soláthar a aimsiú. Bhí éileamh láidir ar fhaoitín gorm san Afraic Theas agus sa tSín, cé gur chruthaigh saincheisteanna a bhain le COVID- 19 sa mhargadh saincheisteanna sa slabhra soláthair.

Tháinig ardú 7.5% ó thaobh luacha ar onnmhairí sliogéisc agus bhain €183 milliún amach in 2022 i gcoinne cúlra ina raibh méideanna cobhsaí, ardú 38% ar 2021, rud a léirigh an láidreacht ó thaobh éileamh ar shliogéisc na hÉireann ar na margaí idirnáisiúnta. Le linn na bliana 2022, bhí ardú leanúnach ar an meánphraghas in aghaidh an tonna (+10%) ar fud raon speiceas a onnmhairíodh as Éirinn. Léiríonn an méid seo éileamh láidir chomh le soláthairtí teanna ó na tíortha onnmhairithe go léir. Tháinig ardú ó thaobh luacha ar onnmhairí sliogéisc chun na hÁise i gcoinne cúlra le méideanna níos lú. Tharla sé sin in ainneoin thionchar COVID- 19 ar fud na bpríomhréigiún sa tSín. Léiríodh téarnamh maith ó thaobh luacha i margaí an AE freisin.

Bhí éileamh láidir ar speiceas ardluacha ar nós ghliomach na hIorua ar feadh na bliana ach bhí ceannaitheoirí fós cúramach ó thaobh thionchar an bhoilscithe a bhí ag ardú ar éileamh tomhaltóra. Bhí an t-éileamh láidir ó earnáil miondíola na Fraince do chloicheáin réamhphacáistithe le linn na bliana 2022 agus ba é easpa soláthair ón Ríocht Aontaithe mar gheall ar an mBreatimeacht ba chúis le cuid den sin, agus an costas agus an riarachán breise maidir le déileáil le táirgí ó thíortha lasmuigh den AE. Bhí éileamh láidir freisin ar ghrád 'Speciales' oisrí na hÉireann le linn na bliana 2022. Bhí sé mar straitéis i measc onnmhaireoirí oisrí na hÉireann sa bhliain 2022 tosaíocht a thabhairt do chustaiméirí rialta fadtéarmacha seachas spotmhargaí, áit a raibh praghsanna níos airde agus i bhfad níos luainí.

Tá earnáil bradán orgánach na hÉireann mar chuid thábhachtach i gcónaí den chatagóir bia mara fhoriomlán, arbh ionann é agus 20% de luach onnmhairí, in ainneoin nach bhfuil i gceist ach díreach 6% ó thaobh méideanna. Bhí laghdú 8% in onnmhairí le linn na bliana i gcoinne laghdú 5% ar mhéideanna a onnmhairíodh. Tháinig ardú thar na bearta ar phraghsanna traidisiúnta bradáin sa chéad leath de 2022, cé nach raibh an t-ardú seo le brath chomh mór céanna i mbradán orgánach na hÉireann. Bhí laghduithe breise tagtha ar sholáthairtí sa dara leath de 2022 mar gheall ar choinníollacha olca ar farraige. Cuireadh srian ar bhrabúsacht san earnáil le linn na bliana mar gheall ar chostais bheatha a bhí ag ardú, ganntanas saothair agus costais fuinnimh a bhí ag dul i méid. Tá soláthairtí bradáin le deimhniú orgánach atá ag dul i méid atá le fáil anois ó thairgeoirí ó Albain agus ón Iorua ag cur brú mór ar phraghsanna sa mhargadh. Bhí onnmhairí éisc ghil seasmhach ag €47 milliún ach tháinig titim 18% go 10,691 tonna ar an méid a onnmhairíodh. Léirítear ansin, ciorrú cuóta, an scéim mhoillithe shealadach, costais níos airde agus coinníollacha deacra ó thaobh aimsire a raibh tionchar acu ar oibríochtaí iascaireachta le linn na bliana. Bhí soláthairtí teann ar feadh na bliana agus bhí praghsanna go maith mar gheall ar sholáthar a bheith gann agus an aimsir a bheith go dona. Bhí sé dúshlánach don lucht próiseála a bheith in iomaíocht ó thaobh soláthairtí agus bhí coinneáil foirne dúshlánach mar gheall ar easpa cinnteachta ó thaobh oibre mar gheall ar ghanntanas amhábhair ag amanna áirithe den bhliain. Chuir costais fuinnimh, saothair agus ionchuir eile a bhí ag ardú brú suntasach ar chorrlaigh lucht próiseála. Áiríodh ar phríomhthionscnaimh Bhord Bia chun tacú le hearnáil bia mara na hÉireann in 2022, feachtais náisiúnta fógraíochta chun treallús a chur faoi thomhaltas bia mara agus dílseacht a chothú d'iasc geal agus do shliogiasc a thugtar i dtír go háitiúil, feachtais meán B2B agus B2C sa Fhrainc agus sa Ghearmáin chun treallús a chur faoi bhia mara na hÉireann a roghnú, feachtais trádála B2B i margaí onnmhairí atá ag teacht chun cinn chun cur le feasacht ar Éirinn mar sholáthróir bia mara le cáilíocht den scoth, a fhoinsítear go freagrach agus feachtais leathana trádála meán KOL sna spriocmhargaí chun cur le feasacht agus éileamh a chruthú ar bhia mara na hÉireann.

Thacaigh Bord Bia le hearnáil na hÉireann freisin trí láithreacht faoi bhratach Origin Green ag cúig cinn de sheónna bia mara ceannródaíocha go hidirnáisiúnta, a chuir ardán ar fáil chun bia mara na hÉireann a chur chun cinn do lucht féachana ar bhonn domhanda agus imeachtaí líonraithe chun ceannaitheoirí a nascadh le soláthróirí na hÉireann.

## Féidearthachtaí Bia Mara

Tá ionchais na hearnála fós measctha do 2023 ar fud speiceas difriúla. Tá tionchar ag costais arda ionchuir, díosal mara, pacáistiú agus costais saothair agus infhaighteacht mar dhúshláin ar fud gach speiceas. Don speiceas peiligeach, beidh ciorrú breise 2.5% i gcuóta na hÉireann in 2023. Beidh sé mar dhúshlán don lucht próiseála ó thaobh báid eachtracha a mhealladh chun teacht i dtír a leagfaidh síos an críochluach onnmhairithe don earnáil in 2023. Le níos lú de chuóta na hÉireann ar fáil, beidh táirgí breisluacha lárnach ó thaobh cur an méid is fearr is féidir le torthaí do na hiascairí agus do lucht próiseála. Meastar go leanfaidh sliogiasc ag feidhmiú go maith in 2023 le fáis leanúnach a bhaint amach i margaí an AE agus na hÁise. Beidh margadh na Síne dúshlánach mar gheall ar shrianta leanúnachaCOVID-19 atá ag cur as don earnáil seirbhíse bia ansin. Beidh sé mar aidhm ceannaitheoirí nua sliogéisc a earcú agus cur le meáchan an cheannaithe i measc cheannaitheoirí sliogéisc na hÉireann atá ann cheana féin. Maidir le speiceas fionnuisce, beidh an bhliain 2023 dúshlánach mar go mbeidh níos mó iomaíochta ann ó thaobh táirgí orgánacha ó Albain agus ón Iorua agus cuirfidh sé seo brú ó thaobh praghais ar sholáthairtí na hÉireann. Beidh bliain dheacair i ndán d'onnmhaireoirí éisc ghil ach ba chóir go mbeadh teacht aniar in éilimh sna príomh-mhargaí baile agus onnmhairithe. In ainneoin na ndúshlán, tá infheistíocht á déanamh ag an tionscal chun éifeachtúlachtaí táirgiúlachta níos fearr a chinntiú, trealamh maidir le fuinneamh in-athnuaite agus línte pacáistithe a shuiteáil chun luach a chur lena gcuid táirgí. Is ábhar misnigh an fás sa sciar breisluacha agus ba chóir go leanfadh sé seo ag fás go láidir sa bhliain atá romhainn agus níos faide ar aghaidh de réir mar a fhreagraíonn an tionscal d'éileamh tomhaltóra ar níos mó éascaíochta agus nuálaíochta ón tionscal.

**7.5%**

**i luach sliogéisc sa bhliain 2022**

# Gairneoireacht

## Forléargas

Áirítear i dtionscal na gairneoireachta earnáil an bhia sa ghairneoireacht agus an ghairneoireacht chonláiste. Tá 6,600 duine fostaithe sa táirgeadh príomhúil. Meastar, ar an iomlán, go raibh an luach ag geata na feirme don tionscal gairneoireachta gar do €500m sa bhliain 2022.





## Margadh na dtáirgí úra

Luacháladh margadh miondíola na dtáirgí úra ag €1.63bn sa bhliain 2022 laghdú 6% ar 2021. Bhí sé sin faoi threallús go príomha ag athoscailt na tíre tar éis COVID- 19. Chomh maith leis sin, chiallaigh níos lú daoine a bheith ag obair ón mbaile nach raibh an oiread táirgí úra á gceannach. Tháinig laghdú sa bhliain 2022 ar mhinicíocht ceannacháin agus ar mhéid in aghaidh turais i gcomparáid le 2021. B'ionann torthaí agus 49.6%, glasraí agus 36.3% agus prátaí agus 11.1%. Luacháladh na catagóirí seo ag €810 milliún, €593 milliún agus €231 milliún faoi seach. Chonacthas roinnt téarnaimh sa mhargadh seirbhíse bia do tháirgí úra in 2022, tar éis an chainéil seo a athoscailt i ndiaidh dhianghlasáil na paindéime.

## Torthaí agus Glasraí

Bliain mhaith fáis a bhí sa bhliain 2022 don bharr agus tuairiscíodh toradh maith a bhí ar ardchaighdeán. Chuir an samhradh te borradh faoi éileamh ar bhogthorthaí agus ar ábhar sailéid. Mar sin féin, chruthaigh an seal triomaigh i ndeireadh an tsamhraidh dúshláin agus bhí infhaighteacht uisce mar dhúshláin ó thaobh fhás na mbarr áirithe i roinnt áiteanna. Tharla laghdú ar éileamh le hathoscailt an gheilleagair ó thaobh torthaí agus glasraí áirithe sa mhargadh miondíola mar gur tháinig laghdú ar tháirgí a bhí á gceannach le hithe sa bhaile. Mar sin féin, tá éileamh go maith seachas mar a bhí roimh COVID- 19.

Ar an tsaincheist ba mhó a bhí ag saothróirí sa bhliain 2022, bhí an t-ardú suntasach ar chostais ionchuir, faoi threallús ag an gcogadh san Úcráin. Go háirithe, costas fuinnimh a bhí thar a bheith dúshlánach maidir le trátaí, cúcamar agus piobair. Chuir tacaíocht Rialtais don earnáil trí scéim HEP cuidiú airgid ar fáil don earnáil ag am a bhí ríthábhachtach don tionscal.

Bhí infhaighteacht saothair mar shaincheist ollmhór don tionscal mar go raibh sé dúshlánach leibhéil leordhóthanacha foirne ar ardchaighdeán a fháil do phríomhthascanna agus d'oibríochta ar fud slabhra soláthair na dtáirgí úra.

## Muisiriúin

Sa bhliain 2022, bhí luach ag geata feirme thionscal na muisiriún cothrom le €129 milliún. Rinne tionscal na muisiriún 85% den táirgeadh seo a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe agus díoladh an fuílleach ar an margadh baile. Bhí díolachán muisiriúin ar mhargaí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann araon laghdaithe tar éis den phaindéim a bheith críochnaithe agus bhí siad ar aon dul le leibhéil roimh an bpaindéim. Chruthaigh luaineacht airgeadra agus arduithe costas ar mhargadh na Ríochta Aontaithe dúshláin ach bhí teacht aniar san earnáil, agus níor tháinig ach laghdú 5% ar luach onnmhairí bliain ar bhliain.

## Prátaí

Meastar gurb ionann táirgeadh prátaí sa bhliain 2022 agus níos mó ná 300,000 tonna agus gur fásadh níos mó ná 8,500 heicteár. Tá an cineál Rooster fós ina phríomhchineál barra práta, a dhéanann suas 60% den churaíocht. Tá Kerrs Pink, Queens agus cineálacha le haghaidh táirgeadh criospaí ina gcineálacha suntasacha barra prátaí freisin. Is é an margadh baile an príomh-mhargadh do thionscal na bprátaí, a luacháladh ag €231m in 2022 ag an leibhéal miondíola. Cé gur tháinig laghdú ar mhéideanna díolachán miondíola i gcomparáid le tréimhsí na dianghlasála, fós rinneadh taifeadadh ar mhéideanna níos airde díolacháin seachas leibhéil roimh an bpaindéim. Tá na prátaí ar bharr an liosta i gcónaí mar fhoinse carbaihiodráite ar an margadh.

## Barra Conláiste

Measadh gurb ionann luach aschuir na hearnála conláiste agus os cionn €70m in 2022. Tháinig fás agus léiríodh spéis thar na bearta sa gharraíodóireacht agus i gcaiteachas ar an ngarraíodóireacht le linn dhianghlasáil na paindéime agus daoine sa bhaile ar feadh tréimhsí fada in 2020 agus 2021. Sa bhliain 2022, bhí leibhéal spéise agus éileamh fós láidir, cé nach ag an leibhéal a bhí le feiceáil le dhá bhliain anuas é. Measadh caiteachas teaghlaigh sa bhreis ar €1 billiún don tréimhse sin.

Ba bhliain chorrach a bhí ag an mbarra conláiste, tar éis leibhéil ardaithe díolacháin in 2020 agus 2021. Tháinig laghdú de bheagán ar dhíolachán plandaí ach d'ardaigh díolachán duilliúir. Bhí spéis mhór sa gharraíodóireacht i gcónaí agus bhí roinnt ganntanas plandaí ar fud na hEorpa cé go bhfuil feabhas ag teacht ar sholáthar. Is é margadh na Ríochta Aontaithe an príomh-mhargadh onnmhairithe do tháirgí na hÉireann. Sheas díolacháin chuig na margaí go léir ag €20 milliún in 2022, ardú i gcomparáid le 2021

## An Ghairneoireacht a Chur Chun Cinn

### Prátaí a Chur Chun Cin

Tháinig feachtas trí bliana an AE agus an tionscal, "Potatoes, Prepare To be Surprised" chun críche ag deireadh na bliana 2022. Reáchtáladh an feachtas den chuid is mó ar fud na bpríomhchainéal meán sóisialta, le béim faoi leith ar Instagram. Seoladh trácht go seasta chuig láithreán gréasáin an fheachtais, potato.ie. Cuireadh tús le feachtas leanta maidir le prátaí atá dírithe ar mhílaoisigh in 2023 agus beidh sé sin á reáchtáil ar feadh trí bliana eile.

### Feachtas "Tá an Saol Níos Fearr le Torthaí agus Glasraí" an AE

Seoladh feachtas "Tá an Saol níos Fearr le Torthaí agus Glasraí" an AE i samhradh na bliana 2022, agus é mar aidhm cur leis an leibhéal eolais i measc mílaoiseach maidir le tairbhe, ilúsáideacht, inbhuanaitheacht agus praiticiúlacht torthaí agus glasraí. Chuimsigh an feachtas nua cur chun cinn séasúrach bogthorthaí agus sútha talún. Faoi dheireadh 2022 bhí scannánaíocht á dhéanamh ar shaothróirí barra difriúla.

Tá na físeáin seo ar láithreán gréasáin an fheachtais agus cuirtear chun cinn iad ar fud ardáin meán sóisialta a chuireann an lucht féachana ar an eolas maidir leis an mbealach a gcuirtear torthaí agus glasraí ón bpáirc chomh fada le seilfeanna sna hollmhargaí. Táthar ag leanúint le gníomhaíocht cur chun cinn agus dírítear an pobal ar láithreán gréasáin an fheachtais www.fruitnveg.ie.

### Tionscnamh Cur Chun Cinn Trádála Muisiriúin sa Ríocht Aontaithe

Reáchtáladh sa tionscnamh seo, ar thacaigh Bord Bia leis i gcomhar le tionscal na muisiriún, gníomhaíocht cur chun cinn muisiriúin do thomhaltóirí le linn na bliana ar fud líon cainéal, lena n-áirítear, teilifís, allamuigh agus cúrsaí digiteacha. Chuidigh maoiniú suntasach a fuarthas ó Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) leis an ngníomhaíocht seo Chumasaigh an méid sin léiriú agus craoladh a dhéanamh ar fheachtas fógraíochta teilifíse ag teannadh le deireadh na bliana 2022 a chabhraigh le taca a chur faoi éileamh sa mhargadh ag an tráth sin.

### Feachtas Scoth an tSéasúir

Is éard a bhí mar chuspóir le Feachtas Scoth an tSéasúir, feasacht a mhéadú i measc tomhaltóirí ar an tséasúracht agus ar na buntáistí a bhaineann le torthaí agus glasraí a ithe, tomhaltóirí a spreagadh chun táirgí úra i séasúr a cheannach agus a úsáid sa chócaireacht agus daoine a mhealladh i dtreo féilire "Scoth an tSéasúir" ar BordBia.ie. Áiríodh i measc phríomhghnéithe an fheachtais caidrimh phoiblí agus gníomhaíocht ar líne trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta. Chomh maith leis sin, cruthaíodh oidis shéasúracha nua agus comhroinneadh ar líne iad.

### Clár Teilifíse 'Fásta sa B

Craoladh HOMEGROWN, clár teilifíse a bhí urraithe ag Bord Bia a chuir táirgí úra agus plandaí ornáideacha ar taispeáint ar feadh seacht seachtaine ar RTE1 agus ar an RTE Player faoi Shamhain agus faoin Nollaig. D'fhéach os cionn 1.75 milliún duine ar an tsraith. Thuairiscigh taighde meastóireachta ar tugadh faoi tar éis den tsraith a bheith críochnaithe ardfheasacht maidir leis an gclár agus lena thábhacht ó thaobh oideachais ó thaobh próifíl a chur i láthair maidir le tionscal na gairneoireachta agus cur le heolas tomhaltóra maidir le raon na dtáirgí agus na bplandaí a fhástar go háitiúil.

## Clár Food Dudes

Cuirtear Scéim Scoile an AE maidir le Torthaí agus Glasraí chun feidhme in Éirinn tríd an gClár Itheacháin Sláintiúil Food Dudes. Is tionscnamh fianaisebhunaithe dreasaithe athraithe iompair é an Clár Food Dudes, a ndéanann Bord Bia bainistiú air agus a dtugann an DAFM agus an tAontas Eorpach maoiniú dó. Tá sé mar aidhm ag an gClár Food Dudes tomhaltas marthanach torthaí agus glasraí a mhéadú i measc daltaí bunscoile trí thorthaí agus glasraí a chur ar fáil agus a bhlaiseadh go minic.

Sa chéad leath den bhliain, b'éigean dátaí beartaithe an chláir a chur siar mar gheall go raibh na scoileanna dúnta. In ainneoin na céime ar gcúl seo, tionóladh trí bhloc idirghabhála agus trí seachtaine cothabhála idir Feabhra agus Meitheamh. Le linn na tréimhse ó dheireadh an earraigh go dtí an samhradh, baineadh triail go rathúil as sútha talún na hÉireann. Ó Mheán Fómhair go Nollaig tionóladh bloc cothabhála amháin agus ceithre seachtaine cothabhála.

Baineadh úsáid as sútha talún na hÉireann suas chomh fada le Deireadh Fómhair mar go raibh an stoc ar fáil. Baineadh triail as úlla na hÉireann freisin agus cuimseoidh sa chlár iad ó mhí na Samhna.

Sa dara leath den bhliain 2022, ghlac an chéad chohórt daltaí páirt sa dara seachtain de Food Dudes, nó sa tseachtain chothabhála. Mar chuid den tseachtain seo, rinneadh físeáin agus ábhar priontáilte a fhorbairt ar feadh an tsamhraidh. Áirítear ar phríomhthéamaí don ábhar, séasúracht, agus an bealach ina bhfástar torthaí agus glasraí agus dramhaíl bia.

Ó thaobh dearcadh inbhuanaithe de, rinneadh dul chun cinn suntasach in 2022, nuair a baineadh triail as pacáistiú inmhúirínithe, agus tar éis triail rathúil, rinneadh é a leathadh amach ar fud an chláir iomláin ó mhí na Samhna. Bhí 1,254 scoil ar an iomlán agus breis is 170,000 dalta rannpháirteach sa chlár in 2022.

**€70m+**

**luach measta aschuir barra san earnáil conláiste le linn 2022**

## Incredible Edibles

Is clár scoilbhunaithe atá i gceist le Incredible Edibles a bhfuil sé mar aidhm leis leanaí a spreagadh chun a dtorthaí agus glasraí féin a fhás ag an scoil agus sa bhaile, lena méadófar feasacht ar a ról san aiste bhia shláintiúil agus chothrom. Tá an clár cómhaoinithe ag tionscal na gairneoireachta le tacaíocht ó ranna rialtais, Safefood agus Bord Bia agus déanann an comhlacht oideachais agraibhia, Agri Aware, é a bhainistiú ar leibhéal na scoile.

Seoladh an clár don scoilbhliain i mí na Samhna 2021, agus bhí na scoileanna rannpháirteach ón earrach 2022. Chláraigh 1,520 scoil agus 76,000 dalta sa chlár, agus rinneadh1,800 pacáiste fáis agus 200 pacáiste síl a sheoladh chuig scoileanna a bhí ag glacadh páirt. Bhí gníomhaíocht ar líne agus ar scoil ann timpeall ar chúig thasc croíláir an chláir, agus áiríodh ar imeachtaí, Meet the Farmer Zoom náisiúnta, ina raibh breis is 14,000 dalta rannpháirteach, seoladh seachtain maidir le hithe go sláintiúil i scoil i nDún Dealgan agus eagraíodh cuairteanna scoile ar Bloom i bPáirc an Fhionnuisce.

## Healthy Heroes

Is tionscnamh am lóin do bhunscoileanna ó Chumann Báicéirí Aráin na hÉireann (IBBA) agus ó Bhord Bia é Healthy Heroes. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh cuidiú le leanaí a gcuid gnásanna itheacháin agus aclaíochta a athrú. Cuireann an clár ar chumas leanaí foghlaim faoin gcothú agus a leibhéil ghníomhaíochta a chur chun cinn agus spraoi a bheith acu i dtimpeallacht neamhiomaíoch ag an am céanna.

Áirítear leis sin eolas sothuigthe maidir le pirimid an bhia agus maidir lena mbíonn i sárbhosca lóin chun leanaí a spreagadh lón níos cothroime a bheith acu agus chun a bheith níos gníomhaí maidir leis na comhábhair a úsáidtear.

Sa bhliain 2022, ghlac 500 scoil páirt sa chlár agus bhí formhór na ngníomhaíochtaí ar siúl ó Eanáir go Meitheamh. Le linn an ama seo, roghnaíodh cúig scoil a bhí ag déanamh thar barr sa chlár mar Scoileanna na Míosa. Reáchtáladh grúpa fócais sa samhradh a fuair amach go raibh dearcadh thar a bheith dearfach ag múinteoirí ar an gclár agus bhainfeadh siad úsáid as tuilleadh acmhainní ach fáil a bheith orthu. Sa scoilbhliain reatha, tá sé mar aidhm leis an gclár cothabháil a dhéanamh ar an rannpháirtíocht i 500 scoil agus oibriú ar acmhainní a chruthú ionas go mbeidh rannpháirtíocht bhreise ag múinteoirí agus ag daltaí.

### Garraíodóireacht a chur chun cin

"Is é "Let's Grow" an bratach faoina gcuirtear chun cinn Cláir Ghairneoireachta Mar chuid de na turais allamuigh tar éis na Comhdhála, thug roinnt de na toscairí cuairt ar Bloom, áit a raibh na gníomhaíochtaí go léir maidir leis an ngarraíodóireacht. Tá an fócas go príomha ar na meáin shóisialta agus baineadh úsáid astu sin chun plandaí Margaíocht agus Nuálaíocht gairdín ar théama prátaí eagraithe agus tugadh taispeántas cócaireachta agus prátaí na hÉireann á n-úsáid. Bhain cuideachtaí gairneoireachta leas as deontais sa bhliain 2022 faoi Chlár um Chúnamh Margaíochta Bhord Bia séasúracha a chur chun cinn. Cuireadh treoir chun gnímh amach do thomhaltóirí ó thaobh pleanála don bhliain garraíodóireachta agus chuir sé seo Easy Steps to Dream Gardens agus liostaí plandála chun cinn ar láithreán gréasáin Bhord Bia. Cuireadh le gníomhaíocht cur chun cinn na garraíodóireachta trí dhá Ghairdín den Scoth a chruthú ag Bloom. Threoraigh an méid sin go leor daoine chuig láithreán gréasáin Bloom Bhord Bia, féachadh ar fhíseáin an ghairdín 3,052 agus rinneadh íoslódáil ar phleananna plandála gairdín 11,346 uair.

### Feachtas Cathracha Glasa

Tá trí cinn déag de thíortha (13) an AE rannpháirteach i bhfeachtas Cathracha Glasa an AE, lena n-áirítear, Éire. Dírítear an feachtas ar lucht déanta beartais, ar lucht pleanála cathrach, ar lucht cinnteoireachta na gcathracha, ar ailtirí tírdhreacha agus ar fhorbróirí, chun na luachanna agus na tairbhí a bhaineann le tuilleadh spásanna glasa sna cathracha a aithint. Bhí an dara bliain de ghníomhaíocht trí bliana bainte amach ag an bhfeachtas in 2022. Bunaíodh cuntas LinkedIn don fheachtas. Cuireann an feachtas chun cinn agus spreagann iontráil na hÉireann ar an ngradam Cathracha Glasa na hEorpa, agus ar an ngradam Cathracha Glasa na hÉireann. Áiríodh ar phríomhghníomhaíocht eile in 2022 dearadh agus suiteáil gairdín taispeántais cathrach glaise ag Bloom chun dul i bhfeidhm ar na comhairlí contae agus coincheap agus úsáidí na cathrach glaise a chur chun cinn do chuairteoirí a thagann chuig an taispeántas. Reáchtáladh seimineár cathrach glaise sa bhfómhar a bhí dírithe ar chomhairlí cathracha. Áiríodh san imeacht cur i láthair Páirc Wolfe Tone i mBaile Átha Cliath ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus cur i láthair ó shaothróir plandlainne maidir le tábhacht agus infhaighteacht plandaí a fhástar go háitiúil.

## Cláir Ghairneoireach

### Margaíocht agus Nuálaíocht

Bhain cuideachtaí gairneoireachta leas as deontais sa bhliain 2022 faoi Chlár um Chúnamh Margaíochta Bhord Bia chun cur lena n-acmhainní margaíochta agus iad a fheabhsú.

### Léargas Gairneoireachta

Reáchtáladh seimineár tionscail na hearnála conláiste sa bhfómhar chun taighde margaidh a tugadh faoi le gairid maidir le conláiste a chur i láthair, lena n- áirítear, beart maidir le gairdín margaidh agus an bealach le bainistiú a dhéanamh ar an gcatagóir plandaí agus teachtaireacht le díolacháin a mhéadú.

### Clár Forbartha Onnmhairithe Conláistí

Díríonn an Clár um Chonláistí a Onnmhairiú ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta ar mian leo cur le díolacháin reatha a n-onnmhairí nó dul isteach i margaí onnmhairiúcháin den chéad uair. Bíonn na cuideachtaí seo ag plé le gairneoireacht conláiste amhail duilliúr gearrtha, bleibíní agus bláthanna, crainn Nollag, agus plandaí gairdín. Sa bhfómhar d'fhreastail gach plandlann agus onnmhaireoir ar sheisiúin tiomnaithe pearsanaithe comhairleoireachta onnmhairiúcháin le meantóir ón earnáil conláiste atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.

### Comhdháil Dhomhanda na bPrátaí

Tionóladh Comhdháil Dhomhanda na bPrátaí i mBaile Átha Cliath den chéad uair ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh. Chláraigh os cionn 600 toscaire idirnáisiúnta don chomhdháil. Eagraíodh an Chomhdháil faoi choimirce Chónaidhm Prátaí na hÉireann. Bhí Bord Bia mar phríomhurraitheoir agus mar chuid den choiste eagrúcháin. Thug Príomhfheidhmeannach Bhord Bia aitheasc ag oscailt na Comhdhála agus bhí seastán ag an eagraíocht sa halla taispeántais le linn na Comhdhála a bhí dírithe ar theachtaireacht maidir le Origin Green agus dintiúir inbhuanaitheachta na hÉireann. Mar chuid de na turais allamuigh tar éis na Comhdhála, thug roinnt de na toscairí cuairt ar Bloom, áit a raibh na gníomhaíochtaí go léir maidir leis an ngarraíodóireacht. Tá an fócas go príomha ar na meáin shóisialta agus baineadh úsáid astu sin chun plandaí gairdín ar théama prátaí eagraithe agus tugadh taispeántas cócaireachta agus prátaí na hÉireann á n-úsái.



## An Bhainistíocht Bharainnea

Is cúnamh iad prionsabail bainistíochta barainní chun cuidiú le gnólachtaí a dtáirgiúlacht a mhéadú. Cuireadh cabhair ar fáil do roinnt gnólachtaí gairneoireachta le linn na bliana.

Cuidíonn an clár le cuideachtaí méadrachtaí a bhunú d'fheidhmíocht an ghnólachta, féachann sé ar struchtúir bhainistíochta agus tuairiscithe, agus aithníonn sé na réimsí le haghaidh costais a choigilt agus táirgiúlacht a mhéadú.

## Urraíochtaí

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais thionscal na gairneoireachta trí urraíocht comhdhálacha, seimineár agus ceardlann ábhartha a chur ar fáil, chomh maith le himeachtaí arna n-eagrú ag eagraíochtaí eile a bhfuil baint ag Bord Bia leo. Áirítear anseo tacú le haontaí plandaí san earnáil conláiste. Ar phríomhimeacht amháin bhí seó trádála GLAS a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Iúil. Tá Bord Bia mar phríomhurraitheoir an tseó trádála seo agus mar chuid den choiste eagrúcháin. Bhí ionadaíocht láidir ann ó thaispeántóirí an tionscail ar an lá agus bhí líon na gcuairteoirí ard. Chuir Bord Bia taispeántas ar fáil ag an imeacht inar tugadh léiriú ar sheirbhísí don tionscal agus a chuir béim ar thaighde reatha do na hearnálacha garraíodóireachta.

# Gnólacht Beag agus Orgánaic

## Rannphháirtíocht Trasearnála

### Crios Foghlama Bhord Bia

Seoladh Crios Foghlama Bhord Bia in 2020 agus bhí raon leathan modúl ar fáil do chliantchuideachtaí chun clárú leo. Tá 19 modúl ar fáil faoi láthair. In 2022, seoladh sraith de mhodúil dhigiteacha agus onnmhairithe, lena n-áirítear, "Selecting the Right Target Market" agus "Understanding the Consumer and Market Opportunity". Rinneadh an Crios Foghlama a fhorbairt mar fhreagra ar aiseolas ó chliaint gnólachtaí beaga Bhord Bia a dteastaíonn uathu a bheith in ann foghlaim ina gcuid ama féin. Ciallaíonn acmhainní breise i bhfoirm físeán, grafaicí eolais agus sraitheanna straitéisí is féidir a íoslódáil gur acmhainn foghlama ilfheidhmeach atá i gceist anseo do chliaint gnólachtaí beaga.

### Ceardlanna maidir le Scóip do

Is éard atá i gceist le Clár maidir le Scóip don Fhás ná acmhainn atá ar fáil do chliantchuideachtaí go léir Bhord Bia a bhfuil láimhdeachas de bhreis is €100,000 acu, comhaltas reatha fíoraithe in Origin Green agus spéis láidir maidir le comhdhlúthú, fás agus a ngnó a leathnú lasmuigh d'Éirinn. Cuimsíonn an clár sraith ceardlann, seisiúin meantóireachta agus modúil fhoghlama atá treoraithe. Tá seisiúin meantóireachta duine le duine le saineolaithe i bpríomhréimsí amhail lóistíocht, brandáil, meáin shóisialta, bainistiú cuntas, nuálaíocht, forbairt táirgí agus forbairt pleananna gnó á dtairiscint. Ar na téamaí a clúdaíodh in 2022 bhí "Get Ready to Export" agus "Key Customer Account Management". Cuireadh na seisiúin ar fáil ar líne agus bhí 14 chliantchuideachta rannpháirteach i ngach seisiún.

### An Bealach chuig Tacaíochtaí Margaidh – Cláir do Mhiondíoltóirí

Is clár forbartha gnó atá á chomhroinnt ag Bord Bia, SuperValu agus Oifigí Fiontair Áitiúla atá i gceist leis an Acadamh Bia. Faigheann rannpháirtithe oiliúint maidir le sábháilteacht bia, taighde margaidh agus brandáil, margaíocht, airgeadas, inbhuanaitheacht agus forbairt gnó.

Rinne an tAcadamh Bia ceiliúradh ar naoi mbliana ar an bhfód in 2022. Cuireadh breis is 33 táirge beo ar an tseilf i mí na Bealtaine 2022 mar chuid de chlár 2021/2022. Cuireadh tús le clár 2022/2023 i Meán Fómhair 2022 agus roghnaíodh 28 iarratasóir rathúil as 110 iarratas. Gheobhaidh rannpháirtithe a chríochnaíonn an clár an deis chun táirgí a chur ar an tseilf i siopaí SuperValu i mí na Bealtaine 2023.

Rinne Aldi i gcomhpháirtíocht le Bord Bia forbairt ar Fhás le Aldi agus tá an séú bliain bainte amach ag an tionscnamh. Rinneadh an clár a dhearadh chun cuidiú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide in earnáil bia agus deochanna na hÉireann liostú miondíola a ghnóthú leis an miondíoltóir. Glacann na rannpháirtithe páirt i sraith ceardlann ar ábhair amhail próiseas ceannaithe Aldi, bainistiú an tslabhra soláthair

Rinne Lidl i gcomhpháirtíocht le Bord Bia clár Broidte (Kick Start) Lidl a fhorbairt in 2017. Tá dearadh déanta ar an gclár forbartha soláthróra seo chun cuidiú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide in earnáil bia agus deochanna na hÉireann a mbranda a fhás agus a líonra soláthair a chruthú. Go dtí seo, tá infheistíocht breis is €7 milliún déanta chun tacú le breis is 350 soláthróir bia agus dí na hÉireann. I Meán Fómhair 2022, bhí an deis ag 30 soláthróir bia agus dí na hÉireann táirgí a sholáthar do shiopaí Lidl ar fud na tíre mar chuid de ghníomhaíocht Kickstart Speicialbuy.

Tá Food Works ar phríomhchlár luathaithe na hÉireann do ghnólachtaí nuathionscanta fiontraíochta ardacmhainneachta bia agus deochanna. Tá an clár á reáchtáil ag Bord Bia, Enterprise Ireland agus Teagasc agus é mar aidhm leis smaointe nuálacha nua ar tháirgí a chothú agus a spreagadh, a chomhlíonann fíor-riachtanas an mhargaidh agus a thacaíonn le fás thionscal bia na hÉireann ar scála domhanda ag an am céanna.

Rinne Food Works ceiliúradh ar 10 mbliana rathúlachta in 2022. Ó bunaíodh é an chéad lá riamh tá an clár comhlánaithe ag 107 cuideachta, tá 50% de na cuideachtaí seo i mbun onnmhairithe faoi láthair agus bhí láimhdeachas breis is €60 milliún acu sa bhliain 2022.

Tar éis an phróisis fhoirmiúil iarratais, ghlac seacht gcinn de chomhlachtaí rathúla páirt i gclár Food Works 2022 atá hibrideach go hiomlán anois. Bhí ceardlanna míosúla ar siúl go pearsanta nó ar líne agus bhí na seisiúin mheantóireachta go léir ar siúl ar líne. Oireann sé seo an gnáthfhiontraí atá ag dul i mbun gnó mar go mbeadh cúrsaí deacair dóibh seachas sin mar go minic leo a bheith ag obair ar an ngnó nó sa ghnó. Tháinig an clár chun críche i mí na Samhna nuair a rinne na cuideachtaí cur i láthair, réidh do na hinfheisteoirí, do roinnt infheisteoirí féideartha.

Cuireadh tús le hearcaíocht do chlár Food Works 2023 atá ar na bacáin d’Eanáir 2023. Tá líon ceardlann beartaithe faoi láthair do 2023, lena n-áirítear, forbairt straitéise margaíochta, cur i láthair airgeadais, straitéisí infheistíochta agus turas inspioráide ar Londain. margaíocht ar na meáin shóisialta le ceannaitheoirí Bhord Bia agus Aldi. In 2022, cuireadh 43 táirge ó 24 soláthróir ar díol mar chuid d’imeacht Specialbuy in 55 siopa de chuid Aldi in Éirinn. Chomh maith leis sin, roghnaíodh cúig tháirgeoir ina ‘bhuaiteoirí’ agus tá a gcuid táirgí ar fáil i siopaí Aldi le conarthaí croíláir nó séasúracha. Cuirtear ceardlanna agus meantóireacht bhreise ar fáil do na buaiteoirí ar mhaithe le borradh a chur faoina gcuid deiseanna forbartha gnó.



# Organic

Bunaíodh an Grúpa Straitéise don Earnáil Orgánach i mí an Mhárta 2018 chun straitéis forbartha a chruthú don earnáil don tréimhse suas go dtí 2025. Cuimsítear sa ghrúpa, ionadaithe ó DAFM, Teagasc, Bord Bia, BIM, IFA, ICMSA, ICSA agus cuideachtaí deimhnithe orgánacha agus táirgeoirí earnála.

Athbhunaíodh an grúpa mar an 'Fóram Orgánach' in 2022 agus bhí cruinnithe rialta acu ar feadh na bliana le fócas ar phríomh- saincheisteanna laistigh d'earnáil orgánach na hÉireann.

Mar bhonn taca leis an straitéis sin, tá fís ar mhaithe le bia orgánach na hÉireann, bunaithe ar shaintréithe a tháirgthe nádúrtha, mar rogha inmhianaithe d'fheirmeoirí, do thomhaltóirí agus do mhiondíoltóirí. Tá sé mar chuspóir foriomlán ag an straitéis earnáil inmharthana bia orgánach a fhorbairt tuilleadh in Éirinn, lena gcuirfear feabhas ar dhintiúir inbhuanaitheachta bhia na hÉireann trí raon leathan táirgí orgánacha chun freastal ar dheiseanna na margaí baile agus onnmhairiúcháin.

Le linn 2022, cheap Bord Bia an chéad bhainisteoir don earnáil orgánach. Is ionann é seo agus acmhainn lánaimseartha don earnáil orgánach laistigh den eagraíocht agus is cuid é de thiomantas Fís don Bhia 2030 cur le táirgeadh orgánach agus onnmhairí orgánacha na hÉireann a ardú.

Chuir Straitéis Orgánach 2019 - 2025 faisnéis ar fáil do ghníomhaíochtaí orgánacha Bhord Bia in 2022.

## Príomhghníomhaíochtaí 2022

### BIOFACH

Thacaigh Bord Bia le táirgeoirí orgánacha bia agus deochanna ó thaobh díriú ar dheiseanna nua gnó ag BIOFACH, an t-aonach trádála is mó ar domhan do tháirgí orgánacha a reáchtáladh in Nurnberg sa Ghearmáin i mí Iúil 2022. Chuir seachtar táirgeoirí Éireannacha bia mara, déiríochta agus feola orgánaí taispeántas i láthair ag Seastán Origin Green na hÉireann. Tarraingíonn BIOFACH ceannaitheoirí ó bhreis is 130 tír, le os cionn 50,000 cuairteoir thar trí lá. D'oscail an tAire Stáit d'Úsáid Talún agus Bithéagsúlacht, an Seanadóir Pippa Hackett, pailliún Origin Green na hÉireann go hoifigiúil le linn a turais chun casadh le lucht taispeántais na hÉireann.

### Misean Trádála Orgán

Ar aon dul le BIOFACH, d'eagraigh Bord Bia a chéad mhisean trádála orgánaí chun na Gearmáine a reáchtáladh thar thrí lá i mí Iúil 2022. Eagraíodh an misean i gcomhar leis an DAFM, agus bhí cruinnithe le roinnt de phríomhchustaiméirí tháirgí na hÉireann sa Ghearmáin, rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíochta sa réigiún agus cuairt ar fheirmeacha orgánacha sa Ghearmáin agus cuairt staidéir miondíola, i gceist leis.

### Cainníochtú táirgiúlachta agus infhaighteachta táirgí orgánacha na hÉireann

Is éard atá mar aidhm leis an tionscadal seo cur le staidéar léargais roimhe seo chun cainníochtú a dhéanamh ar an méid táirgí orgánacha atá ar fáil ar an margadh miondíola baile agus ar an margadh onnmhairithe i ngach aon chatagóir aonair. Cuirfidh fáil a bheith ar na sonraí seo ar chumas Bhord Bia na bealaí is fearr a aithint ionas go mbeidh a chuid tacaíochtaí ag teacht le hearnáil orgánach na hÉireann. Rinneadh an tionscadal a sheachadadh i ndeireadh 2022 agus comhroinneadh le páirtithe leasmhara an tionscal é.

## Comhpháirtíocht Miondíola

Chomhoibrigh Bord Bia le miondíoltóirí móra na hÉireann chun cur le feasacht ar raon agus ar infhaighteacht táirgí orgánacha as Éirinn i measc tomhaltóirí le linn 2022. Rinne Bord Bia forbairt ar ábhair dhigiteacha agus ar ábhair bholscaireachta ar an láthair d'ábhair Orgánacha ó fheachtas na hÉireann ar bhain miondíoltóirí Éireannacha úsáid astu chun aird a tharraingt ar mhairteoil, uaineoil, déiríocht, bia mara, uibheacha, táirgí úra agus bia réamhullmhaithe don tomhaltóir. Bhí an feachtas le feiceáil i siopaí agus ar chainéil meán sóisialta ó Iúil go Meán Fómhair.

## Taighde ar an Margadh Orgánach Nor

Choimisiúnaigh Bord Bia taighde ar Mhargadh Orgánach na Sualainne agus na Danmhairge chun léargas a thabhairt do chuideachtaí na hÉireann maidir le deiseanna féideartha sa mhargadh. Tá an margadh orgánach Nordach ar an gceann is mó fáis san Eoraip le héileamh faoi leith ar tháirgí orgánacha. Tugadh cuntas ar an tuarascáil trí sheimineár gréasáin i mí Dheireadh Fómhair 2022 le breis is 50 ionadaí ó chuideachtaí bia agus deochanna Éireannacha ag féachaint air. Cuireadh forléargas cuimsitheach ar an margadh orgánach sa dá réigiún i láthair i rith an tseimineáir gréasáin, inar cuireadh na cainéil éagsúla laistigh den earnáil orgánach in iúl go soiléir chomh maith le léargas ar riachtanais chomhpháirtithe trádála sa tSualainn agus sa Danmhairg. Tugadh léargas agus eolas leathan agus ábhartha freisin do chuideachtaí Éireannacha atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na príomh-mhargaí seo sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

## Mairteoil Orgánach na hÉireann a Chur Chu

Lean Bord Bia le mairteoil orgánach a chur chun cinn do phríomhchustaiméirí, lena n-áirítear, Vomar san Ísiltír agus Ocado sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé i gceist le gníomhachtú leis na custaiméirí seo cur le feasacht agus tuiscint ar mhairteoil orgánach na hÉireann do thomhaltóirí san Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe. Baineadh amach é sin san Ísiltír trí raon ábhair bolscaireachta clóite ar an láthair agus is ar líne a díríodh an ghníomhaíocht bolscaireachta sa Ríocht Aontaithe.

I margaí ina bhfuil fíorthábhacht ag baint le leasa agus inrianaitheacht ainmhithe do thomhaltóirí, seasann cur chun cinn mhairteoil orgánach na hÉireann agus pointí éagsúla fianaise a bhaineann le táirgeadh mhairteoil féarbhunaithe na hÉireann amach don tomhaltóir deiridh. Téann Bord Bia i gcomhar i gcónaí le cliantchuideachtaí a bhíonn ag próiseáil mairteoil orgánach chun a fháil amach cén chaoi ar féidir linn tacú leis an méid atá á thairiscint acu.

## Uaineoil Orgánach na hÉireann a Chur Chu

Thacaigh Bord Bia le feachtas bolscaireachta tomhaltóirí d'uaineoil Orgánach na hÉireann in Dunnes Stores le linn 2022 inar díríodh ar dhintiúir nádúrtha uaineola orgánaí an earraigh agus ar an gcaoi ina dtáirgtear í. Téann Bord Bia i gcomhar i gcónaí le cliantchuideachtaí a bhíonn ag próiseáil uaineoil orgánach chun a fháil amach cén chaoi ar féidir linn tacú leis an méid atá á thairiscint acu.

## Forbairt Moltaí Táirgí Orgána

Sa bhliain 2022, cuireadh tús le dhá mholadh a fhorbairt do tháirgí orgánacha na hÉireann do na margaí baile agus onnmhairithe. Beidh an obair tugtha chun críche in 2023.

## Bia Mara Orgánach a Chur Chun Cin

Reáchtáil Bord Bia ceithre fheachtas náisiúnta tomhaltóra a chuireann bia mara orgánach chun cinn. Cuireadh diúilicíní chun cinn sa Fhrainc agus cuireadh bradán orgánach na hÉireann chun cinn sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Áirítear sna feachtais seo, meascán d'fhógraíocht chlóite agus dhigiteach do spriocthomhaltóirí sna margaí seo, lena gcuirtear pointí uathúla díolacháin bhia mara na hÉireann chun cinn agus lena spreagtar iad chun táirgí orgánacha na hÉireann a roghnú agus iad ag siopadóireacht ina siopaí áitiúla. Glacann ár dtáirgeoirí agus ár bpróiseálaithe bia mara orgánaigh páirt freisin i réimse iomlán ár ngníomhaíochtaí margaíochta, lena n-áirítear, seónna maidir le trádáil idirnáisiúnta, imeachtaí ceannaitheora/soláthróra; cuairteanna ceannaitheoirí isteach, chomh maith le tacaíocht shaincheaptha chun cuidiú le forbairt an bhranda.


## Taighde Sonraí Kantar ar an Margadh Org

Cheannaigh Bord Bia sonraí orgánacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ó Kantar do thréimhse 52 seachtaine dar chríoch Deireadh Fómhair 2022. Aithníodh an méid seo a leanas do gach margadh leis na sonraí a ceannaíodh, luach an mhargaidh orgánaí, fás sa mhargadh orgánach, vs luach iomlán na grósaeireachta, feidhmíocht na catagóire. Cuireadh na sonraí seo ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir lena n-athbhreithniú.

# Origin Green

## Tiomantas Bhord Bhia don Inbhuanaitheacht

Léirítear tiomantas Bhord Bia don inbhuanaitheacht, agus go háirithe d'inbhuanaitheacht thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, trí fhorbairt agus teacht chun cinn chlár Origin Green. In 2022 rinneadh ceiliúradh ar an gclár atá 10 mbliana ar an bhfód.



**Cuireann clár Origin Green ar chumas thionscal bia agus dí na hÉireann spriocanna inbhuanaitheachta intomhaiste a leagan síos agus a bhaint amach, spriocanna a léiríonn meas ar an gcomhshaol agus a fhreastalaíonn ar phobail áitiúla ar bhealach níos éifeachtaí. Baineann sé le tomhas agus le feabhas ar bhonn leanúnach le creidiúnú agus fíorú neamhspleách fite fuaite i ngach céim den slabhra soláthair.**

Comhoibríonn Bord Bia trí chlár Origin Green, le breis is 55,000 feirm agus os cionn 300 cuideachta bia agus dí de chuid na hÉireann chun inbhuanaitheacht an bhia atá á tháirgeadh acu a chruthú agus a fheabhsú chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus tomhaltóirí ar fud an domhain atá ag teacht chun cinn. Is ionann comhaltaí fíoraithe Origin Green agus 90% dár n-onnmhairí bia agus dí.

Tugann Origin Green tacaíocht don tionscal bia, dí agus gairneoireachta trí chaighdeáin margaidh tosaigh a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, treoir, uirlisí agus meadrachtaí a sholáthar chun treallús a chur faoi dhul chun cinn inbhuanaitheachta agus dea-chleachtas agus aitheantas sa mhargadh a spreagadh.

**90%**

**Is comhaltaí d'Origin Green atá d'onnmhaireoirí bia agus dí**

## Origin Green – d'Fheirmeoirí

Cuimsíonn measúnuithe ar an fheirm cuid thábhachtach de chlár Origin Green. Ciallaigh an bonneagar maidir le Dearbhú Cáilíochta atá ann cheana féin agus atá i bhfeidhm le breis is scór bliain, go raibh leathadh amach measúnuithe inbhuanaitheachta ag leibhéal feirme indéanta. Rinne an bonneagar seo éascú ar sheachadadh breis is 650 iniúchadh feirme gach aon seachtain sa bhliain 2022 le foireann de bheagnach 100 iniúchóir neamhspleách.

Go dtí seo, bhí os cionn 330,000 measúnú carbóin ar siúl ar fheirmeacha mairteola agus déiríochta.

Tá an scéim deartha chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais feirmeoireachta agus chun sonraí a thaifeadadh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht feirmeoireachta na hÉireann a léiriú ar bhealach córasach ag leibhéal feirme aonair agus dá bhrí sin an cruthúnas atá riachtanach a sholáthar do chustaiméirí go bhfuil táirgí feirme na hÉireann á dtáirgeadh faoi chritéir inbhuanaitheachta le dearbhú cáilíochta. Tá na scéimeanna bunaithe ar dhea-chleachtais san fheirmeoireacht agus sa phróiseáil, ar reachtaíocht reatha, ar threoirlínte tionscail agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha - agus tá siad san áireamh i réimse creidiúnaithe Bhord Bia chuig ISO 17065:2012 le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).



## Comhaltas

Tugadh níos mó ná 45,000 iniúchadh chun críche ar fud scéimeanna éagsúla táirgeora in 2022. Astu sin, tugadh faoi 31,773 iniúchadh in aghaidh Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Mairteola agus Uaineola agus 11,519 eile in aghaidh Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Déiríochta na bpríomhscéimeanna trádála ag deireadh 2022 mar a leanas:

| Scheme | Comhaltaí in aghaidh Scéime |
|---|---|
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Mairteola agus Uaineola (SBLAS) | 53,295 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Déiríochta (SDAS) | 16,190 |
| SScéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Uibheacha (SEAS) | 408 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Éineola (SPPAS) | 982 |
| Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaitheachta Gairneoireachta (SHAS) | 241 |



## Origin Green – Do Dhéantúsóirí, do Mhiondíol agus don tSeirbhís Bia

Tá fócas chlár Origin Green ar phlean inbhuanaitheachta a fhorbairt don déantúsaíocht, don mhiondíol agus don tseirbhís bia le spriocanna soiléire, intomhaiste agus faoi cheangal ama de réir Chairt Inbhuanaitheachta Origin Green. Mar chuid den phróiseas seo, tugann gach cuideachta atá rannpháirteach tiomantas go ndéanfaidh siad plean inbhuanaitheachta ilbhliantúil a fhorbairt dá ngnó. Tugtar breac-chuntas sa phlean seo ar spriocanna láidre, intomhaiste atá ábhartha dá ngnó i dtrí phríomhréimse, eadhon foinsiú amhábhair, próisis déantúsaíochta agus inbhuanaitheacht shóisialta.

Tugann cuideachtaí faoi phróiseas plean forbartha ilchéime chun a chinntiú go roghnaíonn siad spriocanna uaillmhianacha trí fhreastal ar cheardlanna inbhuanaitheachta Bhord Bia, comhairliúchán le meantóir inbhuanaitheachta agus aiseolas ó Bhord Bia. Dearbhaíonn Mabett, cuideachta cheannródaíoch dhomhanda cigireachta, dearbhaithe, tástála agus deimhniúcháin, go neamhspleách plean gach aon chomhalta d'Origin Green agus déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna an phlean, ó thaobh feabhsúchán leanúnach ar bhonn bliantúil.

Léiríonn cead ó Mabbett go bhfuil plean inbhuanaitheachta na cuideachta ag freastal ar na híoschaighdeáin atá riachtanach chun comhaltas Origin Green a bhaint amach. Tá dearbhú neamhspleách pleananna mar ghné lárnach agus mar ghné ríthábhachtach den chlár. Ní mór do chomhaltaí Origin Green, tar éis mionleasú a dhéanamh ar an bplean, athbhreithniú ar a bpleananna inbhuanaitheachta a chur faoi bhráid ar bhonn bliantúil ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos.

## Origin Green: 10 mBliana i mBun Cruthaithe agus Feabhsaithe

Rinne ceiliúradh ar dheich mbliana ar an bhfód Origin Green in 2022 agus i mí an Mheithimh tugadh aitheantas don éacht le cruinniú bricfeasta a raibh 70 ceannaire tionscail i láthair aige i Mol Domhanda Bhord Bia. Bhí os cionn 160 duine ar líne freisin.

Cuireadh na ceithre phríomhréimse fócais do straitéis Origin Green 2025 i láthair ag an imeacht seo agus seoladh an Clár nua Luathaithe Inbhuanaitheachta do Cheannairí i gcomhpháirtíocht le UCD. Bhí an clár oideachais feidhmiúcháin seo ar an gcéad chéim thábhachtach eile i dteacht chun cinn acmhainneacht Origin Green, chun an clár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn agus a neadú ar fud gnólachtaí trí shaineolas agus scileanna a fhorbairt ag leibhéal Boird agus ag leibhéal Shraith-C.

1

## Ní Mór Dúinn: Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnai

### Inseachadta:
### Cinntímid go dtacaíonn Origin Green le córais bia inbhuanaithe na hÉireann a fhorbairt ag teacht le riachtanais an mhargaidh.

SÓ bunaíodh é sa bhliain 2012, tá tacaíocht tugtha ag Origin Green don dul chun cinn ollmhór i dtionscal bia agus dí na hÉireann chuig todhchaí níos inbhuanaithe, atá ag cruthú pointe difreála sa mhargadh onnmhairiúcháin. Tá sé mar uaillmhian ag Bord Bia sna deich mbliana atá romhainn buntáiste a bhaint as luach an mhargaidh trí chur le láidreacht na hÉireann ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. In 2022, bhí an fócas ar an gcéad ré forbartha eile a chuirfear ar fáil trí straitéis nua Origin Green ar a dtugtar Cumhachtaithe trí Chomhpháirtíocht. Aithnítear sa straitéis nua go gciallaíonn comhoibriú a chur chun cinn le heagraíochtaí a bhfuil an dearcadh céanna acu lárnach le go ndéanfaidh Origin Green seachadadh ar an leibhéal nua uaillmhéine a theastaíonn ón tionscal. Díríodh obair, ar feadh na bliana, ar sheachadadh trí chuspóir straitéiseacha an chláir. Cinnteoidh seachadadh na gcuspóirí seo go leanann Origin Green ag forbairt agus ag leathnú agus go ndéanfar cothabháil ar a sheasamh ceannródaíoch. Tá Origin Green ar an aon chlár náisiúnta inbhuanaitheachta bia agus dí ar domhan i gcónaí a chuireann treallús faoi fheabhsúcháin inbhuanaitheachta ar an slabhra soláthair iomlán ag leibhéal náisiúnta.

## Cuspóir Uimhir 1: Príomhchaighdeáin Margaidh a Fheidhmiú agus a Fhorbairt

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh Bord Bia treallús faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta chun leanúint ar aghaidh ag tacú leis an méid atá á mhaíomh go bhfuil bia agus deoch na hÉireann á dtáirgeadh go hinbhuanaithe. Tá forbairt agus tacaíochtaí forbartha feirme agus cuideachtaí ar an bpríomhmheicníocht lena gcuireann Bord Bia treallús faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta.

Rinneadh líon nuashonruithe ar chaighdeáin Inbhuanaitheachta agus Dearbhaithe Cáilíochta sa bhliain 2022.

### Bunchaighdeán Táirgeora Bhord Bia

In 2022, rinne Bord Bia athbhreithniú agus thug a chur chuige i leith caighdeáin a fhorbairt cothrom le dáta chun éifeachtúlacht an phróisis atá ann cheana féin a fheabhsú. Mar go bhfuil sraith nuashonruithe riachtanach ar fud raon bunchaighdeán ag leibhéal táirgeora, glacadh le cur chuige comhdhlúite i leith forbairt caighdeáin. Léiríonn sé seo cur chuige dea-chleachtais den chineál céanna ar ghlac

Red Tractor agus GlobalGAP leo, a chinntíonn comhleanúnachas ar an mbealach sin ar fud scéimeanna go léir Bhord Bia.

Tá leibhéal ard dúblála ann, laistigh de sraith caighdeáin reatha ag leibhéal táirgeora Bhord Bia ar fud raon leathan critéar. Roimhe seo, dhéantaí nuashonrú ar na caighdeáin earnála seo á dtabhairt cothrom le dáta go haonar le Coiste Comhairleach Teicniúil (TAC) a bhíodh tiomanta do gach aon chaighdeán, a chiallaigh cur chuige difriúil i leith nuashonruithe caighdeáin. Tá binsemharcáil déanta anois ar na critéir go léir atá ann cheana ar fud sraith caighdeán ag leibhéal táirgeora Bhord Bia chun a chinntiú gur féidir critéir aonair atá ábhartha do níos mó ná aon chaighdeán amháin a athchruthú níos éifeachtaí agus níos aonfhoirmí ar fud earnálacha difriúla mar is cuí.


Chomh maith leis sin, ba cheart go gciallódh an cur chuige seo feabhas suntasach ar tháirgiúlacht ó thaobh forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin Bhord Bia amach anseo ag leibhéal táirgeora agus ag leibhéal próiseálaí araon, a dhéanfar a nuashonrú ar bhonn saolré ceithre bliana. Meastar go seolfar Bunchaighdeán Táirgeora nua Bhord Bia in 2024 tar éis an TAC agus próiseas ceadaithe INAB ina dhiaidh

### Caighdeáin Féarchothaithe

Sheol Bord Bia Caighdeán Féarchothaithe do mhairteoil agus déiríocht in 2020, an chéad cheann ar domhan a seoladh ar scála náisiúnta, trínar féidir an céatadán féir a itear in aiste bhia thréada déiríochta agus mairteola na hÉireann a rianú agus a dhearbhú. Déanann beagnach leath de thomhaltóirí ar fud na cruinne ceangal idir Éire agus mairteoil agus déiríocht féarchothaithe, mar sin, forbraíodh an caighdeán mar fhreagra díreach ar an méadú atá ag teacht ar éileamh ó thomhaltóirí agus ó chustaiméirí idirnáisiúnta. Ar feadh na bliana 2022, thacaigh foireann Origin Green le próiseálaithe chun clárú le Cláir Féarchothaithe trí thacaíocht theicniúil agus mhargaíochta, iniúchóireachta, forbairt a dhéanamh ar thuiscint ar na cineálacha éagsúla den slabhra soláthair agus beartas maidir le húsáid lógó a sholáthar.

### Lorg Carbóin Samhlacha agus Modheolaíocht

Tugadh an t-aistriú maidir le ríomh lorg carbóin chuig Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) chun críche i mí na Nollag 2022. Tá lorg carbóin na mairteola ar fad á ríomh anois ag an ICBF. Áiríodh san aistriú seo freisin nuashonrú modheolaíochtaí lorg carbóin mairteola ag teacht le taighde Teagasc. Léiríonn nuashonruithe ar na modheolaíochtaí fachtóirí feabhsaithe astaíochtaí ó litríocht taighde agus eolaíochta.



**13%**

**Feabhsúchán i ríomh lorg carbóin do tháirgeadh mairteola**

Chomh maith leis sin, tá feabhas curtha ag úsáid a bhaint as sonraí AIMs an ICBF ar chatagóiriú ainmhithe mairteola i mbulláin, bodóga, tairbh óga agus eallach críochnaithe bunaithe ar shonraí maruithe ainmhithe. Ina dhiaidh sin, bhí feabhas ar ríomh lorg carbóin táirgthe mairteola faoi 13%, ó 10.54 go 9.21 kg CO2-eq in aghaidh kg breisiú beomheáchain do chomhaltaí fíoraithe reatha SBLAS.

## Astaíochtaí

Ceanglaítear, ag leibhéal déantúsaíochta chlár Origin Green, ar chomhlachtaí atá rannpháirteach plean inbhuanaitheachta ilbhliantúil cuimsitheach a fhorbairt le spriocanna atá soiléir, intomhaiste agus faoi cheangal ama ar mhaithe le treallús a chur faoin tionchar ar mhórscála i réimse na n-astaíochtaí. Tá sprioc shainordaitheach astaíochtaí carbóin ann do chomhaltaí Origin Green le láimhdeachas sa bhreis ar €50 milliún. In 2022, rinne 34 comhlacht comhaltais de chuid Origin Green forbairt ar spriocanna astaíochtaí carbóin don tréimhse athbhreithnithe bliantúil.

## Caighdeán Próiseálaí Bia

Rinneadh nuashonrú ar an dá chaighdeán do lucht próiseála bia Bhord Bia, an Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Próiseálaí Feola agus an Caighdeán do Thorthaí agus do Ghlasraí Ullmhaithe mar aon chaighdeán amháin, an Comhchaighdeán Próiseálaí Bia. Cheadaigh an INAB an Caighdeán i Márta 2022, agus tá sé mar rogha ag comhaltaí ó Bhealtaine agus tá sé éigeantach ó mhí na Samhna. Tá an caighdeán nua struchtúrtha ar bhealach modúlach a thugann an deis do chomhaltaí lena scóip dheimhnithe a chur in oiriúint chun gníomhaíochtaí gnó agus táirgí a mheaitseáil atá á gcur chun cinn mar tháirgí le Dearbhú Cáilíochta Bhord Bia.

Tá an Caighdeán Próiseálaí Bia deartha chun dul in oiriúint do gach cineál próiseálaí bia ionas gur féidir modúil bhreise a chur leis do chatagóirí eile bia. Éascaíonn an cur chuige módúlacht glacadh le freagraí atá níos gasta agus níos solúbtha i leith margadh atá ag athrú agus éilimh reachtúla maidir le ceanglais laistigh den chaighdeán. Tá ábhar tacaíochta comhalta, lena n-áirítear, físeáin oiliúna ar líne ar fáil le logáil isteach ar bhunachar sonraí comhaltaí agus tá siad seo ar fáil go héasca d'iarratasóirí nua.

## Comhaltas Óir Origin Gree

Rinneadh ceiliúradh in 2022 ar an tríú bliain d'imeacht Chomhaltas Óir Origin Green tráth ar bronnadh comhaltas Óir ar 59 cuideachta. Tugann an comhaltas Óir aitheantas d'fheidhmíocht eisceachtúil bhliantúil a bhaintear amach ó thaobh spriocanna inbhuanaitheachta i réimsí amhail foinsiú amhábhair, éifeachtúlacht uisce agus fuinnimh, laghdú dramhaíola, inbhuanaitheacht pacáistithe agus sóisialta bunaithe ar mheasúnú an údaráis fíoraithe neamhspleách, Mabbett.

Ó bunaíodh na gradaim in 2020, tá comhaltas óir bainte amach ag os cionn 130 cuideachta bia agus dí ar fud na hÉireann. Tá ardú tagtha ar líon na ndámhachtaithe bliain ar bhliain, a léiríonn an fócas stuama atá ag cuideachtaí ar iarrachtaí inbhuanaitheachta mar fhreagra ar an bpráinn a bhaineann le hathrú aeráide agus an gá atá le táirgeadh bia inbhuanaithe. Foilsítear cás- staidéar na gcomhaltaí Óir go léir ar láithreán gréasáin Origin Green chun aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí. Cuireann Bord Bia na comhaltaí Óir chun cinn ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear, an searmanas bronnta, preaseisiúintí náisiúnta agus réigiúnacha, fógraí agus ábhar meán sóisialta.



## Cuspóir Straitéiseach 2:
## Treoir, Uirlisí agus Meadrachtaí a chur ar fáil chun Treallús a chur faoi Fheabhsú Inbhuanaitheachta

Tá tacú le déantúsóirí bia agus dí na hÉireann chun spriocanna inbhuanaitheachta uaillmhianacha a leagan síos agus a bhaint amach i gceist le Origin Green. Leis an méid sin a chomhlánú, tá uirlisí agus acmhainní éagsúla ar fáil do chuideachtaí atá rannpháirteach agus iad ag obair le dearbhú iomlán a bhaint amach chomh maith lena stádas mar chomhalta dearbhaithe a choinneáil bliain ar bhliain. Áirítear ar na tacaíochtaí a bhí ar fáil in 2022:

### Meantóir Origin Green a Sholáthar

Sannadh meantóir Origin Green ar bhonn duine le duine do gach chuideachta Origin Green chun cuidiú leo pleananna inbhuanaitheachta a dhréachtú agus athbhreithnithe bliantúla a thabhairt chun críche. Chuir na meantóirí seo tacaíocht agus treoir ar fáil i gcaitheamh an phróisis ar bhonn cuideachta aonair chun seirbhís shaincheaptha a chinntiú.

### Ceardlanna maidir le Forbairt Pleananna

Reáchtáil Foireann Origin Green Bhord Bia os cionn 33 seimineár gréasáin tosaigh le linn na bliana 2022 a chuidigh le cuideachtaí an clár a thuiscint agus a gcuid pleananna a fhorbairt. Déantar comhairle duine le duine a thairiscint do na comhaltaí go léir maidir le conas leas a bhaint as comhaltas agus cá háit lena dtiomantais inbhuanaitheachta a chur in iúl. Rinneadh seachadadh ar shraith seimineár gréasáin agus ar dhoiciméid treoracha ar feadh na bliana chun cabhrú le comhaltaí ó thaobh a bheith chun tosaigh maidir le hábhair inbhuanaitheachta ar nós spriocanna bunaithe ar eolaíocht, laghdú astaíochta, comhtháthú ESG, feabhsú na bithéagsúlachta, caomhnú uisce, bearta éifeachtúlachta acmhainní agus cumarsáid maidir le hinbhuanaitheacht.

### Tacaíochtaí Nua don Fheirmeoir

Faoi dheireadh na bliana 2022, chláraigh os cionn 4,000 úsáideoir le Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme Bhord Bia. Déanann an Mol Foghlama, a cuireadh ar fáil do chomhaltaí na Scéime i nDeireadh Fómhair 2021, óstach ar raon modúl ina gclúdaítear ábhair amhail frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, gáis ceaptha teasa, bithéagsúlacht agus fuinneamh inbhuanaithe a cruthaíodh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar nós DAFM agus Teagasc. In 2022, cuireadh dhá mhodúl eile leis an méid sin maidir le cáilíocht uisce agus folláine ithreach.

Ar feadh na bliana 2022, d'oibrigh Bord Bia freisin le beirt den lucht próiseála déiríochta agus le príomh-chomhpháirtithe leasmhara eile chun forbairt a dhéanamh ar chúrsaí saindeartha do sholáthróirí bainne atá ceangailte le scéimeanna bónais inbhuanaitheachta próiseálaí. Clúdaítear ábhair ar nós cáilíocht uisce agus astaíochtaí feirme sna cúrsaí a bheidh ar fáil ó Ráithe 1 den bhliain 2023 ar aghaidh.

Chomh maith leis sin, cuireadh tús le hobair ar mhodúil Leasa Ainmhithe agus Pailneora Talún Feirme a fhorbairt i gcomhar le Sláinte Ainmhithe Éireann agus leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta agus tá na modúil seo ar na bacáin lena seoladh i Ráithe 2 2023.

Leanann Bord Bia lena rannpháirtíocht le comhaltaí feirme agus lucht próiseála in 2023 chun cur le faisnéis agus le feasacht ar inbhuanaitheacht feirme tríd an Mol Foghlama.

**4,000**

**Tá Cláraithe ar Mhol Foghlama Inbhuanaitheacht Feirme Bhord Bia**

### Féilire Pleanála maidir le hInbhuanaitheacht Feirme

Is uirlis tacaíochta ar líne atá i gceist leis an bhFéilire Pleanála maidir le hInbhuanaitheacht Feirme chun tacú le feirmeoirí agus le comhairleoirí feirme le pleananna maidir le hinbhuanaitheacht feirme saindeartha a chruthú a bheidh éasca le nuashonrú agus le rianú. Beidh fardal de ghníomhartha inbhuanaithe feirme ann a chlúdaíonn raon ábhair inbhuanaitheachta talmhaíochta amhail bithéagsúlacht, leasa ainmhithe agus cáilíocht uisce a bheidh ar chumas feirmeoirí agus comhairleoirí iad a nascleanúint ionas gur féidir gníomhartha atá sonrach don fheirm a chur le plean an fheirmeora. Déanfar na gníomhartha seo a scríobh ag teacht le treoirlínte deachleachtais tionscail cosúil leo siúd atá i gclár cáilíochta uisce Teagasc MACC agus ASSAP.

Cuireadh tús le cur le chéile na huirlise in 2022 agus cuirfear an uirlis faoi thástáil i Ráithe 1 agus i Ráithe 2 de 2023. Cuirfear an uirlis ar fáil ar bhonn píolóta mar chuid de Chlár ComhairleachTreoraithe Teagasc agus beidh siad nasctha le hardán agra-dhigiteach a raibh Bord Bia i gcomhpháirtíocht ann leis an ICBF agus le Teagasc.

### Tuarascálacha Aiseolais Feirmeoirí (TAF)

Leantar den TAF a sheoladh ar dheimhniú chuig comhaltaí den SDAS agus SBLAS, agus fuair 21,008 feirmeoir TAF in 2022 Ó 2020, eisíodh breis agus 66,000 tuarascáil chuig feirmeoirí mar aon lena litreacha deimhniúcháin. Léiríonn rianú bunachair sonraí ar rannpháirtíocht feirmeoirí go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcomhaltaí a dhéanann a fhaigheann rochtain ar a dtuarascáil ar líne. Ó Dheireadh Fómhair 2021, tá 15,033 TAF íoslódála ag comhaltaí. In 2022, fuair 8,762 comhalta de SBLAS agus de chuid SDAS rochtain ar a dtuarascáil ar líne.



## Cuspóir Uimhir 3: Dea-chleachtas agus aitheantas a spreagadh in áit an mhargaidh

Tá sé mar chuspóir foriomlán ag Origin Green pointe suntasach difreála a chruthú do thionscal bia agus dí na hÉireann thart ar réimse na hinbhuanaitheachta. Tugann sé cruthúnas tríú páirtí do chuideachtaí maidir lena gcáilíochtaí agus tiomantais inbhuanaitheachta a bheidh ar a gcumas a chomhroinnt le custaiméirí trádála, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne.

Ar feadh na bliana 2022, d'iarr lucht eagraithe comhdhálacha idirnáisiúnta, cuideachtaí rialtais baile agus idirnáisiúnta agus príomhchustaiméirí bia agus dí na hÉireann ar chomhaltaí Foirne Origin Green labhairt maidir le forbairt agus torthaí leanúnacha chlár Origin Green. Chuir na himeachtaí labhartha seo treallús faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar chlár Origin Green do lucht féachana baile agus idirnáisiúnta araon. Seo a leanas roinnt de bhuaicphointí na bliana:

## Stiúrthóir Ginearálta FAO na Náisiún Aontaithe

In 2022, rinne Bord Bia óstach ar Stiúrthóir Ginearálta na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) de na Náisiúin Aontaithe, Qu Dongyu, agus ar oifigí sinsearacha agus ar ionadaithe ón DAFM sa Mhol Domhanda nua-oscailte. Cuireadh fócas láidir sa phlé idir grúpa tionscail na hÉireann agus an Stiúrthóir Ginearálta agus a thoscaireacht, ar Fhís don Bhia 2030 de chuid na hÉireann agus an bealach ina dtacóidh Origin Green leis an straitéis. Thug an Stiúrthóir Ginearálta tacaíocht láidir don obair atá idir lámha ag comhaltaí Origin Green.

## Tionscnamh Talmhaíochta Inbhuanaithe (SAI)

In 2022, rinne Foireann Origin Green comhóstach ar líon seimineáir gréasáin le Grúpa Oibre Déiríochta Ardán an SAI. Is éard a bhí mar chuspóir leis na seimineáir ghréasáin ná na próisis lenar bhain Origin Green amach an leibhéal reatha coibhéise le ceanglais na Comhpháirtíochta Déiríochta Inbhuanaithe (SDP), a chomhroinnt le lucht próiseála na hÉireann agus le ceannaitheoirí idirnáisiúnta agus an bealach a ndéanfar an leibhéal coibhéise a ardú le himeacht ama. Tugadh comhtháthú Origin Green in uirlis tuairiscithe SDP chun críche in 2022 agus tugann sé seo an deis do chuideachtaí atá ag úsáid na huirlise tuairiscithe comhaltas Origin Green a roghnú, agus dá réir sin comhlánaítear codanna de thuairisc an SDP go huathoibríoch nuair a mheastar na ceanglais a bheith comhionann le Origin Green.



## Comhoibriú IBEC - Cód Iompair AE ar Ghnó Bia Freagrach agus Cleachtais Mhargaíochta

In 2022, rinne Food Drink Ireland (FDI) agus Origin Green óstach ar chomhimeacht ar Chód Iompair AE ar Ghnó Bia Freagrach agus Cleachtais Mhargaíochta, ceann de na tionscnaimh faoi Straitéis Feirme go Forc an Choimisiúin Eorpaigh. Bhí sé mar fhócas na cosúlachtaí idir Cód Iompair an AE agus Clár Origin Green Bhord Bia a chur i láthair. Cuireadh teimpléid ar fáil do chuideachtaí leis an bpróiseas a shimpliú agus é a dhéanamh níos éasca dóibh cairt Origin Green a úsáid chun clárú leis an gCód.

## Comhairle Dhomhanda Origin Green

Bhunaigh Bord Bia an Chomhairle Dhomhanda chun fóram ceannaireachta smaointeoireachta domhanda a chruthú chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhrá domhanda in áit an mhargaidh maidir le hábhair inbhuanaitheachta bia agus dí. Tugann an Chomhairle Dhomhanda ceannairí le chéile ón tionscal bia agus dí ar fud an domhain agus saineolaithe idirnáisiúnta i réimse na hinbhuanaitheachta, a roghnaítear mar gheall ar a gcuid saineolais agus spéis ar leith i bpríomh- shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Reáchtáladh an tríú cruinniú de Chomhairle Domhanda Origin Green i samhradh 2022. Díríodh sa chruinniú ar an mbealach a bhféadfadh an tionscal tacú le gníomh feirmeora agus dintiúir inbhuanaitheachta in áit an mhargaidh a aistriú.

## Margaíocht agus Cumarsáid Bhord Bia

Rinneadh clár cumarsáide a fhorbairt lena chinntiú go leanfaidh Bord Bia le cruthúnas agus dul chun cinn an chláir agus a chomhaltaí a chur i láthair na bpáirtithe leasmhara in Éirinn agus thar lear. I gcomhar le Foireann Margaíochta agus Cumarsáide Bhord Bhia, an Fhoireann Forbartha Gnó Domhanda (GBD) agus le Foireann Origin Green rinneadh forbairt ar scéal nua chun cur ar chumas comhaltaí labhairt faoi chlár Origin Green chun tuiscint níos fearr a fháil ar na buntáistí atá á seachadadh ag an gclár do chustaiméirí trádála.

Cuireadh an scéal nua seo san áireamh i scannán do chustaiméirí trádála nua agus beidh sé ar chumas cliaint agus fhoireann an GBD an scannán a úsáid ina gcuid margaí agus ag seónna trádála. Rinne an fhoireann cur i láthair a fhorbairt freisin agus bhailigh teistiméireachtaí custaiméirí chun tacú leis an scéal nua seo.

In 2022, d'oibrigh Foireann Origin Green le Foireann Margaíochta agus Cumarsáide Bhord Bia chun straitéis agus plean caidrimh phoiblí a bheartú d'Éirinn agus thar lear chun an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an gclár agus ag comhaltaí le 10 mbliana anuas a chur i láthair, bhí clúdach leathan ó chaidreamh poiblí go roinnt ailt fógraíochta i gceist leis.



# Léargas agus Pleanáil Straitéiseach

Soláthraíonn an Teach Smaointeoireachta, mol léargais straitéiseach den scoth Bhord Bia, ceannaireacht don tionscal agus don eagraíocht trí leas a bhaint as léargas cumhachtach tomhaltóra, catagóire agus margaidh chun treallús a chur faoi fhorbairt straitéise chun dul sa tóir ar fhás. Cuimsíonn an obair, gníomhaíochtaí fadtéarmacha atá dírithe ar an tionscal le fócas ar choinníollacha a chruthú do rathúlacht amach anseo agus d'obair saincheaptha ghearrthéarmach do chliantchuideachtaí Bhord Bia, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin agus ar dheiseanna chun treallús a chur faoi fhás agus luach a bhaint amach.

Áirítear ar obair ceannaireachta smaointeoireachta, staidéar fadbhreathnaitheach, léargais agus treochtaí atá deartha chun cabhrú le cliantchuideachtaí a mbealach a stiúradh trí dhúshláin reatha agus trí dhúshláin amach anseo araon. Áirítear ar fhorbairt acmhainneachta cliant, faisnéis, scileanna, uirlisí agus dea-chleachtais a chomhroinnt chun cothú a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe fadtéarmach cliaint. Oibríonn an fhoireann forbartha branda agus nuálaíochta go díreach le cliantchuideachtaí chun tionscadail saincheaptha a sheachadadh agus luach a chruthú. Tá an fhoireann bainistíochta eolais agus faisnéise margaidh, a éascaíonn cinnteoireacht faoi threallús sonraí agus atá treoraithe ag léargas, mar bhonn taca leis an obair seo go léir.

## Léargas, fadbhreathnú agus treochtaí

**Áirítear san obair seo, ceannaireacht smaointeoireachta, tionscal, margadh, catagóir agus léargas cliaint. Áirítear ar thionscadail a tugadh fúthu in 2022:**

### Léargas maidir le Lucht Siopadóireachta na hEorpa

Is rianaire atá anseo atá ag síor-rith maidir le hiompar siopadóirí grósaeireachta ar fud margaí tosaíochta Eorpacha na hÉireann, na Ríochta Aontaithe, na Beilge, na hÍsiltír, na hIodáile, na Gearmáine agus na Sualainne. Tá sé mar chuspóir leis an taighde tacú le tuiscint cliaint feola ar threochtaí miondíola agus tomhaltóra agus ar a gcomhpháirtíocht catagóire le príomhchustaiméirí miondíola.

### Cothú Inbhuanaithe

Seoladh an staidéar maidir le ceannaireacht smaointeoireachta fadbhreathnaitheach ar chothú inbhuanaithe a tugadh chun críche i gcomhpháirtíocht le Fóram don Todhchaí i mí Deireadh Fómhair agus leanadh é sin le sraith ceardlanna chun rannpháirtíocht a thabhairt do chliaint agus do pháirtithe leasmhara san obair. Déantar cíoradh sa staidéar ar dheiseanna féideartha atá i ndán do thionscal bia agus deoch na hÉireann mar thoradh ar inbhuanaitheacht agus ar an riachtanas le bia a chur ar fáil don daonra atá ag dul i méid. Ciallaíonn an obair seo tús ár gclár oibre maidir le cothú inbhuanaithe, clár suntasach ilfheidhmeach oibre ilbhliantúil.

## Staidéar Tomhaltóra agus Carbóin

Tugadh faoin staidéar seo i Ráithe 4 de 2022 agus seoladh é i mí Feabhra 2023. Tá sé mar aidhm leis feasacht agus tionchar tomhaltóirí ar an aistear i dtreo neodracht carbóin a chíoradh. Rinneadh athbhreithniú sa tionscadal ar mheon, feasacht agus tuiscint ar astaíochtaí carbóin agus ar an lipéadú atá ann cheana.

Rinneadh measúnú sa staidéar freisin ar an mbealach is fearr le laghdú astaíochtaí carbóin ar an láthair a chur in iúl. Ar an iomlán, cuideoidh an staidéar le custaiméirí agus le cliaint deiseanna nuálacha a aithint agus aghaidh a thabhairt ar a straitéisí brandála, lipéadaithe agus cumarsáide sa ghluaiseacht i dtreo neodracht carbóin.

## Éagsúlú Próitéine

Déantar iarracht leis an staidéar seo tuiscint a fháil ar dheiseanna do phróitéin planda bhunaithe agus ar phróitéin eile ar líon margaí idirnáisiúnta agus ar mhargaí na hÉireann. Cuirfidh an staidéar seo tuiscint ar fáil maidir le meon agus iompar reatha tomhaltóirí maidir le próitéin malartach atá ar fáil agus breithniú á dhéanamh ar an méid a mheallann tomhaltóirí ar fud earnálacha difriúla. Déanfar cíoradh sa staidéar seo ar nuálaíocht atá ag teacht chun cinn agus na deiseanna a chuireann siad sin i láthair don tionscal bia agus deoch, chomh maith le tomhas a dhéanamh ar dheiseanna táscacha.

## Tionchar maidir le Boilsciú

Rinneadh réamhbhreithniú i gcuid a haon den staidéar ilmhargaidh seo, ina ndéantar cíoradh mion ar thionchar na timpeallachta boilscithe atá ag leanúint ar aghaidh ar nósanna ceannach tomhaltóirí agus ar nósanna tomhaltais, ag Seimineár Margaíochta Feola in Eanáir 2023, agus seoladh don tionscal go foirmiúil é an tseachtain ina dhiaidh sin.

## QSR sa Ríocht Aontaithe i dTimpeallacht Bhoilscitheach

Bunaithe ar thaighde deisce, rianú praghais leanúnach agus rannpháirtíocht trádála, rinneadh forbairt ar achoimre eolais margaíochta ar chainéal QSR na Ríochta Aontaithe. Tugadh faoin obair seo i mí na Nollag agus comhroinneadh go leathan é ar bhonn duine le duine ar cheathrar cliant PCF agus ar ghrúpa de shé chomhlacht níos leithne.

## Todhchaí na Déiríochta san Áise

Bhí tuiscint a fháil ar cá háit a bhféadfadh margaí tosaíochta a bheith i gceann 5 - 10 mbliana lárnach do ról Theach Smaointeoireachta Bhord Bia. Tá sé seo ar shampla de dhá staidéar fadbhreathnaitheacha tomhaltóra a raibh comhghleacaithe sa tSín i mbun stiúrtha orthu. Bhí siad deartha chun cabhrú le hearnáil na déiríochta deiseanna fáis a aithint sna comhábhair lasmuigh d’fhoirmle bainne naíonáin sa tSín agus conas tapáil isteach sa tomhaltas déiríochta atá ag dul i méid agus ag fás i measc mheánaicme na hÁise Thoir Theas. Tá tuiscint a fháil ar dhearcadh tomhaltóra atá ag athrú i leith déiríochta, tiománaithe praiticiúla agus mothúchánacha, úsáid, ócáidí agus ról comhábhair praiticiúla/buntáistí lárnacha i gceist leis seo.

## Rianaire Tomhaltóra sa Ríocht Aontaithe

Ón mbliain 2019, tá rianú déanta ag Bord Bia ar mheon tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe chun tuiscint a fháil ar thionchar an Bhreatimeachta ar shiopadóirí grósaeireachta. Táthar ag leanúint leis an staidéar rianaithe seo agus tá sé á stiúradh ar bhonn ráithe. Tá na tuarascálacha seo úsáideach do chliantchuideachtaí a dteastódh uathu tuilleadh a fhoghlaim maidir le tionchar an Bhreatimeachta ar shiopadóirí grósaeireachta na Ríochta Aontaithe.

## Staidéar maidir le hInbhuanaitheacht Bia Mara

Tugadh an staidéar maidir le hinbhuanaitheacht bia mara chun críche in 2022 agus cuireadh an staidéar i láthair cliantchuideachtaí agus BIM. Tugann an staidéar seo ar léargas tomhaltóra, tuiscint maidir leis an mbealach ina mbeidh ar chumas bia mara na hÉireann freastal ar ionchais tomhaltóra atá agus dul i méid agus leas a bhaint as inbhuanaitheacht mar thiománaí fáis.

### Tástáil agus Inis na dTomhaltóirí

Cuireann an clár seo tomhas cainníochtúil maidir le feidhmíocht táirge agus tarraingteacht coincheapa le tomhaltóirí Éireannacha ar fáil ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir le rathúlacht tráchtála.

Laghdaítear an baol ó thaobh na nuálaíochta ní hamháin trí scagthástáil agus meastóireacht a dhéanamh ar choincheapa táirge nua ach binsemharcáil a dhéanamh orthu in aghaidh iomaitheoirí freisin. Ghlac sé chomhlacht páirt sa chlár Tástáil agus Inis na dTomhaltóirí sa bhliain 2022.

### Ardán Bailíochtú agus Atriall Coincheapa BI:TES

Cuireann an uirlis nuálaíochta dhomhanda saincheaptha seo, Smaointe níos Fearr: Smaointeoireacht, Measúnú, Roghnú, ar a dtugtar BI:TES, ar chumas chomhlachtaí tástáil agus atriall a dhéanamh go tapa ar smaointe maidir le táirge nua chun feabhsúcháin incriminteacha céim ar chéim coincheapa a éascú bunaithe ar aiseolas tomhaltóra. Is féidir leis ardán seo úsáid a bhaint go tapa as foirmeacha gearra aiseolais. Tá leathadh amach déanta ar an réiteach seo go réigiúnach trí líonra Bhord Bia mar fhreagra ar éileamh ó chliaint agus tá fáil air anois ar bhonn domhanda. In 2022, bhí 10 gcliantchuideachta rannpháirteach i BI:TES chun smaointe nuálacha a thabhairt chun an mhargaidh.

## Eolas agus Faisnéis faoin Margadh

### Seirbhísí Leabharlainne

Cuireann Bord Bia seirbhísí leabharlainne, leabharlannaithe cáilithe agus faisnéis agus eolas margaidh den scoth ar fáil chun tuilleadh feabhais a chur ar eolas páirtithe leasmhara agus earnála ar mhargaí tosaíochta. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí leabharlainne in 2022, soláthar treoracha eolais maidir leis an mbealach le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as an leabharlann, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha faisnéise catagóire agus tuiscint margaidh agus tacaíocht maidir le litearthacht faisnéise. Áiríodh ar sheirbhísí leabharlainne freisin, seisiúin faisnéise agus ionduchtaithe don fhoireann nua agus do rannpháirtithe an Acadaimh Tallainne. Áiríodh anseo, cur i láthair maidir le Foghlaim LinkedIn agus ardán rannpháirtíochta maidir le léargas inmheánach Bhord Bia, THE SOURCE. D’fhoilsigh an Fhoireann um Eolas agus Faisnéis faoin Mhargadh líon “Ailt Léirsteanacha” in 2022. Áiríodh ar ábhar, foinsí eolas saor in aisce maidir le boilsciú, praghsáil déiríochta agus príomhthreochtaí bia, sláinte agus cothú. Thug beirt leabharlannaithe de chuid Bhord Bia a gcuid ama saor in aisce ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na gComhlachas Leabharlainne Domhanda agus Comhdháil Eolais maidir le conas a comhroinneadh “How Bord Bia Successfully Built a Culture of Knowledge Engagement” ag Comhdháil Satailíte Bainistíochta Eolais. Bhronn Cumann Leabharlann na hÉireann an cur i láthair seo ar Ghrúpa Leabharlann an Rialtais.

### Feidhmíocht agus Ionchais

Seoladh tuarascáil Feidhmíochta agus Ionchais Bhord Bia do 2022/23 ar an 11 Eanáir, 2023. Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil seo páirtithe leasmhara sa tionscal bia a chur ar an eolas maidir le feidhmíocht onnmhairithe bia agus dí na hÉireann do 2022 agus eolas maidir le hionchais don chéad bhliain eile a sholáthar. Rinneadh forbairt ar scáileán Feidhmíochta agus Ionchais in 2022, a chuireann ar chumas fhoireann Bhord Bia eolas a bhailiú maidir le honnmhairithe bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann de réir catagóire, fo-chatagóire agus réigiúin agus na luachanna a thaispeáint i dtéarmaí airgeadaíochta, méide (tonna) agus in aghaidh an aonaid. Cuireann an scáileán seo ar chumas úsáideoirí léargas margaidh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí.

### Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta

Clúdaítear sa tuarascáil dhémhíosúil seo nuashonruithe agus réamhaisnéis maidir leis an mbainne domhanda agus díríonn ar fhorbairtí margaidh sa tSín, san Áise Thoir Theas, sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh. Cuireann StoneX an tuarascáil le chéile agus tá tráchtaireacht mhargaidh san áireamh ann ó fhoireann Bhord Bia atá ag obair sna margaí seo. Scaipeadh an tuarascáil ar chliaint chomhábhair déiríochta Bhord Bia.

### Kantar

Rinneadh cúig chur i láthair catagóire Kantar do chliaint i gcatagóirí na báicéireachta, bia reoite, iógairt, anraithí agus béile ullmhaithe fuaraithe. Bhí ionduchtaithe leabharlainne ó leabharlannaithe tagartha Bhord Bia ag gabháil le gach cur i láthair. Cuireadh tús an athuair le cur i láthair leathbhliantúil Kantar do chomhaltaí Bhord Bia agus do chomhaltaí an chuibhreannais feola i mí na Samhna 2022.

Áiríodh san imeacht seo, cur i láthair ó Kantar ar na treochtaí is deireanaí i gcúrsaí feola agus bhí an méid sin comhlánaithe ag an tsraith is deireanaí ó Bhord Bia maidir le léargas a bhí ar fáil ag an am i ndáil le lucht siopadóireachta feola. Bhí cur i láthair na dtuarascálacha is deireanaí maidir le feoil ó bhailiúchán leabharlainne Bhord Bia in éineacht leis seo freisin.

Tá síntiús ag Bord Bia san Atlas Trádála Domhanda, cuireann an tAtlas seo rochtain ar fáil ar shonraí trádála bia, deochanna agus gairneoireachta ar fud an domhain. Cuireadh oiliúint ar fáil in 2022, chun cur ar chumas comhghleacaithe an uirlis seo a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil.

# Forbairt agus Nuálaíocht Bhranda

### Forbairt agus Nuálaíocht Bhranda Shaincheaptha

Tá an obair anseo fréamhaithe thart ar sheirbhís iomlán a sheachadadh agus forbairt inbhuanaithe saincheaptha branda agus tionscadail, gníomhaíochtaí agus comhairleoireacht ceann go ceann a chur ar fáil. Cuireann Bord Bia saintreoir, smaointeoireacht straitéiseach, agus bainistiú tionscadail ar fáil do Chomhpháirtíocht agus do chliaint Club+ maidir le hobair a gcuireann straitéisí earnála faisnéis ar fáil dóibh, a chuireann tionscadail agus gníomhaíochtaí in ord tosaíochta a threisíonn agus a chuireann le dintiúir inbhuanaitheachta. Áirítear leis an obair seo, pleanáil straitéiseach, forbairt tairisceana, agus spriocdhíriú straitéise, cruthú amharc-aithne agus gníomhachtú branda. In 2022, d'oibrigh Bord Bia le 86 cliantchuideachta ar thionscadail forbartha agus nuálaíochta branda.

### Taighde Saincheaptha Margaidh (Inmheánach agus seachfhoinsithe)

Díríonn an obair seo ar sheachadadh taighde cáilíochtúil agus/nó cainníochtúil maidir le seirbhís iomlán tomhaltóra a bheidh á chur ar fáil ag speisialtóir léargais inmheánach nó ag saineolaí tríú páirtí. Dhírigh an taighde príomhúil ar chabhrú le cliantchuideachtaí fás a chruthú agus a bhaint amach. Áirítear ar na tionscadail seo, taighde tústuairime, forbairt tairisceana, forbairt straitéis mhargaíochta agus forbairt margaíochta.

### Seirbhísí Saincheaptha i leith Gníomhachtú Branda

Cuireann an ghníomhaíocht seo saintreoir, smaointeoireacht straitéiseach agus bainistiú tionscadail ar fáil do chliantchuideachtaí maidir le gníomhaíochtaí margaíochta feidhmíochta gearrthéarmacha agus gníomhaíochtaí incriminteacha forbartha comhionannais bhranda níos fadtéarmaí. Is seirbhís iomlán atá i gceist anseo a chuireann speisialtóirí gníomhachtaithe branda Bhord Bia ar fáil. In 2022, bhí 19 cliantchuideachta rannpháirteach i dtionscadail inar áiríodh gníomhaíocht branda a phleanáil go straitéiseach agus a chur i bhfeidhm ar fud meáin dhigiteacha, lena n-áirítear leagan amach láithreáin ghréasáin, caidreamh poiblí agus gníomhachtú ar an láthair.

### SuperBrands

Is seirbhís forbartha branda ceann go ceann do ghnólachtaí beaga atá i gceist le SuperBrands. Oibríonn speisialtóirí forbartha branda le cuideachtaí rannpháirteacha chun cuidiú leo i ndáil le straitéis, tairiscint agus spriocdhíriú branda. Úsáidtear an obair seo le haghaidh treoir chruthaitheach do ghníomhaireacht dhearaidh chun sainiúlacht branda nua nó athnuaite a fhorbairt a gcuirtear beocht iontu ina dhiaidh sin ar leagan amach an phaca nó trí phointí teagmhála eile le tomhaltóirí agus a chódaítear i sraith treoirlínte branda. Trí thaighde cáilitheach a dhéanamh ar thomhaltóirí, cuidítear leis an tairiscint branda agus coincheapa i leith leagan amach an phaca a bhailíochtú leis na tomhaltóirí a bhfuiltear ag díriú orthu. Bhí 4 chomhlacht bia, deoch agus gairneoireachta rannpháirteach i seirbhís SuperBrands in 2022.

### Fóram Branda

Tugann gníomhaíocht an Fhóraim Branda tacaíocht don obair ar thionscadal cliaint ó thaobh léargais, forbairt branda agus nuálaíochta de. Déantar iarracht leis an bhFóram Branda, cliantchuideachtaí a chuir ar an eolas, a spreagadh agus a nascadh trí chlár imeachtaí, ceardlanna agus gníomhaíochtaí agus seirbhísí eile do chliantchuideachtaí. Tacaíonn grúpa stiúrtha ardleibhéil tionscail leis an bhFóram Branda agus cuireann comhairle agus treoir straitéiseach ar fáil a chinntíonn go mbíonn an clár gníomhaíochtaí ábhartha, tráthúil agus praiticiúil ó thaobh na tráchtála de. In 2022, dhírigh gníomhaíochtaí an Fhóraim Branda ar shaincheisteanna branda a bhaineann leis an margadh, ag baint leas as saineolas den scoth le léiriú a thabhairt ar an mbealach chun cur le agus tacú le brandaí níos fearr. Rinneadh plé sna himeachtaí ráithiúla ar théamaí margaíochta branda in éineacht le cur i láthair ó chainteoirí den scoth.

Bhí éileamh mór i gcónaí ar an bhfíseán oidis agus ar an tseirbhís ghrianghrafadóireachta agus cuireadh breis is 50 oideas ar fáil do chliantchuideachtaí. Tá podchraoltaí, áis nua, curtha leis an Fhóram Branda anois, deis eile le húinéirí branda a chur ar an eolas trí smaointe agus scéalta iontacha a fhiosrú ó bhrandaí bia agus deochanna ar fud an domhain mhóir.

Rinne an suirbhé Scrúdú Sláinte Branda cainníochtúil bliantúil, taighde ar 46 catagóir, a chuir eolas luachmhar ar fáil d'úinéirí branda chun cabhrú leo fócas níos fearr a bheith acu ó thaobh a ngníomhaíochtaí branda. Tháinig an bhliain chun críche le dinnéar bliantúil an Fhóraim Branda don tionscal bia agus dí an 23 Samhain le haitheasc ó Jack Bobo, ceannaire smaointeoireachta domhanda ar thodhchaí an bhia.

## Cumas Cliant

**Cuirtear raon tacaíochtaí ar fáil do chliantchuideachtaí ar bhonn duine le duine agus ar bhonn grúpa maidir le cur le scileanna agus le hinniúlacht. In 2022, bhí breis is 2,500 ionadaí cliantchuideachtaí rannpháirteach i gceardlanna agus i seimineáir gréasáin maidir le cumas cliant.**

### Forbairt Cumais maidir le Boilsciú de Bharr Costas

Mar chuid d'fhócas leanúnach Bhord Bia ar thacaíochtaí cumais do bhoilsciú de bharr costas don tionscal, bhí an tríú lá oiliúna do Scileanna Idirbheartaíochta agus bunphrionsabail ar siúl do chliaint i lár mhí na Samhna. D'fhreastail 20 rannpháirtí ó raon earnálacha agus fuair siad tacaíocht lena gcuid ullmhúchán do na cruinnithe custaiméirí atá ar na bacáin. Chomh maith leis sin, tionóladh seimineár gréasáin ar bharr fheabhais feidhmíochta an tslabhra soláthair do chliaint i mí na Samhna. Is éard a bhí mar chuspóir leis an seimineár gréasáin seo, dea-chleachtas agus réitigh phraiticiúla a chomhroinnt le cliaint chun costais sa slabhra soláthair atá ag dul i méid a mhaolú.

### Forbairt Straitéis Mhargaíochta Tráchtála (CMS)

Tar éis tabhairt chun críche rathúil an chláir luathaithe margaidh i mí Deireadh Fómhair le miondíoltóir na Stát Aontaithe, tugadh cuireadh do chúigear cliant a bhí rannpháirteach chun páirt a ghlacadh sa 'chlár soláthraí' miondíoltóra. Áireoidh an méid seo triail réigiúnach do thréimhse díolacháin dhá sheachtain déag (12) a d'fhéadfadh críochnú le liostú iomlán. As féin, tugadh tacaíocht i mí na Samhna do chúigear cliant ar bhonn duine le duine maidir le tionscadail do straitéis mhargaíochta tráchtála a chlúdaigh margaí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe.

### Acmhainn Nuálaíochta a Fhorbairt

Cuireadh tús le seirbhís forbartha maidir le hacmhainn nuálaíochta phíolótach nua Bhord Bia i mí na Nollag le hionadaithe ó Chlár Nuálaíochta agus Deartha an MSc. Clúdófar sa chlár píolótach an ról atá ag nuálaíocht i seachadadh straitéise, i dtiománaithe inmheánacha maidir le rathúlacht nuálaíochta, conas deiseanna nuálaíochta a aithint, agus an bealach le léargas a chruthú agus a athrú go coincheapa táirge. Déanfar píolótú ar thuilleadh ábhair i dtús 2023 agus seolfar an tseirbhís do na cliaint go léir san earrach.

## Margaíocht Dhigiteach (Think Digital)

Lean clár Think Digital Bhord Bia ag tabhairt tacaíochta do chliaint le straitéisí agus teaictící do mhargaíocht dhigiteach a fhorbairt. Seoladh tacaíocht Amazon i Meitheamh 2022 a chuireann eolas ar fáil maidir le Amazon a úsáid mar bhealach chun margaidh. Tá forbairt á déanamh freisin ar chlár Amazon Boost chun tacú le cliaint atá ag díol trí Amazon faoi láthair. Leagtar amach i Digital Futures Playbook Bhord Bia tacaíochtaí straitéiseacha soiléire do chliaint chun deiseanna B2B a sheachadadh trí chainéil mhargaíochta dhigiteacha. Cuireadh tús le scaipeadh tacaíochta teaicticiúla sonracha (forbairt gréasáin idirnáisiúnta, B2B SEO áitiúil agus bainistiú feachtais) don chliant i mí na Samhna. Tugadh tacaíocht nua Tik Tok do chliaint chun críche faoi Shamhain freisin mar aitheantas ar an tábhacht atá ag dul i méid a bhaineann leis an gcainéal seo do chliaint Bhord Bia ó thaobh teagmháil a dhéanamh lena gcustaiméirí.

## Forbairt a dhéanamh ar Chumas Bainistithe Branda

Dhírigh Bainistiú Branda ar thacaíocht a thabhairt do chliantchuideachtaí ag deireadh na bliana 2022 lena gcuid gníomhaíochtaí agus tionscnaimh inbhuanaitheachta a chur in iúl. Rinneadh óstach ar sheimineár dar teideal 'Inbhuanaitheacht a chur in Iúl' an 30 Samhain mar aon le heolas ó shaineolaithe ar an ábhar.

## Ag Trádáil le Forbairt Cumais na Breataine

I mí na Samhna, rinneadh nuashonrú ar leathanach gréasáin Trádála na Ríochta Aontaithe Bhord Bia do chliantchuideachtai maidir le straitéis agus bainistiú riosca airgeadra eachtrach (FX) chun cabhrú le cliaint bainistiú níos fearr a dhéanamh ar riosca airgeadra. Leanadh sa bhliain 2022 le tacaíocht duine le duine a thabhairt do chliaint atá ag onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin sna réimsí comhlíontachta, lóistíochta, slabhra soláthair agus lipéadú.

## Food Works

Chríochnaigh an clár Food Works don bhliain 2022 i mí na Samhna. Le linn an chláir a mhair dhá sheachtain déag (12) tugadh tacaíocht do seacht gcomhlacht bia agus deoch ó thaobh úsáid a bhaint as léargas tomhaltóra le forbairt a dhéanamh ar bhranda, feabhas a chur ar dhearadh pacáistíochta agus plean gnó a chur i gcrích a bheidh ullmhaithe d'infheisteoirí. Tá sé deimhnithe go mbeidh naoi gcinn de chomhlachtaí ag glacadh páirt i Food Works 2023. Tugadh na gnéithe sainiúla chun críche agus cuireadh tús leis an gclár i mBord Bia an 31 Eanáir.



# Margaíocht agus Cumarsáid

## Cumarsáide Chorparáideach

Áiríodh ar chumarsáid tosaíochta leis na meáin in 2022, cur chun cinn agus foilsiú roinnt tuarascálacha léargais Bhord Bhia, cumarsáid maidir le misin agus aontaí trádála, cur chun cinn Acadamh Tallainne Bhord Bia, agus mar is gnách straitéis meáin na Ríochta Aontaithe maidir le trádáil.

## Cumarsáid le Feirmeoirí

Lean rannpháirtíocht forleathan feirmeoirí na hÉireann i gclár Origin Green ag leibhéal feirme trína Scéimeanna Inbhuanaitheachta agus Dearbhaithe Cáilíochta, le cur ar chumas Bhord Bia monatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar mhéadracht cáilíochta ó thaobh 54,000 feirm ar fud na hÉireann. Rinneadh líon pointí teagmhála a ghníomhachtú chun dul i dteagmháil le feirmeoirí in 2022, lena n-áirítear, cumarsáid dhíreach, comhpháirtíochtaí meáin, fógraíocht agus imeachtaí feirmeora.

In 2022, rinne Bord Bia cumarsáid le beagnach 40,000 feirmeoir trí theachtaireachtaí téacs nó trí nuachtlitreacha. Cuireadh eolas ábhartha ar fáil ar nós modúil nua a sheoladh don Mhol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme, tugadh cuireadh d'fheirmeoir cuairt a thabhairt ar Bhord Bia ag Mairteoil 2022 i Teagasc agus cuireadh nasc beo ar fáil ar mhaithe le páirt a ghlacadh sa suirbhé ar líne. Eisíodh nuachtlitreacha clóite ar chomhaltaí go léir na Scéimeanna Inbhuanaitheachta agus Dearbhaithe Cáilíochta mairteola, uaineola agus déiríochta in 2022. Bhí na gnéithe seo a leanas sna nuachtlitreacha, eolas margaidh, comhairle maidir le cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe, tacaíocht chun an Suirbhé maidir le hInbhuanaitheacht Feirme a chomhlánú agus nuashonruithe ar ghníomhaíocht forbartha cur chun cinn agus margaíochta Bhord Bia.

**40,000**

**Rinneadh teagmháil le 40,000 Feirmeoir trí theachtaireacht téacs agus nuachtlitreacha**

Rinneadh cumarsáid le feirmeoirí ar phríomhábhair ar nós tacaíochtaí inbhuanaitheachta Origin Green do chomhaltaí feirmeora, léargas ar mhargaí domhanda feola agus déiríochta agus eolas ar fheachtais agus ar thionscnaimh Bhord Bia trí chomhpháirtíochtaí agra- mheáin ina raibh ailt mhíosúla, clóite agus ar líne araon. Bhí ailt ar líne ar fud láithreáin nua mar phríomhghné den chomhpháirtíocht meáin in 2022.

Aimsíodh clúdach suntasach meáin ar fud raon foilseacháin agra-mheáin, lena n-áirítear, clúdach ar leathadh amach suirbhé inbhuanaitheachta feirme a bhí feabhsaithe, comhpháirtíochtaí miondíola nua chun táirgí orgánacha a chur chun cinn agus infheistíocht bhreise €1 milliún do chur chun cinn mairteola sa bhfómhar. Chiallaigh clúdach san Farmers Journal, Agriland, agus misin trádála eile in 2022 go raibh lucht féachana na bhfeirmeoirí i lár an aonaigh arís ó thaobh a bhfuil i gceist le margaí a bhunú.

Tugadh faoi fheachtas margaíochta sonrach inar díríodh ar chomhaltaí feirmeora chun feasacht a chur chun cinn maidir leis an Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme. Reáchtáladh an feachtas ó Aibreán go Meán Fómhair ar fud meáin chlóite, taispeántais agus na meáin shóisialta.

Tugadh an feachtas ocht seachtaine chun críche le fógraíocht físeáin ar fud 20 margadh ó Dheireadh Fómhair go Samhain.

D'fhill Bord Bia ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta le hollphuball tiomanta in 2022, an chéad uair le trí bliana. Bhí deasc chabhrach le spás d'fhiosrúcháin iniúchóireachta agus inbhuanaitheachta ar fáil, áit a raibh sé ar chumas feirmeoirí a lorg carbóin a íoslódáil nó clárú d'fhoghlaim maidir le hinbhuanaitheacht. Chomh maith leis sin, bhí samplaí de ghníomhaíocht cur chun cinn agus forbairt margaíochta le fáil san ollphuball, lena n-áirítear, an tábhacht a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta ag leibhéal miondíola. Bhí foireann Bhord Bia i láthair ar feadh trí lá chun labhairt go díreach le feirmeoirí maidir le hobair Bhord Bia agus le haon saincheisteanna a bhí ag na feirmeoirí.

## Feachtais Marc Cáilíochta Bhord Bia i Margadh na hÉireann

Bhí sé mar aidhm le clár margaíochta tomhaltóra Mharc Cáilíochta Bhord Bia sa mhargadh baile in 2022 leanúint le treallús a chur faoi fheasacht agus ardú a chur ar dhíolachán uaineola, muiceola, sicín, liamhás, bagún agus uibheacha leis an Marc Cáilíochta. Baineadh amach é sin trí chumarsáid a dhéanamh ar an mbealach a gcuireann na caighdeáin cháilíochta agus an iniúchóireacht neamhspleách atá taobh thiar den Mharc Cáilíochta ar chumas lucht siopadóireachta muinín a bheith acu sa Mharc Cáilíochta agus dá bhrí sásamh a bhaint as an mbia atá á ithe acu. Le linn 2022, rinneadh na teachtaireachtaí seo a chomhtháthú ar fud ghníomhaíochtaí go léir an Mhairc Cháilíochta ar fud cláir margaíochta sonracha do chatagóirí éagsúla táirgí dearbhaithe cáilíochta.

Díríodh gníomhaíochtaí feachtais go príomha ar fhógraíocht teilifíse agus raidió, caidreamh poiblí, ar imeachtaí agus ar fhorbairt agus ar scaipeadh ábhar digiteach nua. Ar an iomlán, tugadh faoi 17 feachtas in 2022, lena n-áirítear, 27 seachtain d'fhógraíocht teilifíse agus 37 seachtain d'fhógraíocht raidió.

Mar fhreagra ar chostais fuinnimh agus costais beatha ainmhí atá ag dul i méid, rinneadh forbairt ar fheachtas 'an Chumhacht atá ag do chuid Roghanna Bia' agus rinneadh é a leathadh amach i samhradh 2022 chun lucht siopadóireachta na hÉireann a spreagadh bia le dearbhú cáilíochta a cheannach agus, an méid sin á dhéanamh againn, tacú le agus an todhchaí d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí le dearbhú cáilíochta a dhaingniú. Bhí an feachtas, a dhírigh ar lucht siopadóireachta grósaeireachta idir 30 agus 60 bliain, comhdhéanta d'fhógraíocht raidió, fógraíocht lasmuigh agus ar na meáin shóisialta thar ocht seachtaine idir Meitheamh agus Meán Fómhair. Léirigh suirbhé tomhaltóra ionadaíoch náisiúnta go raibh tabhairt chun cuimhne a bhí níos airde ná mar is gnách i gceist leis an fhógraíocht, agus dúirt 79% gur mó seans go gceannódh siad bia le Marc Cáilíochta Bhord Bia.

Faoi mhí na Nollag 2022, léiríodh i dtaighde tomhaltóra go raibh 94% de thomhaltóirí na hÉireann ar an eolas maidir le Marc Cáilíochta Bhord Bia agus gur fhéach 69% de thomhaltóirí ar an bhfeachtas agus iad ag rá gur dóigh go gceannódh siad bia leis an Marc Cáilíochta, 5% níos airde ná 2021. Measann tomhaltóirí na hÉireann gur údar muiníne atá sa Mharc Cáilíochta i dtéarmaí sábháilteachta agus cáilíochta bia de agus gur dearbhú neamhspleách atá i gceist leis.

**69%**

**Is mó seans go gceannóidh 69% táirge le Marc Cáilíochta Bhord Bia**



## Feachtas Bia Mara na hÉireann ar Mhargadh na hÉireann

In 2022, lean an fócas sa mhargadh baile ar thomhaltóirí a spreagadh tapáil isteach in ilúsáideacht agus tarraingteacht ghoile a bhaineann le hiasc geal na hÉireann (colmóir, cadóg agus faoitín na hÉireann) le haghaidh béilí laethúla agus deireadh seachtaine. Baineadh é sin amach trí dhíriú ar shiopadóirí mná idir 35-55 bliain d'aois trí fhógraíocht teilifíse agus raidió, gníomhaíocht chuardaigh agus gníomhaíocht ar na meáin shóisialta. Léiríodh i suirbhé tomhaltóra ionadaíoch náisiúnta go raibh 67% den spriocghrúpa in ann an fógra teilifíse a thabhairt chun cuimhne agus díobh sin, dúirt 73% gur mó seans go gceannóidís iasc geal na hÉireann mar thoradh ar bhfógra sin. Chomh maith leis sin, reáchtáladh feachtais raidió agus meáin shóisialta chun tomhaltóirí a spreagadh feoil na Bealtaine agus maicréil na hÉireann a cheannach sa Mheitheamh. Reáchtáladh feachtais caidreamh poiblí agus meán le haghaidh fheoil portáin na hÉireann, cloicheáin bhá Bhaile Átha Cliath, oisrí, bradán deataithe orgánach, láimhíneach agus breac dea-dhathach a chur chun cinn sa tréimhse suas go Nollaig.

## Urraíocht Teilifíse i Margadh na hÉireann

### Neven's Irish Seafood Trails ar RTÉ 1:

Rinneadh clár Neven's Irish Seafood Trails', sraith teilifíse ina raibh seacht gclár, a chraoladh ar RTÉ 1. Is éard a bhí mar chuspóir leis an tsraith, an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar earnáil bia mara na hÉireann agus ar an réimse bia mara atá ar fáil a mhéadú. Le linn na sraithe, thug Neven Maguire cuairt ar tháirgeoirí bia mara éagsúla ar fud na hÉireann agus thaispeáin sé conas mar is féidir réimse oideas a chócaráil. D'fhéach os cionn 1.3 milliún duine ar an tsraith in 2022, sin 216,000 duine ar an meán in aghaidh an chláir.

### Nollaig Neven ag Feirmeacha Traidisiúnta Mhucrois ar RTÉ1:

Craoladh an clár speisialta Nollag dhá chuid seo ar RTÉ1 an 8 agus an 15 Nollaig. Le linn an chláir, d'ullmhaigh Neven Maguire oidis bhlasta éagsúla don Nollaig agus úsáid á baint aige as bia mara na hÉireann agus as bia le dearbhú cáilíochta Bhord Bia. Rinneadh scannánaíocht ar an tsraith ar Fheirmeacha Traidisiúnta Mhucrois i gCiarraí. D'fhéach thart ar 250,000 duine ar gach clár.

## Bloom Bhord Bia 2022

Rinneadh ceiliúradh sa bhliain 2022, ar shé bliana déag (16) ar an bhfód Bloom Bhord Bia nuair a d'fhill Bloom ar Pháirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath tar éis dhá bhliain de #BloomatHome fíorúil. Mheall Bloom 2022 os cionn 110,000 cuairteoir, lena n- áirítear, daoine gur breá leo garraíodóireacht agus daoine eile gur breá leo bia, mar aon le teaghlaigh óga. Is é Uachtarán na hÉireann agus Pátrún Bloom, Michael D Higgins, amhail blianta roimhe seo, a d'oscail an fhéile. Léiríodh i dtaighde tar éis Bloom 2022 seintimint dhearfach maidir le Bloom tráth ar dhearbhaigh 97% sástacht leis an fhéile. As na cuairteoirí, ba chuairteoirí a d'fhill den dara huair a bhí i 62% de chuairteoirí Bloom Bhord Bia 2022 agus bhí 38% ar a gcéad chuairt. Is éard atá mar chuspóir le Bloom Bhord Bia daoine a spreagadh glacadh le, taithí a fháil air agus tacú le bia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann mar chuid de stíl mhaireachtála inbhuanaithe, ag cruthú lucht leanúna ar feadh an tsaoil. Déantar é sin trí chuairteoirí a spreagadh, oideachas a chur orthu agus iad a chumhachtú trí ghairdíní taispeána agus ábhar gairneoireachta, go bia agus deoch den scoth agus spás do shaineolaí garraíodóireachta, do mhaireachtáil inbhuanaithe agus limistéar do leanaí a sholáthar. Le breis is 50 imeacht faoi lán seoil, bhí neart le déanamh agus le feiceáil.

## Margaíocht Idirnáisiúnta agus Dhomhanda

Leanadh leis an infheistíocht i Food Brand Ireland le líonra gníomhaireachta lárnach/áitiúil ag tacú le foireann lárnach margaíochta agus oifigí áitiúla Bhord Bia trí chraoladh teilifíse agus raidió, imeachtaí meáin chlóite agus dhigiteacha. Cuireadh barr feabhais ar chainéil B2B agus B2C d'fheachtas domhanda, Ireland - Working with Nature Like nowhere Else in the World. Leanadh le láithriú straitéiseach earnálacha tosaíochta i margaí tosaíochta le béim B2C ar bhranda mairteola na hÉireann san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus branda bia mara na hÉireann sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Chlúdaigh feachtais B2B ar fud mairteoil, déiríocht agus bia mara, an Eoraip, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Áise a thug feasacht ar Éirinn mar fhoinse bia agus deoch inbhuanaithe i measc sprioclucht féachana go dtí an leibhéal ab airde riamh.

Bhí Feachtais an AE mar bhealach straitéiseach leis an Eoraip, agus Éire mar chuid den Eoraip, a láithriú i gcríocha i bhfad ó bhaile na Seapáine, na Cóiré, Meicsiceo agus na Síne, mar fhoinse bia agus deoch, ag réiteach an bhealaigh do phleananna forbartha branda amach anseo sna príomhchríocha sin in 2023. Threoraigh Food Brand Ireland, a bhí cumhachtaithe ag creat cumarsáide straitéiseach Origin Green, agus úsáid á baint as dea-chleachtas feachtais agus cumarsáide branda lárnach/áitiúil ar fud an domhain, a chiallaigh leanúnachas agus comhtháthú margaíochta in 2022.

## Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid Branda Corparáideach Idirnáisiúnta

Bhí fócas straitéiseach in 2022 ag cumarsáid tosaíochta chorparáideach idirnáisiúnta ar chumarsáid ceannaireachta meán. Áiríodh anseo, roinnt deiseanna labhartha ardíomhá agus clúdach meáin a aimsiú do cheannaireacht Bhord Bia ar fud margaí. Láithrigh agallaimh an Phríomhfheidhmeannaigh le hirisí bia, deoch agus gairneoireachta na hÉireann mar thionscal tosaigh in 2022, a bhí mar chuid den fhócas níos leithne ar Éirinn. Chuir na hagallaimh scéal na heacnamaíochta chun tosaigh, inar díríodh ar an tábhacht atá le honnmhairí bia, deochanna agus gairneoireachta go hidirnáisiúnta agus béim ar leith á leagan ar an gcaidreamh onnmhairíochta idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Foilsíodh na hailt in eagrán idirnáisiúnta gach aon iris, agus aimsíodh 2.3 milliún léitheoir.

## Misin Trádála

Cuireadh an branda corparáideach idirnáisiúnta ar taispeáint ag trí mhisean trádála in 2022, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (12-18 Feabhra), SAM agus Meicsiceo (25 - 29 Aibreán) agus sa tSeapáin agus san Áise Thoir Theas (29 Lúnasa - 5 Meán Fómhair). Baineadh clúdach láidir meáin amach, ar líne agus clóite. Áiríodh 290 píosa de chlúdach meáin, ag baile agus go hidirnáisiúnta araon, a chruthaigh os cionn €4.5 milliún ó thaobh luach comhionann fógraíochta (AVE) d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Cruthaíodh plean preasa mionsonraithe sé mhí sa tréimhse roimh an misean trádála, inar áiríodh, leathadh amach tuairimí eagarfhocail sna príomhnuachtáin ar fud an Mheánoirthir, preasráitis a chruthaigh feasacht ar shábháilteacht agus ar shlándáil bia na hÉireann, seoladh straitéis réigiúnach Bhord Bia d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Go hidirnáisiúnta, rinneadh tuairisciú ar an misean trádála ar fud an Mheánoirthir ar chainéil chomh fada ó bhaile le Sky News Arabia, Dubai Eye agus an Arab News Ó thaobh Stáit Aontaithe Mheiriceá de, bhí an fócas ar rochtain a bheith ag caoireoil na hÉireann ar an margadh sin, ar chlár deochanna Spirit of Ireland Bhord Bia 2022 - 2024, feachtas atá cómhaoinaithe ag an AE do mhairteoil agus do chaoireoil le hionadaithe rialtais agus trádála Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí an fócas i Meicsiceo ar fheachtas muiceola a bhí cómhaoinithe ag an AE agus ag Bord Bia.

B'ionann agus €3.8 milliún AVE an clúdach a baineadh amach mar thoradh ar an bhfeachtas trádála sa tSeapáin agus san Áise Thoir Theas. Áiríodh anseo, clúdach ó phreasocáidí sa tSeapáin agus agallaimh mheáin leis na hAirí McConalogue agus Heydon, chomh maith le Príomhfheidhmeannach Bhord Bia sa tSeapáin, Singeapór agus Vítneam.

Chruthaigh an fhoireann caidrimh poiblí idirnáisiúnta físeán rannpháirtíochta páirtithe leasmhara d'imeachtaí ó gach aon mhisean trádála agus glacadh go maith leo ar LinkedIn le breis is 9,000 amharc agus 31,000 imprisean ó pháirtithe leasmhara tionscal.

## Imeachtaí Trádála

Cuireadh fáilte mhór roimh fhilleadh na n-aontaí trádála tar éis go leor imeachtaí a bheith curtha siar le cúpla bliain anuas mar gheall ar an bpaindéim. D'fhreastail Bord Bia ar aon cheann déag (11) d'aontaí trádála san Eoraip, lena n-áirítear, Salon Du Fromage, Food & Drink Expo (PCF), Seafood Expo Barcelona, Internorga (PCF), Prowein (deochanna), PLMA (PCF), Biofach (táirgí orgánacha), (deochanna) agus SIAL Páras (feoil agus déiríocht).

Áiríodh ar sheónna trádála eile, Gulfood Dubai, Seafood Expo Bostún agus NABCA (deochanna) sna Stáit Aontaithe agus Foodex, Seoul Food, Hey Whiskey, Shenzhen Food Hotel Asia agus Food Ingredients Asia. Cuireadh seacht gcinn d'aontaí trádála ar ceal mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19.

Thacaigh Bord Bia le linn 2022, le breis is 125 cliant ar mhaithe le freastal ar 19 aonach trádála a chuir deiseanna forbartha gnó agus margaíochta ar fáil don tionscal bia, deoch agus gairneoireachta. Tar éis imeachtaí fíorúla agus hibride a chur ar fáil in 2020 agus 2021, chiallaigh imeachtaí fisiciúla éileamh mór mar thoradh ar rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh.

## Feachtais Idirnáisiúnta Gnó le Gnó (B2B) maidir le Mairteoil, Muiceoil, Déiríocht, Bia Mara agus Alcól

Rinne Foireann Margaíochta Bhord Bia feachtais B2B a stiúradh ar fud naoi margadh tosaíochta do mhairteoil, déiríocht agus bia mara in 2022. Dhírigh na margaí ar chustaiméirí trádála miondíola, seirbhíse bia agus trádáil déantúsaíochta, chuir treallús faoi roghnúchán bia ardcháilíochta inbhuanaithe atá á tháirgeadh in Éirinn i margaí seanbhunaithe (AE, SAM) agus feasacht ar a éagsúlacht i margaí nua (an Áise). Tugadh faoi fheachtais sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, i SAM, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Spáinn (margaí seanbhunaithe) agus sa tSín, sa tSeapáin agus sa Chóiré Theas (margaí nua).

### Earnáil na Déiríochta

Tugadh faoi fheachtais B2B, maidir le déiríocht na hÉireann ar fud chúig mhargadh tosaíochta: an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, SAM, an tSín agus an tSeapáin. Is éard a bhí mar chuspóirí leis an bhfeachtas sa Ghearmáin agus i SAM cothabháil a dhéanamh ar ghnó a bhí ann cheana féin agus treallús a chur faoi tháirgí déiríochta na hÉireann a roghnú i measc custaiméirí trí cháilíocht de scoth agus dintiúir féarchothaithe a chur ar na súile dóibh. Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas sa Ríocht Aontaithe treallús a chur faoi fhás de réir a chéile trí chaidreamh atá ann cheana féin. Bhí tráthúlacht fheachtais na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe ag teacht leis na príomhsheónna trádála sna margaí seo.

Sa Ghearmáin, bhí gníomhaíocht margaíochta agus cumarsáide B2B ar siúl ar bhonn leanúnach, le fógraí preasa trádála, ailt fógraíochta agus meirgí fógraíochta digiteacha i bhfoilseacháin trádála, ar láithreáin gréasáin dhigiteacha trádála ábhartha.

Cuireadh 15 alt fógraíochta clóite in ocht gcinn d'fhoilseacháin trádála sa Ghearmáin a bhí ábhartha don sprioclucht spéise lenar sroicheadh 1.3 milliún duine. Chomh maith leis sin, bhí 240,000 imprisean ar mhargaíocht dhigiteach a raibh fógraí ar líne agus nuachtlitreacha i gceist leis.

Bhí gníomhaíocht margaíochta déiríochta B2B ar siúl sa Ríocht Aontaithe ó Mheán Fhómhair go Samhain le feachtais foilseacháin ar líne sa Ghrósaeireacht agus Lónadóireacht. Bhí meirgí fógraíochta digiteacha, ríomhphoist saincheaptha i gceist leis an bhfeachtas freisin. Cruthaíodh breis is 130,000 imprisean.

Bhí gníomhaíocht an fheachtais déiríochta B2B i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar siúl i Ráithe 3 agus 4 le fógraíocht ar siúl ar phríomhfhoilseacháin láithreáin gréasáin. Áiríodh sa ghníomhaíocht margaíochta ailt fógraíochta ar shuíomh óstála físeán lenar cruthaíodh 240,000 imprisean.

Leanadh le feachtais B2B sa tSín agus sa tSeapáin chun treallús a chur faoi thuiscint a thabhairt ar Éirinn mar fhoinse ardcháilíochta do tháirgí déiríochta atá á dtáirgeadh go hinbhuanaithe agus díríodh an feachtas ar chustaiméirí trádála.

Baineadh amach an méid sin sa tSeapáin trí fhógraíocht i bpríomhfhoilseacháin agus láithreáin gréasáin. Bhí feachtas láidir amháin ann i Ráithe 3 a chuimsigh 12 fógra clóite i sé theideal ag teacht le misean trádála na n-airí. Tacaíodh leis na fógraí clóite seo trí roinnt fógraí i riocht nuachta a raibh teagmháil le 624,000 léitheoir mar thoradh air.

Bhain fógraíocht dhigiteach, lenar áiríodh taispeántas Google agus meirgí fógraí ar líne 5.8 milliún imprisean amach.

Díríodh an straitéis chumarsáide sa tSín ar chur chun cinn leanúnach ghnéithe uathúla díolacháin déiríochta na hÉireann trína dhintiúir féarchothaithe, a chumas taighde agus forbartha agus a fheidhmeanna seirbhíse bia don sprioclucht féachana. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí margaíochta, fógraíocht agus eagarfhocail íoctha trí chainéil gnó agus meáin shóisialta, ábhar leanúnach ar ardáin mheáin shóisialta atá faoi úinéireacht Bhord Bia (WeChat agus Weibo) agus comhpháirtíochtaí le hardáin trádála ábhartha KOL. Bhí na gníomhaíochtaí seo ag teacht le agus ag tacú le himeachtaí fisiciúla sonracha trádála agus le dátaí ábhartha i bhféilire na Síneach. Bhí 16 KOL rannpháirteach ar fud na ngníomhaíochtaí seo agus aimsíodh 14 milliún imprisean trína gcuid ardán ar líne. Chomh maith leis sin, bailíodh 40 gearrthán meán a chruthaigh breis is 77 milliún imprisean.

## Earnáil na Mairteola

Ó thaobh mhairteoil na hÉireann de, bhí feachtais B2B ar siúl ar fud trí mhargadh tosaíochta: an Iodáil, an Ghearmáin agus an tSeapáin. Is éard a bhí mar chuspóir leis an bhfeachtas san Iodáil agus sa Ghearmáin treallús a chur faoi mhairteoil de chuid na hÉireann a roghnú i measc custaiméirí trí cháilíocht den scoth agus dintiúir féarchothaithe a chur ar na súile dóibh. Bhí gníomhaíocht margaíochta agus cumarsáide ar siúl ar feadh an ama sa dá mhargadh, trí fhógraí preasa trádála, ailt fógraíochta agus meirgí fógraíochta digiteacha i bhfoilseacháin trádála, ar láithreáin gréasáin dhigiteacha trádála ábhartha.

Chomh maith leis na feachtais, bhí SIAL Paris, príomhsheó trádála Eorpach don tionscal mairteola, ar siúl in 2022 agus bhí tráthúlacht fheachtas na Gearmáine ag teacht leis an seó. San Iodáil, ar feadh 2022, bhí 34 fógra clóite in ocht gcinn d'fhoilseacháin agus rinneadh teagmháil le

2.8 milliún léitheoir. Sa bhreis air sin, aimsíodh 1.9 milliún amharc trí fhógraíocht dhigiteach. Sa Ghearmáin, cuireadh 20 fógra clóite i 10 bhfoilseachán trádála chun díriú ar sprioclucht féachana lenar clúdaíodh 2.2 milliún duine. Áiríodh san fhógraíocht dhigiteach, fógraí meirge agus nuachtlitreacha, a bhain 500,000 imprisean amach.

Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas B2B sa tSeapáin, cur le feasacht maidir le hÉirinn a bheith ina príomhfhoinse mairteola den scoth i measc allmhaireoirí agus spriocanna seirbhíse bia. Baineadh an méid sin amach trí dhá bhabhta fógraíochta i bpríomhfhoilseacháin agus láithreáin gréasáin trádála, cuireadh 17 fógra clóite i seacht gcinn de theidil chlóite agus naoi bpíosa eile de chlúdach eagarfhocail a bhí saor in aisce agus a rinne teagmháil le 1.1 milliún duine ar an iomlán. Bhain an fhógraíocht dhigiteach, inar áiríodh taispeántas Google agus meirgí fógraíochta ar líne, 10 milliún imprisean amach freisin.

## Earnáil na Muiceola - an tSín

Ó thaobh mhuiceoil na hÉireann de, dhírigh straitéis chumarsáide 2022 sa tSín ar neartú a dhéanamh ar thuiscint maidir le dintiúir mhuiceola na hÉireann trí ghníomhaíochtaí trádála, trí phostálacha leanúnacha ábhar meáin shóisialta ar ardáin faoi úinéireacht Bhord Bia féin agus trí thionscnaimh ar nós an Dragon Boat Festival.

Bhí an fhéile ar líne seo ar siúl nuair nárbh fhéidir ábhar a chur chun cinn as líne mar gheall ar an dianghlasáil. Chomh maith leis sin, thaispeáin WeChat Moments fógra maidir le feirmeoireacht muc in Éirinn agus na scéimeanna dearbhaithe cáilíochta diana don sprioclucht féachana ar spéis leo muiceoil den scoth, a bhí dírithe ar chathracha shraith a haon Shang-hai, Béising, Guangzhou agus Shenzhen. Baineadh 2,490,867 imprisean amach chomh maith le lucht leanúna nua de 1,079 a earcú.



## An Earnáil Bia Mara

Maidir le bia mara na hÉireann, reáchtáladh feachtais B2C ar fud trí mhargadh tosaíochta seanbhunaithe (an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Spáinn) a bhí dírithe ar threallús a chur faoi fheasacht agus rogha a chur chun cinn i measc tomhaltóirí i ndáil le bia mara na hÉireann bunaithe ar a ghnéithe uathúla díolacháin.

Reáchtáladh trí bhabhta den fheachtas sa Fhrainc chun bradán orgánach na hÉireann (dhá bhabhta) agus diúilicíní orgánacha na hÉireann (babhta amháin), a bhí geoidhírithe ar bhailte i dtuaisceart na Fraince ar nós na Briotáine, Pháras agus Lille. Reáchtáladh an fhógraíocht i Ráithe 2 agus i Ráithe 4 ar fud cainéil chlóite agus dhigiteacha araon a bhain 3.8 milliún amharc amach agus cruthaigh an físeán maidir le diúilicíní orgánacha na hÉireann 2.1 milliún amharc le linn dhá bhabhta feachtais.

Sa Ghearmáin, cuireadh bradán orgánach na hÉireann chun cinn i Ráithe 2, le roinnt gníomhaíocht iarmharach i Meán Fómhair trí mheascán d'ailt fógraíochta in irisí tomhaltóra agus fógraíocht dhigiteach ar fud raon cainéal, a rinneadh seachadadh ar 5.4 milliún imprisean fógraíochta.

Chomh maith leis sin, bhí feachtas do speiceas cladaigh nua ar siúl ag an am céanna ar fud dhá mhagadh, an Fhrainc agus an Spáinn, i nDeireadh Fómhair. Dhírigh an feachtas ar chúig phríomhspeiceas, an portán dearg, cuachma, an portán faoilinne, gliomach agus luaineacháin, agus díríodh san fheachtas ar thomhaltóirí bia mara ardioncaim agus bhí an feachtas ar siúl ar fud cainéil dhigiteacha agus meán sóisialta agus úsáid á baint as físeáin nua-chruthaithe a bhí sonrach don speiceas. Sa Spáinn bhain na físeáin 2.8 milliún amharc amach ar fud ardáin ar líne agus d'fhéach 3.3 milliún duine ar na físeáin sa Fhrainc.

Sa tSín, bhí treallús a chur faoi fheasacht agus faoi thuiscint trádála ar Éirinn mar fhoinse bhia mara ardchaighdeáin den scoth atá á tháirgeadh go hinbhuanaithe agus buntáistí uathúla bhia mara na hÉireann, mar chuspóir iomlán i gcónaí. Bhí COVID-19 mar dhúshlán i gcónaí le dianghlasáil in Shang-hai ar feadh dhá mhí agus roinnt dianghlasála i gcathracha eile shraith 1, agus bhí níos mó daoine ag brath ar ghníomhaíocht margaidh ar líne.

Díríodh ar chustaiméirí, allmhaireoirí, trádálaithe agus miondíoltóirí ar líne sa tseirbhís bia, bhí fócas na ngníomhaíochtaí ar shraith imeachtaí trádála agus tugadh tuilleadh soiléireachta maidir leo seo trí chainéil ábhartha meán gnó agus trádála, tionchairí trádála ar líne agus trí chainéil dhigiteacha faoi úinéireacht Bhord Bia (Wechat agus Weibo). Tríd an tacaíocht seo sna meáin, rinneadh teagmháil le breis agus 14 tionchaire meán agus ar líne agus 60 gearrthán meán le luach comhionann fógraíochta measta €312,000.

## An Earnáil Alcóil

I dtéarmaí earnáil na ndeochanna, bhí an bhéim ar leathadh amach an chláir oideachais Spirit of Ireland d'fhoireann na líne tosaigh a bhíonn ag freastal ar thomhaltóirí sa mhiondíol agus sna cainéil maidir le trádáil ar fud Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na hEorpa. Rinneadh píolótú ar an gclár in New Hampshire i mí Feabhra agus in Ohio, Nua-Eabhrac, San Francisco, Beirlín, Toronto agus i bPáras ina dhiaidh sin, agus tá sé mar aidhm leis foireann na líne tosaigh a spreagadh chun uisce beatha na hÉireann a chur chun cinn. Bhí an glacadh a bhí leis an gclár thar a bheith dearfach, agus léirigh Liquor Control Boards ar fud na Stát Aontaithe spéis ann.

Rinneadh coimisiúnú ar dhá fhíseán nua mar thacaíocht bhreise margaíochta. Bhí Speisialtóir Biotáille SA Bhord Bia, inar léiríodh na tacaíochtaí atá á dtairiscint ag Bord Bia, san áireamh sa chéad fhíseán. Sa dara físeán bhí úinéir tí ósta Éireannaigh i Nua-Eabhrac, a rinne cur síos ar an gcúis atá aige le biotáille na hÉireann a chur ar fáil ina theach ósta san áireamh.

Seolfar na físeáin seo chuig príomhphearsanra trádála agus chuig Control Boards na Stát Aontaithe mar chuid de phacáiste cuir i láthair ar chlár oideachais agus oiliúna maidir le huisce beatha na hÉireann agus an áit a bhfuil an t-uisce beatha le fáil.

Sa tSín, bhí an fócas ar leas a bhaint as gníomhaíochtaí trádála chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar USPanna uisce beatha na hÉireann. Leanadh suas an freastal ar an Hey Whiskey Trade Show le sraith imeachtaí máistir-ranga i Shang-hai agus i Guangzhou, i gcomhar le haoi-fhreastalaithe beáir ó bheáir a bhfuil aithne mhaith orthu i Chengdu agus Hangzhou. Mar chuid den tacaíocht margaidh do na himeachtaí seo, bhain 13 ionad 42 milliún imprisean ar an meán amach.

## Feachtais AE

Cuireadh feachtais dhiana B2B AE i bhfeidhm trí chomhdhálacha, imeachtaí, fógraíocht agus trí na meáin dhigiteacha ar fud na Síne, i Vítneam, sna hOileáin Fhilipíneacha, sa Chóiré agus i Meicsiceo leis an teachtaireacht maidir le bia agus deoch ón Eoraip (agus ó Éirinn mar chuid den Eoraip) a thabhairt chomh fada le sprioclucht spéise in 2022.

## Trasfhoirmiú Digiteach do Ghníomhaireacht Margaíochta

Sa bhliain 2022, tar éis forbairt a bheith déanta ar Straitéis Digiteach trí bliana in 2021, leanadh le hobair ar phríomhshruthanna oibre digiteacha agus ICT, ag díriú ar ardáin, próisis agus scileanna chun barr feabhais a chur orthu. Tá an treochlár mar chuid

de Straitéis Chorparáideach fhoriomlán Bhord Bia a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis.

Áiríodh ar phríomhábhair insoláthartha in 2022:

Forbairt straitéiseach thairseach My Bord Bia: Tar éis seoladh rathúil thairseach My Bord Bia chun digitiú a dhéanamh ar phróiseas iarratais deontais MAP do chliaint in 2021, bhí pleanáil ar siúl sa bhliain 2022 chun na gníomhaíochtaí a bhí fanta a thabhairt chun críche, agus foinsiú a dhéanamh ar chomhpháirtí seachadta agus comhéadan so-úsáidte a leagan amach bunaithe ar aiseolas ó chliaint.

D’ullmhaigh an méid sin My Bord Bia chun forbairt a dhéanamh mar thairseach saincheaptha a chuireann sraitheanna ábhar cuí ar fáil de réir earnála agus cliant.

Bhí forbairt leanúnach ar siúl, ag turas tosaigh an chliaint custaiméara, ar láithreán gréasáin bia agus deoch na hÉireann mar thairseach do cheannaitheoirí ó 180 tír do dhéiríocht, feoil, bia mara, alcól, comhábhar bia, PCF agus gairneoireacht na hÉireann. Nascann an t-ardán le córas CRM Bhord Bia agus le hardáin eile cruinnithe agus taispeántais B2B, ag feidhmiú mar cheann scríbe digiteach do go leor feachtais domhanda B2B.

Cruthaíodh alt nua de láithreán gréasáin Bordbia. ie chun tacú le cliaint atá ag trádáil leis an Riocht Aontaithe tar éis an Bhreatimeachta. Baineadh úsáid as gnéithe den láithreán gréasáin atá ann cheana féin chomh maith le modúil saincheaptha chun príomhacmhainní a chur i láthair le leagan amach atá simplí, faisnéis atá cothrom le dáta, imeachtaí ábhartha agus eispéireas úsáideoirí atá dearfach a chur ar fáil.

**Aip MAT:** Tá forbairt déanta ar Aip Rianúcháin Gníomhaíochta Margaíochta chun éifeachtúlacht níos fearr a sholáthar ar mhaithe le sruthlíniú níos fearr a dhéanamh ar iarratais inmheánacha tionscadail.

Leanann an Mol Margaíochta d’áit aonair a chur ar fáil do na mílte de shócmhainní reatha.

Cuireann uirlis nua Collab tairseach dhigiteach ar fáil do Bhord Bia agus dá chuid gníomhaireachtaí chun oibriú i gcomhar le chéile ar tháirgeadh sócmhainne cruthaitheach.

**Aip Meatcuts:** Rinneadh forbairt ar an Aip Meatcuts mar fhreagra ar riachtanas cliant feola maidir le gearrthóga éagsúla agus briseadh anuas na n-ainmhithe a thaispeáint go fíorúil dá gcustaiméirí féideartha. Taispeántar íomhánna 360 céim de ghearrthóga mairteola, uaineola agus muiceola ar an bhfeidhmchlár agus tá sé aistrithe go naoi gcinn de theangacha.

Rinneadh nuashonrú ar dhearadh láithreán gréasáin Bhord Bia chun inrochtaineacht a fheabhsú agus comhlíontacht le Treoir an AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a chinntiú. Táthar ag leanúint leis an obair seo in 2023 chun barr feabhais a chur air agus ábhar a nuashonrú.

Bliain fáis a bhí sa bhliain 2022 do chainéil chorparáideacha meán sóisialta Bhord Bia ar LinkedIn agus ar Twitter. Bhí scaipeadh orgánach níos mó ná 4.5 milliún ar fud an dá chainéal, ardú 94% ar 2021.

Tharla formhór na rannpháirtíochta ón lucht spéise in Aibreán agus i Meán Fómhair agus chruthaigh clúdach aontaí trádála agus imeachtaí ionmhargaidh na rátaí rannpháirtíochta ab airde ar an dá chainéal. Bhí fás ag teacht ar chainéil shóisialta tomhaltóirí freisin ag teacht le múnlú ar éileamh tomhaltóra.

# Airgeadas Margaíochta

In 2022, thug Bord Bia cuireadh iarratais a chur faoi bhráid faoin gClár um Chúnamh Margaíochta (MAP) do dheontais chun tacú le gníomhaíochtaí margaíochta. Tá ról ag MAP maidir le hacmhainn margaíochta cuideachtaí beaga agus meánmhéide a fheabhsú, trí chuidiú leo an chéad chéim eile a ghlacadh maidir lena bhfás a chur chun cinn agus a chumasú lena bheith ullamh d'onnmhairiú. Bhí MAP oscailte do tháirgeoirí bia, deochanna agus gairneoireachta na hÉireann a bhfuil láimhdeachas acu sa réimse idir €100,000 agus €3.5 milliún. Ceadaíodh cúnamh deontais €920,000 do 119 cuideachta.

I dtéarmaí íocaíochtaí, íocadh deontais €857,819 le 118 cuideachta le linn na bliana ar fud trí chlár deontais, an Clár um Chúnamh Margaíochta, Clár Step Change agus an Scéim Tacaíochta COVID- 19, maidir le ceadanna a tugadh in 2020, 2021 agus 2022. Tá liosta na gcuideachtaí a fuair deontais liostaithe ag deireadh na tuarascála seo.

## Urraíochtaí

Le linn 2022, rinne Bord Bia urraíocht ar chatagóirí i líon clár dámhachtana. Áirítear ar na dámhachtainí a fuair tacaíocht, an chatagóir bia agus deochanna de Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga, mar aon leis an gcatagóir Supreme Champion ag dámhachtainí Blás na hÉireann, chomh maith le catagóir Food Writing Award ag dámhachtainí Irish Food Writing. Bhí tacaíocht curtha ar fáil cheana féin don Chomhdháil Food on the Edge agus tugadh tacaíocht d'fhoireann na hÉireann ag an World Butchers Challenge.



# Margaí Idirnáisiúnta

## Forbairt Gnó Dhomhanda

In 2022, lean Bord Bia ag díriú ar sheirbhísí a fhorbairt do chliantchuideachta ar fud a líonra idirnáisiúnta de 14 láthair thar lear, ocht gcinn san Eoraip agus sé cinn sna margaí idirnáisiúnta.

Leagadh béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do chliantchuideachtaí trí acmhainní breise ar an láthair i margaí thar lear agus clú domhanda na hÉireann atá a dul i méid i ndáil le bia agus deoch ardcháilíocht atá á tháirgeadh go hinbhuanaithe.

Bhí go leor lúfaireachta fós i gceist le seirbhísí Bhord Bia do chliaint in 2022 mar gheall ar an gcúlra lenar bhain neamhchinnteacht gheilleagrach, a bhí faoi threallús ag an gcogadh san Úcráin agus ag costais bhoilscitheacha atá ardú go mór.

Cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag gabháil le fócas an ghnímh ar tugadh faoi ag brath ar aibíocht an mhargaidh d'onnmhairí bia agus deoch na hÉireann, is é an cuspóir uileghabhálach treallús a chur faoi fheasacht, cáil agus ullmhacht don mhargadh sholáthróirí bia agus deoch na hÉireann ar fud na cruinne agus le cliaint a nascadh le custaiméirí.

D'oibrigh Bord Bia go dlúth, ar feadh na bliana le cuideachtaí na hÉireann, chun cuidiú le hacmhainn an ghnó a fhorbairt chun fás a mheas, a phleanáil agus a chur ar fáil trí raon seirbhísí i margaí tosaíochtaí a roghnaíodh go straitéiseach. Ba é an tionscadal um Mhargaí a Chur in Ord Tosaíochta a chuir bonn eolais faoi na seirbhísí seo, ar leanadh ar aghaidh leis in 2022, agus béim ar leith á leagan ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le custaiméirí i margaí tosaíochta ar fud na gcainéal miondíola, seirbhíse bia agus déantúsaíochta. Chomh maith le cláir agus tionscadail a chur i bhfeidhm, thug foireann um Fhorbairt Gnó Dhomhanda Bord Bia faoin méid seo a leanas le linn 2022:

- Cuireadh trí mhisean trádála ar fáil sa Mheánoirthear, i Meiriceá, sa tSeapáin agus san Áise Thoir Theas.
- Rinneadh éascú ar 1,497 cruinniú ceannaitheoirí le príomhchomhpháirtithe leasmhara.
- Cruthaíodh 2,304 ábhar gnó agus cruthaíodh 1,726 deis tráchtála.
- Rinneadh éascú ar líon iniúchóireachtaí maidir le rochtain margaidh agus cigireacht le príomhchomhpháirtithe leasmhara ón tSín agus ón Áise Thoir Theas.
- Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht san am a caitheadh agus fhéidearthachtaí amach anseo trí chleachtadh leasaithe Margaí a chur in Ord Tosaíochta.

## Cur Chuige Comhoibríoch

Lean Bord Bia ag obair i gcomhpháirtíocht le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachais ó thaobh fhorbairt agus chur i bhfeidhm na tacaíochta don tionscal bia agus deoch. Áirítear orthu seo, an DAFM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Fiontraíocht Éireann agus Tourism Ireland.

# Rialachas

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird


### Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 go 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### Struchtúr an Bhoird

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus cláir a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is róil ar leithligh iad róil an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord i gceist (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil agus Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) a chuimsíonn an Cathaoirleach agus suas le dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.



## Freagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord "keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."

**Agus na ráitis airgeadais á n- ullmhú ceanglaítear ar an mBord:**

1. Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
3. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad; agus,
4. Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord, seacht n- uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe láraithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, rialachas corparáideach agus bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chláir oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le hanailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh, áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le clú bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bhord Bia; rioscaí clú a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail; srl. Déantar riosca a mhaolú trí phróiseas athbhreithnithe ar an gclár riosca ag gach cruinniú Boird agus déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí struchtúr an Fho-Bhoird.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíocht, lena n-áirítear, cead, inter alia, éadálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, státchiste agus beartas riosca. Bíonn gá le cead an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le cead an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Laistigh de chomhthéacs straitéise Food Wise 2030, don earnáil agraibhia, leagtar amach i straitéis chorparáideach Bhord Bia 'Todhchaí faoi Bhláth a Chothú' na cuspóirí agus an treo atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2022 - 2025. Tá buiséid bhliantúla ag teacht leis an straitéis seo. Ceadaíonn an Bord na buiséid bhliantúla agus na measúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana. Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

## Rialachas

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachas Corparáide agus Dea-Chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; comhaltas, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coimhlint leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh.

Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. Le linn na bliana 2022, thionól an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

**An Cathaoirleach:**

- Treoraíonn an Cathaoirleach an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d'atmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.
- Cinntíonn sé, in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr oscailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear gach eolas rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn comhroinnt mhaith eolais idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
- Cinntíonn sé go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- Coinníonn sé an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara ar an eolas faoi chúrsaí a eascraíonn maidir le Bord Bia.
- Cuireann sé tuarascáil Chuimsitheach faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a rialú.

Thug an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca araon faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a bhfeidhmíocht féin le linn na bliana agus tugadh aghaidh ar aon laigí a aithníodh. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine, rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú. Cuireadh tús le meastóireacht sheachtrach ar an mBord in 2022 agus cuirfear i láthair an Bhoird é sin i dtús na bliana 2023.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá Comhaontú Maoirseachta do Bhord Bia tugtha chun críche agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm é i rith na bliana.

## Comhaltaí Boird agus Neamhspleáchas

Tá rochtain ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme.

Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí reatha an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ar leathanach 96.

## Comhaltaí Boird agus Freastal ar Chruinnithe

Tionóladh ocht gcinn de chruinnithe le linn na bliana 2022 agus tá mionsonraí maidir le gach comhalta leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|
| L. Allen | 6 as 8 |
| N. Browne | 8 as 8 |
| M. Cronin | 8 as 8 |
| T. Cullinan | 7 as 8 |
| P. Fitzgerald | 3 as 3 |
| T. Keohane | 8 as 8 |
| K. Kerrigan | 8 as 8 |
| P. McCormack | 7 as 7 |
| S. McPhillips | 8 as 8 |
| D. MacSweeney | 8 as 8 |
| T. Moran | 8 as 8 |
| P. Murphy | 7 as 7 |
| J. Woulfe | 3 as 3 |



## Táillí agus Costais Comhaltaí Boird

Tá sceideal na dtáillí agus costais taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí boird i ndáil le freastal ar chruinnithe Boird, agus sa chás gur ábhartha, cruinnithe fo-bhoird agus fo-choistí in 2022 leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Táillí Boird | Costais Taistil agus Cothabhála |
|---|---|---|
| D. MacSweeney* | €20,520 | €2,549 |
| L. Allen | €11,970 | €133 |
| N. Browne * | - | - |
| M. Cronin* | €11,970 | €3,772 |
| T. Cullinan | €11,970 | €47 |
| P. Fitzgerald | €4,099 | €274 |
| T. Keohane * | €11,970 | - |
| K. Kerrigan | €11,970 | €559 |
| P. McCormack | €10,271 | €795 |
| S. McPhillips ** | - | - |
| T. Moran | €11,970 | €83 |
| P. Murphy * | - | - |
| J. Woulfe | €4,099 | €843 |

* Léirítear na comhaltaí Boird a tharscaoil cuid de nó iomlán na dtáillí iníoctha, mar Chomhalta Boird in 2022.

** Faoin bprionsabal aon tuarastal amháin d'aon duine amháin, níor íocadh aon táillí le S. McPhilips, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ní bhfuair Comhaltaí Boird aon íocaíochtaí eile i ndáil lena gcomhaltas ar an mBord in 2022. B'ionann na suimeanna a íocadh le Comhaltaí Fo-Bhoird maidir le costais taistil agus chothabhála in 2022 agus €8,845. Níor íocadh táillí ar bith le comhaltaí Fo-Bhoird in 2022 i ndáil le freastal ar chruinnithe Fo-Bhoird.



## Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh cruthaitheach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i gceannas Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

## Coistí Boird

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca, atá comhdhéanta faoi láthair de thrí chomhalta Boird

M. Cronin, T. Keohane, agus S. McPhillips chomh maith le comhalta seachtrach amháin R. Nolan a bhfuil cúlra airgeadais acu, le chéile ceithre huaire le linn 2022.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúchóirí seachtracha agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothrom ar an seasamh atá ag Bord Bia. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird.

Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca faoi fhéinmheasúnú gach aon bhliain agus cuirtear na gníomhartha agus na moltaí a bhí mar thoradh air i bhfeidhm.

Tháinig an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta faoi láthair de thriúr comhaltaí den Bhord, D. MacSweeney, S. McPhillips agus T. Moran le chéile dhá uair in 2022. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba air; agus leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Tionóladh dhá chruinniú den Choiste Straitéise le linn na bliana. Tá seisear comhaltaí Boird ar an gCoiste Straitéise faoi láthair, D. MacSweeney, N. Browne, T. Keohane, T. Moran, S. McPhillips agus P. Murphy Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá i ndán do Bhord Bia a chur ar fáil agus cuireann sé leis an bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise.

Seoladh Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2022 - 2025, in Eanáir 2022, agus tá sé ag teacht le Vision 2030, agus cuimsíonn na chúig réimse fócais straitéise seo a leanas:

- Cur le Food Brand Ireland agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí cruthúnais.
- Bealaí níos fearr a aimsiú ionas gur féidir lenár gcliant agus lenár gcustaiméirí nascadh le chéile agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt.
- Tallann an tionscail a chothú agus a mhealladh agus treallús a chur faoi inniúlacht na gcliant.
- Tacú le nuálaíocht a bheidh faoi stiúir tuisceana agus forbairt ar an mbranda.
- Tacú leis an eagraíocht agus leis na páirtithe leasmhara agus cur ar a gcumas an straitéis a chur i bhfeidhm



## Cothromaíocht Inscne maidir le Comhaltacht an Bhoird

Amhail 31 Nollaig 2022, bhí 3 (23%) comhalta Boird mná agus 10 (77%) comhalta boird fir ar an mbord agus bhí dhá phost folamh. Dá bhrí sin, ní bhaineann an Bord amach sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% ar gach inscne a bheith ar chomhaltacht Bhoird Stáit.

Tá Bord Bhord Bia tiomanta go láidir cothromaíocht inscne a bhaint amach i measc a chomhaltacht, ag teacht le beartas Rialtais.

Tá aghaidh á thabhairt ag Bord Bhord Bia ar ar an gceist maidir le cothromaíocht inscne trí:

- Na bearnaí scileanna agus saineolais a mheas, in éineacht le comhdhéanamh reatha an Bhoird nuair a bheidh poist fholmha á líonadh, na deiseanna sin a thapú chun an Bord a neartú agus a chothromú tuilleadh.
- Tús áite a thabhairt do scileanna agus saineolas tionscail a bhfuil éileamh orthu nuair a bheidh poist fholmha á líonadh, ag cur béim níos lú ar thaithí roimhe seo ar bhord.
- Ceannasaíocht a thabhairt, in éineacht le AON agus i gcomhar leis an gCumann 30%, an Fóram Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta Agraibhia, (Ag-Dif) a bhfuil sé de chuspóir acu an clár D&I a thabhairt chun cinn i dtionscal agraibhia na hÉireann, leis an bhéim faoi láthair ar chothromaíocht inscne.

Is féidir a thabhairt ar aird go leagtar amach san Acht um an mBord Bia, arna leasú, go ndéanfaí ionadaíocht ar earnálacha agus scileanna sainithe ar leith ar an mBord. Má thagann folúntas chun cinn i gcásanna den chineál sin, chun a chinntiú go sásaítear ceanglais an Achta, ní mór tús áite a thabhairt sa phróiseas ceapacháin do shraith scileanna agus taithí ábhartha iarratasóra ar leith.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## Saoráil Faisnéise

Is eagraíocht fhorordaithe atá i mBord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúla:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir an dlí ag gach duine eolas oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis/léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí.

Chomh maith le ceanglais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá baint ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2019 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016 le Bord Bia chomh maith. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do príobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

## Comhionannas, Ilghnéitheacht agus Ionchuimsitheacht

Tá Bord Bia tiomanta go huile agus go hiomlán do chomhionannas deiseanna fostaíochta agus tá na cinntí go léir maidir le fostaíocht bunaithe ar fhiúntas, cáilíochtaí agus inniúlacht. Léirítear i mbeartas earcaíochta na heagraíochta an creideamh go bhfuil éagsúlacht i ngach réimse, lena n-áirítear, léiriú inscne, cultúir, glúine, teanga agus cúlra náisiúnta, riachtanach chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach sna margaí baile agus domhanda.

In 2022, agus i gcomhairliúchán leis an bhfoireann, rinneadh polasaí comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a fhorbairt do Bhord Bia, ag cur leis an obair sa réimse seo roimhe seo. Cheadaigh Foireann Shinsearach Ceannaireachta Bhord Bia an polasaí nua seo agus rinneadh é a sheoladh laistigh den eagraíocht. Tá sé mar aidhm amháin leis an bpolasaí timpeallacht a chruthú ina léirítear meas ar gach fostaí agus go bhfuil an deis aige/aici a bheith rannpháirteach agus deis a fháil laistigh den eagraíocht.

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an fhoireann ó thaobh riachtanais phearsanta agus gairme agus feidhmítear polasaithe cuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbairt ghairmiúil, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Tá polasaí maidir le gnéaschiapadh i bhfeidhm chun tacú le agus dínit an uile dhuine a chosaint. Rinneadh soláthairtí don fhoireann agus do chuairteoirí le míchumas fisiciúil nuair a bhí Mol Domhanda Bhord Bia á dhearadh agus á fheistiú, críochnaíodh an Mol in 2022.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Níor tharla aon nochtadh cosanta le Bord Bia le linn 2022.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thabharfaidh aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aici ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

## Cairt Seirbhíse

Leagtar amach i gCairt Seirbhíse Bhord Bia a thiomantais do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Caomhnú

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, na príomhréimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Tá úsáid laistigh de phríomhoifig Bord Bia mar a leanas:

| | 2022 |
|---|---|
| **KWH leictreachais** | 129,927 |

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint dramhaíola, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh chostéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

## Íocaíochtaí Prasa

De réir fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthróir go pras. Le linn 2022, íocadh 97% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

## Maoiniú ón Aontas Eorpach

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear, iad siúd do Mhairteoil agus d'Uaineoil, Prátaí, Uaineoil agus Bia Mara.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (na hAchtanna) chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir na n-achtanna, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## Costais Chomhairleoireachta

Áirítear ar na costais chomhairleoireachta an costas i ndáil le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh.



| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Dlí | **91** | 120 |
| Comhairle Cánach agus Airgeadais | **94** | 83 |
| Caidreamh Poiblí / Margaíocht | **0** | |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | | 0 |
| Feabhsú Gnó | **224** | 232 |
| Eile | **129** | 171 |
| | **140** | 0 |
| **Iomlán na gCostas Comhairleoireachta** | **678** | 606 |
| Costais Chomhairleoireachta Chaipitlithe | **140** | - |
| Costais chomhairleoireachta curtha chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe | **538** | 606 |
| **Iomlán** | **678** | 606 |

## Costais agus Socrúcháin Dlí

Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais sainchomhairleoireachta dlí, socrúcháin agus réitigh agus imeachtaí eadrána. Áirítear sna figiúirí thíos caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair Bord Bia a nochtar sna costais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - Comhairleoireacht Dlí | **91** | 120 |
| Íocaíochtaí Comhréitigh agus Eadrána | **-** | - |
| Socraíochtaí | | |
| **Iomlán na gCostas Dlí** | **91** | 120 |

## Costais Taistil agus Cothabhála

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| Boird | **18** | 1 |
| Fostaithe | **244** | 57 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Boird | **-** | - |
| Fostaithe | **974** | 263 |
| **Iomlán na gCostas Taistil agus Cothabhála** | **1,236** | 321 |

## Fáilteachas

Áirítear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | **8** | 4 |
| Fáilteachas Cliant | **-** | - |
| **Iomlán na gCostas Fáilteachais** | **8** | 4 |

## Ráiteas faoi chúrsaí comhlíontais

Tá an Cód Cleachtais uasdátaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Bord Bia go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón mbliain 2022.

**Dan MacSweeney, An Cathaoirleach**

**Jim O'Toole, Príomhfheidhmeannach**

# Struchtúr Eagraíochtúil

## Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartas agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.

## Eolas Ginearálta

### Ceannoifig:

140 Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 4, D04 NV34.

### Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Baincéirí:

Banc Aontais Éireann

### Aturnaetha:

Philip Lee Aturnaetha



## PRÍOMH-BHORD
Cathaoirleach

- **An Bord Feola & Beostoic**
  Cathaoirleach
- **An Bord Bianna Tomhaltóra**
  Cathaoirleach
- **An Bord Déiríochta**
  Cathaoirleach
- **An Bord Gairneoireachta**
  Cathaoirleach
- **An Bord Dearbhaithe Cáilíochta**
  Cathaoirleach

## An Príomhfheidhmeannach

- **Tiontú Gnó Margaidh**
- **Feoil, Bia agus Deoch**
- **Gairneoireacht**
- **Léargas Straitéiseach & Pleanáil**
- **Origin Green & Dearbhú Cáilíochta Inbhuanaithe**
- **Margaíocht & Cumarsáid**
- **Seirbhísí Corparáideacha**
- **Tallann san Eagraíocht & sa Tionscal**

# Struchtúr na Foirne

| An Príomhfheidhmeannach | Jim O'Toole |
|---|---|
| Léargas Straitéiseach | Nick Curtis Davis |
| Margaíocht agus Cumarsáid | Una Fitzgibbon |
| Forbairt Ghnó Dhomhanda | Shane Hamill |
| Seirbhísí Corparáideacha | Susan McDonnell |
| Tallann Eagraíochta agus Tionscail | Michael Murphy |
| Feoil, Bia agus Deochanna | John Murray |
| Gairneoirneacht agus Rannpháirtíocht Feirmeoirí | Mike Neary |
| Origin Green | Deirdre Ryan |

## Oifigí Thar Lear

| | |
|---|---|
| Amstardam | Laura Crowley |
| Dubai | Kieran Fitzgerald |
| Dusseldorf | Gabriele Weiss Brummer |
| Lagos | Ese Okpomo |
| Londain | Donal Denvir |
| Maidrid | Cecilia Ruiz |
| Milano | James O'Donnell |
| Nua-Eabhrac | Henry Horkan |
| Páras | Nicolas Ranninger |
| Shang-hai | Conor O'Sullivan |
| Singeapór | Vacant |
| Stócólm | Linda Madigan |
| Tóiceó | Joe Moore |
| Vársá | Krzysztof Pogorzelec |

## In 2022, tháinig foireann Bhord Bia ar ais ag obair ar an láthair tar éis dhianghlasáil COVID-19 agus an aistrithe chuig Mol Domhanda Bhord Bia. Seoladh polasaí nua maidir le hobair chumaisc, a léiríonn na hathruithe ar bhealaí oibre a bhí mar thoradh ar thréimhse fhada chianoibre agus ar obair ón mbaile.

Bhí rannpháirtíocht chomhghleacaithe Bhord Bia le cuspóir agus tiomantas na heagraíochta i leith seachadadh straitéise soiléir i dtorthaí shuirbhé agus creidiúnaithe foirne Áit Iontach le hOibriú. Chun cothabháil a dhéanamh ar nascacht foirne, tugadh faoi chlár cruinnithe agus faoi ghníomhaíocht cumarsáide Hallaí Baile míosúla ar feadh na bliana chun an fhoireann a choinneáil cothrom le dáta maidir le phríomhthionscnaimh na heagraíochta.

In 2022, d'fhan branda fostóra Bhord Bia láidir le leibhéil arda spéise i róil Bhord Bia go hinmheánach agus go seachtrach araon. Tá baint amach creidiúnú Bhord Bia mar Áit Iontach le hOibriú mar bhonn taca leis an seasamh seo. In 2022, reáchtáil Bord Bia 28 comórtas do róil bhuana. Tháinig ardú ar athrú foirne i gcomparáid le blianta eile, ach ag ráta níos ísle ná margaí inchomparáide.

Tháinig tuilleadh forbartha ar chreat bainistithe daoine cumasacha Bhord Bia agus tá sin comhdhéanta de chúig philéar:

1. **Earcú agus Roghnú** le fócas ar na daoine is cumasaí a earcú.
2. **Forbairt Cheannaireachta agus Bhainistíochta,** chun an bhainistíocht a chumhachtú ó thaobh tacú le agus comhghleacaithe a chumasú chun an straitéis a sheachadadh agus an tionchar a uasmhéadú.
3. **Leibhéil Arda Rannpháirtíochta Foirne** chun a chinntiú go dtuigeann gach comhghleacaí na tosaíochtaí gnó agus riachtanais na gcliant agus na bpáirtithe leasmhara agus go bhfuil siad ag seasamh leo.
4. **Creat Foghlama agus Forbartha** le béim ar fhorbairt a dhéanamh ar dhaoine cumasacha inmheánacha, agus infheistíochtaí oiliúna a dhéanamh atá cuí chun straitéis a sheachadadh agus ar an mbealach sin branda fostóra Bhord Bia a neartú le comhghleacaithe reatha agus comhghleacaithe a d'fhéadfadh a bheith ann; agus
5. **Pleanáil Chomharbais** le béim ar fhorbairt gairme luathaithe.

In 2022, dhírigh an Fhoireann Tallainne / Acmhainní Daonna ar na príomhthosaíochtaí seo a leanas:

- **Bainistiú Feidhmíochta agus Daoine den Chéad Scoth:** Cur le dea-chleachtais bainistithe daoine, le fócas ar chomhráite lá go lá agus ar bhaint amach tosaíochtaí. Spreagann Bord Bia stíl chóitseála agus mheantóireachta le béim ar dhaoine cumasacha a fhorbairt ar bhonn leanúnach. Cuirtear béim láidir ar phleananna forbartha pearsanta atá mar chuid ríthábhachtach de phróiseas forbartha pearsanta Bhord Bia.
- **Rannpháirtíocht Foirne** ardleibhéil chun tacú le cultúr agus luachanna uathúla Bhord Bia.
- **Creat foghlama agus forbartha** a fhorbairt don tréimhse 2022- 2024 chun a chinntiú go bhfuil na scileanna a bhfuil gá leo ag Bord Bia chun straitéis a sheachadadh sa todhchaí, lena n-áirítear, inbhuanaitheacht, pleanáil comhtháite cliant custaiméirí, agus cumasú digiteach.
- Cur an méid is fearr is féidir le **dearadh eagraíochta** agus feabhas leanúnach a chur ar shoiléireacht agus ar struchtúr róil ar mhaithe le cumas na heagraíochta a neartú chun an straitéis a sheachadadh. Rinneadh sainchuntais leasaithe a fhorbairt do gach ról agus foilsíodh é sin go hinmheánach.
- Raon éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí fostaithe ar fáil trí **Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna** (Acmhainní Daonna Bhord Bia) agus áis ticéadaithe Acmhainní Daonna comhtháite.

Léiríodh lúfaireacht chomhghleacaithe Bhord Bia go láidir in 2022 nuair a ghlac an eagraíocht bealaí inmheánacha nua oibre chun seachadadh a dhéanamh ar chuspóirí straitéiseacha. Bhí próiseas forbartha feidhmíochta Bhord Bia lárnach chun tosaíochtaí pearsanta daoine aonair a ailíniú le seachadadh Ráiteas Straitéise 2022 go 2025.

# Bord BhordBia

## CATHAOIRLEACH

**Dan MacSweeney**
Iar-Phríomhfheidhmeannach, Carbery Group.
Ceaptha an 1 Marta 2018

## COMHALTAÍ

**Lorraine Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta Brand Innovation Ireland
Ceaptha an 22 Eanáir 2019

**Niall Browne**
Príomhfheidhmeannach, Dawn Meats
Ceaptha an 8 Eanáir 2019

**Michael Cronin**
Comhairleoir Agraibhia
Ceaptha an 22 Eanáir 2019

**Tim Cullinan**
Uachtarán Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Ceaptha an 30 Eanáir 2020

**Patrick Fitzgerald**
Fitzgerald Nurseries
Ceaptha an 28 Lúnasa 2022

**Tony Keohane**
Cathaoirleach Uisce Éireann
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Karen Kerrigan**
Kerrigan's Mushrooms
Ceaptha an 16 Meitheamh, 2021

**Pat McCormack**
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
Ceaptha 19 Nollaig 2017

**Sinead McPhillips**
Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Ceaptha an 13 Feabhra 2018

**Tom Moran**
Iar-Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Pat Murphy**
Uachtarán agus POF Déirí Príomha & Agraghnó, Kerry Group Plc.
Ceaptha 28 Bealtaine 2019

**Jim Woulfe**
Iar-POF Comharchumann Dairygold
Ceaptha 28 Lúnasa 2022

## Príomhfheidhmeannach

**Jim O'Toole**

## Rúnaí/Stiúrthóir

**Susan McDonnell**

## Athruithe le linn 2022

Athcheaptha an 22 Eanáir 2022
**Lorraine Allen**
**Michael Cronin**

Athcheaptha an 9 Feabhra 2022
**Niall Browne**

Athcheaptha an 1 Iúl 2022
**Patrick McCormack**
**Pat Murphy**

Ceaptha an 28 Lúnasa 2022
**Patrick Fitzgerald**
**Jim Woulfe**

# BordBia - An Bord Bianna Tomhaltóra

## CATHAOIRLEACHT

**Lorraine Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta Brand Innovation Ireland

## COMHALTAÍ

**Alison Cowzer**
Comhbhunaitheoir
East Coast Bakehouse

**Margaret Daly**
Leas-Phríomhfheidhmeannach
Errigal Bay

**Kathryn D'Arcy**
Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáide
Irish Distillers

**Jacquie Marsh**
Stiúrthóir, The Butler's Pantry

**Larry Murrin**
Stiúrthóir Bainistíochta, Dawn Farm Foods

**Catherine Neilson**
Comhairleoir Neamhspleách

**John Noonan**
Comhairleoir Neamhspleách

**Pat Rigney**
Stiúrthóir Bainistíochta, Fastnet Brands Co. Ltd.

**Simon Walker**
Príomhfheidhmeannach
Kepak Convenience Foods

## Athruithe le linn 2022

Athcheaptha an 18 Eanáir 2022
**Lorraine Allen (Chair)**

Athcheaptha an 24 Márta 2022
**Alison Cowzer**
**Larry Murrin**
**John Noonan**
**Simon Walker**

Athcheaptha an 14 Iúil 2022
**Margaret Daly**

Athcheaptha an 4 Deireadh Fómhair 2022
**Jacquie Marsh**

## Athruithe le linn 2023

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 25 Feabhra 2023
**Maurice Hickey**
**Michelle Walshe**

# **BordBia** - An Bord Feola agus Beostoic

## CATHAOIRLEACH

**Tony Keohane**
Cathaoirleach Uisce Éireann

## COMHALTAÍ

**Kevin Comiskey**
Cathaoirleach an Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Sorcha Donnelly**
Stiúrthóir Tráchtála, Kepak

**Brendan Golden**
Cathaoirleach, an Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Jim Hanley**
Príomhfheidhmeannach, Rosderra Irish Meats

**Sarah Hanley**
Feidhmeannach ar Bheartas Muc agus Éanlaithe, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Martin Kane**
Stiúrthóir Bainistíochta, ABP Ireland

**Frank McMyler**
Bainisteoir Tíre, Manor Farm

**Jack Molloy**
Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann

**Des Morrison**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**Kevin Quinn**
Quinn International Livestock

**Nigel Sweetnam**
Cathaoirleach Náisiúnta Éanlaithe, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

## Athruithe le linn 2022

Athcheaptha (Cathaoirleach) an 18 Eanáir 2022
**Tony Keohane**

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 5 Feabhra 2022
**Des Morrison**

Athshannta an 1 Márta 2022
**Ado Carton**
**Manor Farm**

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 15 Meitheamh 2022
**Brendan Golden**

Athshannta an 30 Lúnasa 2022
**Des Morrison**

Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2022
**Kevin Comiskey**
**Frank McMylar**
**Nigel Sweetnam**

Athcheaptha an 4 Deireadh Fómhair 2022
**Brendan Golden**
**Jim Hanley**

# **BordBia** - An Bord Déiríochta

## CATHAOIRLEA CH

**Tom Moran**
Iar-Ard-Rúnaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## COMHALTAÍ

**Stephen Arthur**
Cathaoirleach, Coiste Déiríochta FAÉ

**Louise Byrne**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Pat Clancy**
Comharchumann Dairygold

**Eleanor Collins**
Príomhoifigeach Airgeadais, Príomhghnó Déiríochta, Kerry Group

**Anne Maria Cotter**
ICMSA

**Anne Marie Henihan**
Príomhfheidhmeannach Ionad Teicneolaíochta Táirgthe Déirí, UCL

**John Holland**
COO, Carbery

**William Meagher**
ICOS

**Aoife Murphy**
Stiúrthóir Comhábhair, Tirlan

**Karina Pierce**
Ollamh, Táirgthe Déirí, UCD

**Anne Randles**
Ornua

**Eoghan Sweeney**
Stiúrthóir Tráchtála, Lakeland Dairies

## Athruithe le linn 2022

Athcheaptha (Cathaoirleach) an 1 8 E a nái r 2022
**Tom Moran**

Athshannnta an 22 Márta, 2022
**Lorcan McCabe**

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 15 Meitheamh 2022
**Pat Shiels**

Ceaptha an 1 Iúl 2022
**Anne Randles**

Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2022
**Anne Maria Cotter**

## Athruithe le linn 2023

Ceaptha an 2 Márta 2023
**Eoghan Sweeney**

# BordBia - An Bord Dearbhaithe Cáilíochta

## CATHAOIRLEACH

**Michael Cronin**
Comhairleoir Agraibhia

## COMHALTAÍ

**Ruth Dalton**
Musgraves

**Maria Dunne**
Rannóg na Feola agus an Bheartais Feola,
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Maeve Henchion**
An Rannóg Gnó Agraibhia agus Anailís Spáis, Teagasc

**Noel Murphy**
Cathaoirleach an Choiste Déiríochta, ICMSA

**Paul Nolan**
Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Meats

**Liam O'Flaherty**
Comharchumann Dairygold

**Brian Rushe**
Leas-Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Siobhan Ward**
Bainisteoir Teicniúil, Country Crest

## Athruithe le linn 2022

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 15 Meitheamh 2022
**Maurice Walsh**
**Liam O'Flaherty**

Athcheaptha an 4 Deireadh Fómhair 2022
**Liam O'Flaherty**

Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2022
**Noel Murphy**

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 21 Samhain 2022
**Dermott Jewell**
**Ruth Dalton**
**Paul Nolan**

## Athruithe le linn 2023

D'éirigh as an 11 Eanáir 2023
**Margaret Farrelly**
Clonarn Clover

Chríochnaigh an Téarma Oifige an 25 Feabhra 2023
**Paul Bell**
Cathaoirleach an Choiste Deimhniúcháin

Athcheaptha an 6 Márta 2023
**Ruth Dalton**
**Paul Nolan**

# BordBia - An Bord Gairneoireachta

## CATHAOIRLEACH

**Karen Kerrigan**
Kerrigan Mushrooms

## COMHALTAÍ

**Ann Bolger**
Wonderfoods

**Martin Flynn**
Stiúrthóir Bainistíochta MF Nurseries

**Anna Kavanagh**
Horticulturalist and Sector Consultant

**Celine Murrin**
University College, Dublin

**Sarah Slazenger**
Stiúrthóir Bainistíochta
Powerscourt Estate and Garden Centre

**Padraig Tully**
Tully Nurseries

**Dr Jude Wilson**
An Príomhoifigeach, MBio - Monaghan Mushrooms

## Athruithe le linn 2022

### Chríochnaigh an Téarma Oifige an 28 Bealtaine 2022

**Brian O'Reilly**
Mushroom Grower

**Eoin Reid**
Fernhill Garden Centre

### Chríochnaigh an Téarma Oifige an 15 Meitheamh 2022

**Paul Brophy**
Paul Brophy Produce

### Chríochnaigh an Téarma Oifige an 21 Samhain 2022

**Thomas McKeown**
Bradley Farm

## Athruithe le linn 2023

### Ceaptha an 2 Feabhra 2023

**Martin Flynn**
**Anna Kavanagh**
**Sarah Slazenger**
**Jude Wilson**

### Chríochnaigh an Téarma Oifige an 25 Feabhra 2023

**Matt Foley**
Kilbush Nurseries

**Con Traas**
The Apple Farm

**Celine Murrin**
Scoil Sláinte Poiblí UCD

# Cuntais

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Bia

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Bia don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir fhorálacha alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Bia amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar ioncam agus caiteachas don bhliain 2022 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102

— An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis san RA agus in Éirinn.

### *An bonn atá leis an tuairim*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an mBord Bia agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

### *Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile*

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an mBord Bia. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Boird agus ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Andrew Harkness**
**Do agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**20 June 2023**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird i leith seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chur i bhfeidhm a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994 ráitis airgeadais an Bhoird Bia a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Bia leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an mBord Bia scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí. Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Bhord Bia, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn, mar a dearnadh cur síos uirthi sa Ráiteas Corparáideach, a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad i dtréimhse thráthúil. Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord Bia don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## An Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta agus le sócmhainní a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí na nithe seo a leanas:

- Nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar atá inghlactha.
- Measúnú ar an seans go dtarlódh rioscaí aitheanta.
- Obair a dhéanamh go dlúth leis an Rialtas, teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara sa tionscal bia agus dí agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Nósanna imeachta a bhunú d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scéimeanna agus na cláir arna stiúradh ag an gcomhlacht de réir na reachtaíochta a rialaíonn a bhfeidhmiú agus go bhfuil córais chuí bainistithe riosca socraithe.

Is í tuairim an Bhoird go raibh na próisis atá i bhfeidhm d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a mheas ag oibriú go héifeachtach agus mar is cuí i rith na tréimhse. Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt agus córas tarmligthe agus cuntasachta.

Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Caiteachais Phoiblí.
- Próisis rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil sainithe go soiléir.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Bord Bia, a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach chuig Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an gcomhlacht agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin.

Ceadaíonn Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird an anailís riosca agus an plean Iniúchta Inmheánaigh agus tuairiscítear iad don Bhord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú de Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus ag gach cruinniú den Bhord. Tagann Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais um Rialú Inmheánach a athbhreithniú agus a dhearbhú.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireann obair an Iniúchóra Inmheánaigh monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach ar an eolas, mar aon le Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Bhord Bia atá freagrach as creat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil agus a chuirtear ar an eolas trí obair an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste ina iniúchadh bliantúil. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## Soláthar

Tugadh faoi phróiseas dearbhaithe cáilíochta, i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, i rith na tréimhse iniúchta. Deimhníodh go bhfuil an comhlacht ag comhlíonadh na rialacha reatha soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí.

## Tionchar Phaindéim Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

D'athraigh tús phaindéim Covid-19 ag tús na bliana 2020, agus na bearta comhairle sláinte poiblí agus sábháilteachta a d'eascair as sin, cleachtais oibre Bhord Bia agus bhí an chianobair ina gnáthchleachtas d'fhoireann Bhord Bia.

Rinne Bord Bia monatóireacht go géar ar fhorbairtí, d'fhonn na rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmiú gnó, foireann agus páirtithe leasmhara Bhord Bia a mhaolú. Thug na bearta sin cead dúinn leanúint orainn den chuid is mó lenár bhfeidhmeanna a sholáthar agus ag an am céanna caighdeáin láidre smachta a choimeád.

I measc na mbeart a rinneadh, bhí:

- Oibríochtaí gnó Bhord Bia a aistriú chuig timpeallacht chianoibre ina bhféadfadh formhór na bpróiseas gnó leanúint ar aghaidh mar is gnách.
- Go leor nósanna imeachta agus foirmeacha páipéarbhunaithe a aistriú chuig formáid leictreonach.
- A chinntiú go raibh freagra gnó Bhord Bia ar an bpaindéim á stiúradh agus á threorú ag Grúpa Bainistithe Géarchéime, ina raibh comhaltaí den SLT agus den bhainistíocht shinsearach.
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim Covid-19 agus lúfaireacht Bhord Bia chun freagra a thabhairt go héifeachtach, lena n-áirítear obair nua a eascraíonn as an bpaindéim a bhainistiú agus pleananna agus cláir a athbhreithniú chun a chinntiú go raibh riachtanais na gcliant á gcomhlíonadh. Áirítear orthu sin rioscaí a bhain le Covid-19 a chur leis an gClár Rioscaí Corparáide.
- A chinntiú go raibh deighilt láidir na ndualgas fós i bhfeidhm agus go raibh sí á feidhmiú go héifeachtach.
- A chinntiú go raibh feidhm fós ag gach polasaí agus nós imeachta atá ann cheana sa timpeallacht chianoibre agus go ndearnadh monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is iondúil.
- Nósanna imeachta a uasdátú agus prótacal cuí a fhorbairt le go mbeidh teacht ar an oifig ar bhealach comhlíontach sláinte poiblí agus sábháilteachta i gcás go raibh an teacht sin riachtanach chun ár bhfeidhmeanna a bhaint amach.
- A chinntiú go raibh teacht ag baill foirne ar líonra Bhord Bia trí úsáid a bhaint as trealamh TFC atá ceadaithe ag Bord Bia agus go raibh an trealamh TFC riachtanach ag gach ball foirne a bhí i mbun cianoibre le go mbeidh siad in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte.
- Measúnú a dhéanamh ar na laigí a d'fhéadfadh a bheith ann i rialuithe inmheánacha mar thoradh ar Covid-19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus iad a uasdátú más gá.


## Athbhreithniú Ar Éifeachtacht

Dearbhaím go ndearna an Bord i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022 athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach. Rinneadh an t-athbhreithniú i mí na Samhna / na Nollag 2022 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca i mí an Mhárta 2023 agus faoi bhráid an Bhoird i mí Aibreáin 2023.

